RÉITIGH GHÉARCHÉIME

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2020

An Banc Eorpach Infheistíochta
Banc an AE

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

RÉITIGH GHÉARCHÉIME

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2020

An Banc Eorpach Infheistíochta

Banc an AE

Tuarascáil Ghníomhaíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 2020

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2021.
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg
+352 4379-1
info@eib.org
www.eib.org
twitter.com/eib
facebook.com/europeaninvestmentbank
youtube.com/eibtheeubank

Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.
Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le info@eib.org. Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Arna chur i gcló ar Munken Polar, bouffant 1.13, FSC® Mix blanc.

Úsáideann an BEI páipéar atá deimhnithe ag an gComhairle um Maoirseacht Foraoisí (FSC). Déanaimid amhlaidh toisc gur daoine ar breá leo crainn a dhéanann é.
Déanann an FSC bainistiú foraoisí ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de, tairbheach go sóisialta, agus inmharthana ar bhonn eacnamaíoch a chur chun cinn ar fud an domhain.

Is eol do chách go bhfuil an léitheoireacht go maith duit. Tá sí go maith don phláinéad, leis – ar chuntar go bhfuil an páipéar ceart á léamh agat.

Arna chur i gcló ag Imprimerie Centrale

MEASCÁN
Ó fhoinsí freagracha
FSC
www.fsc.org
FSC® C103749

print: QH-BF-21-001-GA-C ISBN 978-92-861-4890-3 ISSN 2600-1004 doi:10.2867/273
pdf: QH-BF-21-001-GA-N ISBN 978-92-861-4866-8 ISSN 2600-1012 doi:10.2867/071359

CÉN CHAOI AN TUARASCÁIL A LÉAMH

Tá práinn leis an téarnamh ó thionchar geilleagrach COVID-19, ach ní mór don téarnamh sin tús áite a thabhairt don chomhshaol agus cothrom na Féinne a thabhairt dóibh siúd i dtíortha atá i mbéal forbartha. **TUGTAR LÉARGAS SA TUARASCÁIL SEO AR FHREAGAIRT ÉIGEANDÁLA AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA AR COVID-19 IN 2020, LE COIS NA nINFHEISTÍOCHTAÍ SAN AERÁID, SA CHOMHSHAOL AGUS I bhFORBAIRT LENA SPREAGFAIDH AN BANC FÁS ARÍS AR BHEALACH INBHUANAITHE.**

TÁ AN CHUID LÁIR DEN TUARASCÁIL BUNAITHE AR THRÍ THÉAMA, iad dírithe ar roinnt de réitigh an Bhainc ar ghéarchéim COVID-19, ar dhíghrádú na haeráide agus an chomhshaoil, agus ar an ngá le forbairt inbhuanaithe. Ag tús na "Réiteach" seo tugann príomhbhaill foirne as gach cearn den Bhanc míniú ar an gcaoi ar fhreagair an BEI do bhliain lán le géarchéimeanna agus ar a ndearna leis an mbealach a réiteach do nuálaíocht agus fás amach anseo. Tugtar cuntas ansin ar ghné de shaothar an Bhainc i nuálaíocht, infreastruchtúr, FBManna, agus aeráid agus comhshaol laistigh den Aontas Eorpach (an AE) agus níos faide i gcéin.

CUIRTEAR NA RÉITIGH SIN I gCOMHTHÉACS SA CHUID EILE DEN TUARASCÁIL: ón smaointeoireacht straitéiseach is léir san Fhocal ón Uachtarán chuig na sonraí maidir le gníomhaíochtaí tugtha agus fála iasachtaí an Bhainc, chomh maith le súil chun cinn ar an mbliain atá romhainn i mbuaicphointí Phlean Oibriúcháin an Ghrúpa.

INSINT Í AN TUARASCÁIL SEO AR SCÉAL INSTITIÚIDE AIRGEADAIS ATÁ AG TROID AR GACH UILE LEIBHÉAL – ÓN TACAÍOCHT A THUGTAR DO MHICRIASACHTAÍ GO CLÁIR ILTAOBHACHA FORBARTHA – LE TEACHT AR RÉITIGH AR NA GÉARCHÉIMEANNA ATÁ THART ORAINN.

CLÁR NA nÁBHAR

3 **CÉN CHAOI AN TUARASCÁIL SEO A LÉAMH**

6 **FOCAL ÓN UACHTARÁN** CRUTHÚNAS GO nDÉANANN AN EORAIP BEART DE RÉIR A BRIATHAIR

8 **BUAICPHOINTÍ 2020** SONRAÍ IASACHTAITHE AGUS TIONCHAIR

10 **AN BEI I DO THÍR** IASACHTÚ DE RÉIR TÍRE

12 **AN CEIS I DO THÍR** AN CISTE EORPACH UM INFHEISTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA DE RÉIR TÍRE

14 **AN BEI AR FUD NA CRUINNE** IASACHTÚ TAOBH AMUIGH DEN AONTAS EORPACH

16 **RÉITIGH COVID:** AN FÓD Á SHEASAMH AG AN BEI IN AGHAIDH NA PAINDÉIME

- 18 FREAGAIRT GHASTA: AN CISTE RÁTHAÍOCHTA UILE-EORPACH
- 20 CÓIREÁIL, TÁSTÁIL, VACSAÍNIÚ: PRÍOMH-INFHEISTÍOCHTAÍ I VACSAÍNÍ, TEIRIPÍ AGUS TÁSTÁLACHA COVID-19
- 24 'CABHAIR AS NA FLAITHIS CHUGAINN': TACAÍOCHT GHÉARCHÉIME COVID-19 DO GHNÓTHAIS BHEAGA SAN IODÁIL
- 26 LÁMH THARRTHÁLA DO THUAISCEART NA SPÁINNE: TACAÍOCHT GHÉARCHÉIME COVID-19 DO GHNÓTHAIS BHEAGA SA SPÁINN
- 28 AR AIS CHUIG NA BUNPHRIONSABAIL: INFHEISTÍOCHTAÍ SA CHÚRAM SLÁINTE SAN UNGÁIR AGUS I bPOBLACHT NA SEICE

30 **RÉITIGH AERÁIDE:** TUGANN SAINEOLAITHE DÁR gCUID A MEAS AR DHÚSHLÁN AN ATHRAITHE AERÁIDE

- 32 PLEAN DON PHLÁINÉAD: TREOCHLÁR AN BHAINC AERÁIDE
- 34 NUAIR NACH SÉIDEANN AN GHAOTH: CADHNRAÍ NUÁLACHA ÓN tSUALAINN DO THITHE AGUS CARRANNA
- 36 A LIG MONTY PYTHON I nDEARMAD FAOIN LÚIPÍN CISTE CIORCLACH BITHGHEILLEAGAIR
- 37 AN INBHUANAITHEACHT SA SPÁS: SONRAÍ ATHRAITHE AERÁIDE AGUS TEICNEOLAÍOCHT NUASPÁIS SAN IODÁIL
- 38 CRUACH GHLAS, CRUACH CHIORCLACH: DÍCHARBÓNÚ CRUACH AGUS BITHBHREOSLA SA BHEILG
- 40 RÚIN LE NOCHTADH: STAIDÉAR A DHÉANAMH AR AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS AR THUBAISTÍ NÁDÚRTHA SA GHRÉIG
- 42 PLEAN I gCOMHAIR NA BEATHA: ATHSMAOINEAMH A DHÉANAMH AR AN bhFORBAIRT UIRBEACH IN BARCELONA
- 43 AN COMHAONTÚ GLAS I nGNÍOMH: BORRADH FAOIN bhFUINNEAMH IN-ATHNUAITE SA PHOLAINN

44 **RÉITIGH FORBARTHA:** MEON DOMHANDA

- 46 FAOISEAMH TAPA: GNÍOMHAÍOCHT SCIOBTHA IN AGHAIDH COVID-19 I gCÓRAS SLÁINTE MHARACÓ
- 49 AISLINGÍ NA nÓG A THABHAIRT SLÁN: SA SEOMRA RANGA I MARACÓ AGUS SA TÚINÉIS
- 50 DLÚTHPHÁIRTÍOCHT I dTAOBH VACSAÍNÍ: A COTHROM DE NA VACSAÍNÍ IN AGHAIDH COVID-19 DON AFRAIC
- 53 AN BHAGAIRT AICÍDEACH EILE: VACSAÍN IN AGHAIDH NA hEITINNE DON DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA
- 55 CÁIS ÓN tSEOIRSIA A BHFUIL BLAS NA hEILVÉISE UIRTHI: MAOINIÚ ÓN AE DO CHOMHARSA SAN OIRTHEAR
- 56 PÁISTÍ DIGITEACHA: SCOILEANNA SA tSEIRBIA ATHRAITHE Ó BHONN AG AN TEICNEOLAÍOCHT

58 **BUAICPHOINTÍ IASACHTA**

60 **RIALACHAS AGUS PLEAN OIBRIÚCHÁIN AN GHRÚPA**

62 **SÚIL CHUN CINN** AN MÉID A BHFUIL SÚIL AG BAILL FOIRNE LÁRNACHA DE CHUID AN BEI A FHEICEÁIL INA nEARNÁIL NÓ A MARGADH FÉIN IN 2021

FOCAL ÓN UACHTARÁN
CRUTHÚNAS GO nDÉANANN AN EORAIP BEART DE RÉIR A BRIATHAIR

Nuair a tháinig paindéim COVID-19 chun cinn ar dtús, ghníomhaigh an Banc Eorpach Infheistíochta go deimhneach le poist a chosaint, le tacú leis na tionscadail siúd ba mheasa a bhí buailte agus leis na tuairteanna geilleagracha ba mhó a mhaolú. Nuair a rinneamar amhlaidh, ní dheachamar siar ar ár bhfocal maidir leis an troid fhadtéarmach in aghaidh na bagartha aeráide. Bhaineamar leas as an taithí agus as an saineolas atá againn lenár spriocanna aeráide a fhí ina chéile lenár bhfreagairt ar an bpaindéim. Ní rachadh sé chun leasa aon duine rudaí a atógáil gan aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna. I gcomhar leis an BEI, éireoidh leis an Eoraip agus leis an domhan mór déanamh níos fearr.

In 2020 thugamar aghaidh ar COVID-19 féin agus rinneamar infheistíochtaí i gcuideachtaí a bhí ag déanamh taighde ar thástálacha, ar theiripic agus ar vacsaíní. Ina measc siúd bhí BioNTech, an chuideachta ar éirigh léi an gcéad vacsaín cheadaithe a chur amach. Thacaigh an maoiniú a chuireamar ar fáil le córais shláinte i dtíortha ar fud an Aontais Eorpaigh agus le forbairt príomhtheicneolaíochtaí a ghiorróidh an phaindéim seo. Chuamar i ngleic le tionchar an ghalair ar an ngeilleagar nuair a rinneamar neart bearta láithreacha le leachtacht a chur isteach sa gheilleagar, ar mhaithe le gnóthais bheaga go háirithe, agus rinneamar an méid sin fiú agus beart ní ba chuimsithí darb ainm an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach á ullmhú againn.

Éagsúil le tuairteanna eile roimhe seo, is ón bhfíorgheilleagar a tháinig an ghéarchéim áirithe seo, ní ó na hearnálacha airgeadais ná fiachais cheannasaigh. Bhí na milliúin gnóthas breá sláintiúil buailte go tobann ag fadhbanna leachtachta de dheasca orduithe dianghlasála. Trí thacú le hinfheistiú san fhíorgheilleagar, mar sin, tá an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach ag déanamh a chion féin lena chinntiú go gcosnaítear gnóthais shláintiúla (agus na poist a chuireann siad ar fáil) – agus nach n-aistreoidh na deacrachtaí atá ag cur as dóibh chuig an earnáil bhaincéireachta agus, uaithi sin, ar aghaidh chuig cláir chomhardaithe na hearnála poiblí.

Mar an t-iasachtaí agus an t-iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann, thugamar an-aird ar na himpleachtaí a bheadh i gceist lenár gcuid infheistíochtaí i leith na ndúshlán a bheadh fós ann tar éis dúinn an lámh in uachtar a fháil ar COVID-19. Agus is le dearcadh domhanda a rinneamar an méid sin. Tá ár gcuid infheistíochtaí idir inbhuanaithe agus ghlas, a fhágann gur féidir linn troid in aghaidh na paindéime agus an bealach a réiteach don streachailt in éadan an athraithe aeráide, a thiocfaidh go cnámh na huillinne sna 10 mbliana amach romhainn. Chuamar i gcomhar le heagraíochtaí iltaobhacha agus le hinfheisteoirí eile lena chinntiú go ndéanfaí an réiteach ar COVID-19 a roinnt le tíortha atá i mbéal forbartha freisin agus, chuige sin, d'fhaomhamar margadh €400 milliún le COVAX, tionscnamh domhanda arb aidhm leis rochtain chothrom ar vacsaíní i dtíortha i mbéal forbartha a chur chun cinn. Freagracht mhorálta a bhí ann i ndáiríre, agus cúnamh é freisin i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Ó thaobh forbartha de, chomh maith, ní mór dúinn an fonn le poist a chruthú agus an geilleagar a fhás a réiteach le cur chuige dáiríre i leith na hinfheistíochta aeráide. Tar éis an tsaoil, ní chuirfidh an méid a dhéanfaimidne ar son na haeráide san Aontas Eorpach stop leis an téamh domhanda leis féin, toisc gur taobh amuigh den Aontas Eorpach a ghintear 90% de na hastaíochtaí. Dá n-úsáidfí stáisiúin chumhachta ghualbhreoslaithe nó ghásbhreoslaithe mar fhreagairt ar an éileamh atá ag fás ar fhuinneamh san Afraic, cuir i gcás, ní bheadh inár n-uaillmhianta aeráide ach am amú.

Tá níos mó i gceist le leathadh cothrom na n-infheistíochtaí ná an scoilt dhomhanda idir an tuaisceart agus an deisceart. Tá moill tagtha le blianta beaga anuas ar an ráta coinbhéirseachta réigiúnaí laistigh den Aontas Eorpach, idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe go háirithe. Ní mór dúinn deimhin a dhéanamh de nach gcuirfeadh COVID-19 leis an scoilt sin. Amhail COVID-19 agus an t-athrú aeráide, tá ár gcuid infheistíochtaí comhtháthaithe dírithe ar dhul chun cinn geilleagrach agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Is é fírinne an scéil go bhfuil an-chiall ó thaobh margaidh

FOCAL ÓN UACHTARÁN

> **"Tá an BEI anois ar an gcéad banc iltaobhach forbartha nach gcaithfidh pingin rua ar aon rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar an aeráid"**

de leis an Aistriú Cóir Cothrom, a thacaíonn le réigiúin atá ag tabhairt droim láimhe do thionscail is cúis le truailliú. Féach ar dhea-theist an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (an CEIS), colún airgeadais an Phlean Infheistíochta don Eoraip, ar éirigh leis in 2020 a sprioc 5 bliana a bhaint amach tar éis dó tacú le breis is €500 billiún d'infheistíochtaí. Tá an CEIS faoi lánthionchar an mhargaidh, ach mar sin féin, is iad an Eastóin, an Ghréig, an Bhulgáir, an Phortaingéil agus an Laitvia na cúig fhaighteoir is mó a bhfuil iasachtaí ón BEI faoi ráthaíocht an CEIS acu, arna dtomhas le taobh OTI. Is i gceantair chomhtháthaithe atá ceithre cinn as gach deich n-oibríocht de chuid an CEIS lonnaithe. Nuair a bhí deis le tapú a bhuíochas lenár dtacaíocht, thapaigh réigiúin chomhtháthaithe an deis sin le tionscadail a bhí iontaofa ó thaobh brabúis de. Spreag an CEIS infheistíochtaí fud fad na hEorpa a mbeadh an iomarca riosca ag baint leo dá uireasa. Léiriú é an CEIS ar an gcaoi ar féidir méid measartha beag a chaitheamh le tacú le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach. Tá tábhacht nach beag ag baint leis sin i gcomhthéacs an Aistrithe Chóir Chothroim agus tugann sé taithí fhiúntach dúinn is féidir linn a úsáid le bonn eolais a chur faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, is é sin clár spreagthach COVID-19 an Aontais Eorpaigh.

In 2020 bhíomar fós lándaingean inár ndearcadh go mbeadh na 10 mbliana romhainn cinniúnach maidir leis an aeráid. Is i dTreochlár an Bhainc Aeráide, arna fhaomhadh ag ár mBord i mí na Samhna, atá na paraiméadair mhionsonraithe leagtha amach dár n-obair ar son na haeráide idir 2021 agus 2025. Aibhsítear sa doiciméad ceannródaíoch seo an gealltanas atá tugtha againn go mbeidh gach a ndéanaimid ag teacht le Comhaontú Pháras. Tá an BEI anois ar an gcéad banc iltaobhach forbartha nach gcaithfidh pingin rua ar aon rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar an aeráid. Is é an BEI banc aeráide an AE, agus léirítear sa rannán is mó den Tuarascáil Ghníomhaíochta seo a bhfuil ar bun againn d'fhonn dul i ngleic leis an téamh domhanda.

Braithfidh ár n-uaillmhianta maidir le gníomhú ar son na haeráide go mór ar an nuálaíocht. Ní féidir linn dul i muinín na múnlaí gnó atá ann cheana féin leis na ciorruithe ollmhóra ar astaíochtaí a dhéanamh de réir spriocanna Chomhaontú Pháras. Caithfimid an fuinneamh in-athnuaite agus na teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh atá ar an bhfód cheana a úsáid i bhfad Éireann níos mó, chomh maith le teicneolaíochtaí nua aeráide a fhorbairt. Ach cuireann aon chor chun donais eacnamaíoch isteach ar infheistíochtaí i dteicneolaíocht nua de bharr go meastar iad a bheith contúirteach agus neamhriachtanach. Ní fhéadfadh meath ar an nuálaíocht a bheith ní ba mhíthráthúla. Tá buanna na teicneolaíochta ag teastáil ón Eoraip agus ón domhan mór níos mó anois ná riamh: athrú ó bhonn ar na sean-nósanna gnó agus fás luathaithe easpónantúil.

Tá an BEI ag déanamh a chion féin le daoine a choinneáil ag infheistiú sa nuálaíocht. Trí mhaoiniú fadtéarmach a chur ar fáil agus riosca infheistíochta a laghdú, cuirimid timpeallacht mhargaidh níos intuartha chun cinn inar féidir le teicneolaíochtaí nua, inbhuanaithe teacht faoi bhláth. Níl an méid a thugaimid amach ar iasacht ina shlat tomhais ar an gcaoi a bhfuil ag éirí linn. Is é is tábhachtaí linn ná an tionchar a bhíonn againn, ár gcion féin a dhéanamh le hathruithe struchtúracha ar gheilleagar na hEorpa a bhaint amach, agus rathúnas agus sábháilteachta gnáthdhaoine ar fud na cruinne a chur chun cinn. Is cruthúnas é an Banc Eorpach Infheistíochta go ndéanann an Eoraip beart de réir a briathair.

Werner Hoyer

BUAICPHOINTÍ 2020

GRÚPA AN BEI

IOMLÁN NA SÍNITHE COVID-19 | **€25.5bn**

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA
GNÍOMHAÍOCHT IN 2020

TIONSCADAIL A FAOMHADH	**€82.8bn**
An tAontas Eorpach	€69.8bn
Lasmuigh den AE	€13bn
SÍNITHE	**€66.1bn**
An tAontas Eorpach	€56.8bn
Lasmuigh den AE	€9.3bn
EISÍOCAÍOCHTAÍ	**€57.8bn**
An tAontas Eorpach	€51.6bn
Lasmuigh den AE	€6.2bn
ACMHAINNÍ A TIOMSAÍODH (ROIMH BHABHTÁLACHA)	**€70 bn**
Príomhairgeadraí (€, GBP, USD)	€63bn
Airgeadraí eile	€7bn

Tionchar an BEI



*Is éard atá i gceist le líon na bpost a coinníodh in GBManna ná líon na bhfostaithe in GBManna/cuideachtaí meánchaipitlithe ar cuireadh maoiniú ón BEI ar fáil i dtaca leo in 2020 agus líon na bhfostaithe in GBManna ar cuireadh maoiniú ón CEI ar fáil i dtaca leo ó Dheireadh Fómhair 2019 go Meán Fómhair 2020.

Déanann an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI), is cuid de Ghrúpa an BEI, sainchúram den mhaoiniú riosca le tacú le micreaghnóthais agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus le fás agus nuálaíocht a spreagadh fud fad na hEorpa. Cuireann sé idir mhaoiniú agus saineolas ar fáil i dtaca le hinfheistíochtaí stuama, inbhuanaithe agus oibríochtaí ráthaíochta. I measc scairshealbhóirí an CEI tá an BEI, an Coimisiún Eorpach, bainc phoiblí agus phríobháideacha agus institiúidí airgeadais.

AN CISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA

GNÍOMHAÍOCHT IN 2020

SÍNITHE	**€12.9bn**
Cothromas	€3.6bn
Urrúis	€9.1bn
Micrea-airgeadas	€0.2bn

65 900
Líon na dteaghlach i dtithíocht shóisialta inacmhainne nua nó athchóirithe

280 milliún
Líon na ndaoine a gheobhaidh an vacsaín in aghaidh COVID-19

29.6 milliún
Líon na ndaoine a bhfuil fáil acu ar uisce óil níos sábháilte

1.8 milliún
Líon na ndaoine atá i mbaol laghdaithe tuilte

380 milliún
Líon na dturas breise sa bhliain a dhéantar ar mhodhanna iompair phoiblí arna maoiniú ag an BEI

145 000 heicteár
Achar na bhforaoisí nua a cuireadh

Is éard atá sna figiúirí ná na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó oibríochtaí maoinithe nua a síníodh den chéad uair in 2020 bunaithe ar na sonraí atá ar fáil i láthair na huaire. Figiúirí neamhiniúchta, sealadacha atá sna figiúirí uile.

GRÚPA AN BEI I DO THÍR



Dá dhorcha an dath is ea is mó an infheistíocht mar chéatadán den OTI

AN FHIONLAINN
€1.10 billiún 0.47% den OTI
AN tSUALAINN
€2.38 billiún 0.51% den OTI
AN EASTÓIN
€0.67 billiún 2.48% den OTI
AN LAITVIA
€0.08 billiún 0.27% den OTI
AN LIOTUÁIN
€0.99 billiún 2.04% den OTI
AN PHOLAINN
€5.21 billiún 1.01% den OTI
AN GHEARMÁIN
€6.90 billiún 0.21% den OTI
POBLACHT NA SEICE
€1.38 billiún 0.66% den OTI
AN tSLÓVAIC
€0.21 billiún 0.23% den OTI
AN OSTAIR
€1.79 billiún 0.48% den OTI
AN UNGÁIR
€0.77 billiún 0.57% den OTI
AN RÓMÁIN
€0.81 billiún 0.38% den OTI
AN tSLÓIVÉIN
€0.25 billiún 0.55% den OTI
AN CHRÓIT
€0.53 billiún 1.09% den OTI
AN IODÁIL
€11.92 billiún 0.73% den OTI
AN BHULGÁIR
€0.44 billiún 0.75% den OTI
AN GHRÉIG
€2.81 billiún 1.71% den OTI
MÁLTA
€0.03 billiún 0.25% den OTI
€0.24 billiún 1.16% den OTI
AN CHIPIR

AN CEIS I DO THÍR

GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2020



Figiúirí carntha ó seoladh an CEIS atá sna figiúirí go léir. Dá dhorcha an dath is ea is mó an infheistíocht atá déanta faoin CEIS i gcomparáid leis an OTI (bunaithe ar infheistíochtaí faofa).



Is tionscnamh é an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) ar sheol Grúpa an BEI agus an Coimisiún Eorpach i gcomhar le chéile é d'fhonn an bhearna infheistíochta san AE a shárú. Trí airgead ó bhuiséad an AE a ghealladh, is é is aidhm leis an CEIS ná infheistíocht bhreise €500 billiún ar a laghad a spreagadh faoi 2020. Baineadh amach an sprioc sin an samhradh seo caite. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí infheistíocht bhreise €547 billiún spreagtha aige.

AN BEI AR FUD NA CRUINNE



AN ÁISE, AN ÁISE LÁIR AGUS MEIRICEÁ LAIDINEACH €1.47 billiún

CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa
AMCAC: An Afraic, Muir Chairib agus an tAigéan Ciúin
TCTL: Tíortha agus Críocha thar Lear

Maidir le stádas dlíthiúil aon chríoch, teorainneacha, dathanna, ainmníochtaí nó faisnéise atá léirithe ar an léarscáil seo, ní thacaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta leis, ní ghlacann leis ná ní thugann breithiúnas air.

Tar éis smachtbhannaí an AE i gcoinne an tSiria i mí na Samhna 2011, chuir an BEI gach gníomhaíocht iasachtaithe agus chomhairleach sa tír ar fionraí. Mar sin féin, tá an BEI páirteach i gcroíghrúpa deontóirí atá ag déanamh monatóireachta ar an gcás faoi chomhcheannaireacht an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

RÉITIGH COVID

AN FÓD Á SHEASAMH AG AN BEI IN AGHAIDH NA PAINDÉIME

Caithfear aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim seo ón uile thaobh. Is den ríthábhacht go gcuirfimis acmhainní agus trealamh ar fáil do thíortha le cur ar a gcumas cóir leighis a chur ar othair, chomh maith le sainaithint chruinn, ghasta a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil an galar orthu. Is í an vacsaín an chosaint is fearr san fhadtéarma, ach tá ardéileamh gan sásamh fós ar roghanna cóireála agus roghanna eile a d'fheabhsódh an scéal in ospidéil na dtíortha is mó atá thíos leis an víreas.

Felicitas Riedl, Ceann na Rannóige Eolaíochtaí Beatha, an Stiúrthóireacht Tionscadal

Fágann an phunann dhíreach de chineál cothromais €1.5 billiún atá ag an BEI sna heolaíochtaí beatha, a thacaíonn le breis is 60 cuideachta biteicneolaíochta agus teicneolaíochta leighis atá iontach nuálach, go bhfuil sé ar an eagraíocht is mó dá shamhail san Eoraip. Nuair a tháinig an phaindéim i dtír san Eoraip ar dtús agus nuair a cuireadh tús leis na chéad orduithe dianghlasála, thosaíomar ar theagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí a raibh caidreamh againn leo cheana, ónar tháinig cuid mhaith tionscadail COVID-19; le hinstitiúidí eile mór le rá amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Fondúireacht Gates agus Iontaobhas Wellcome; agus le tionscnaimh nua i réimsí amhail vacsaíní, cóireálacha agus uirlisí diagnóiseacha. Ba chóir dúinn bród a bheith orainn gur thacaíomar le tionscadail ar nós BioNTech, cuideachta atá ar thús cadhnaíochta i réimse na forbartha vacsaíní, agus CureVac, forbróir eile vacsaíní a bhfuil gealladh faoi, mar aon le cuideachtaí eile atá i mbun oibre ar COVID-19 sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Pholainn.

Yu Zhang, Ceann na Rannóige Eolaíochtaí Beatha agus Biteicneolaíochta, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Féachaint chrua é COVID-19 ar theacht aniar tíortha, réigiún, cathracha agus pobal. Ní mór dúinn a bheith aireach faoi na dúshláin a chruthaíonn sé seo don chomhtháthú agus a chinntiú nach n-éireoidh míchothromaíochtaí níos measa fós dá bharr. Cuirfimid plean tacaíochta i bhfeidhm go gasta le freastal ar na riachtanais mhaoinithe is práinní atá ag réigiúin agus bardasachtaí. Agus aitheantas á thabhairt againn don ról tábhachtach a bheidh ag cathracha agus réigiúin i maolú dhrochthionchair na paindéime, chuireamar bearta eisceachtúla i bhfeidhm le hiasachtaí a cheadú agus a íoc amach ní ba sciobtha agus le ceadú dóibh iasachtaí a bhí ann cheana a úsáid ar bhealach ní ba sholúbtha nó a mhéadú. Tháinig ár bhfoirne comhairleacha le chéile le tacú le tíortha agus le réigiúin caiteachas a bhain le COVID-19 a leagan amach agus a bharrfheabhsú.

Leonard Reinard, Ceann na Rannóige Forbartha Réigiúnaí, an Stiúrthóireacht Tionscadal

Thug COVID-19 a ndúshlán do chuid mhaith de na cuideachtaí ba ghasta fás san Eoraip a rabhamar ag plé leo, cé acu de bharr gur cuireadh isteach ar a múnla gnó nó ar a gcumas le rochtain ar mhaoiniú tríú páirtí. Bhí orainn ár gcur chuige a athrú ar an bpointe. Cheapamar straitéis a bhí idir shimplí agus éifeachtach: ar dtús, chuireamar tacaíocht shuntasach ar fáil gan a thuilleadh moille do chuideachtaí biteicneolaíochta agus eolaíochtaí beatha a raibh sé beartaithe acu dul i ngleic go díreach le COVID-19, agus ansin thacaíomar le nuálaíochtaí a chuirfeadh le teacht aniar gheilleagar na mBallstát. D'éirigh linn sa chéad leath den bhliain an méid maoinithe fiachais fiontair a bhí á chur ar fáil againn do chuideachtaí biteicneolaíochta agus eolaíochtaí beatha a mhéadú faoi thrí. Thacaíomar le cuideachtaí a bhí ag obair ar réitigh dhigiteacha a chabhródh le rianú teagmhálaithe, íocaíochtaí móibíleacha agus digitiú a múnlaí gnó. Táimid sásta go bhfuaireamar an oiread sin tacaíochta ó Bhallstáit go rabhamar in ann cur lenár gcuid infheistíochtaí i gcuideachtaí nuálacha i réimsí amhail intleacht shaorga, tionscal 4.0, biteicneolaíocht, eolaíochtaí beatha agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Hristo Stoykov, Ceann na Rannóige Airgeadais Fáis agus Fiachais Fiontair, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Údar mór bróid dúinn gur thacaíomar le BioNTech, an chuideachta ar éirigh léi an chéad vacsaín in aghaidh COVID-19 a chur ar an margadh. Tá an buíochas as sin ag dul dár gcuid saineolaithe sláinte, a d'oibrigh de lá agus d'oíche i rith na géarchéime le mionscagadh a dhéanamh ar an taighde vacsaíne ab fhearr i measc na dtionscadal uile. Táimid ag tacú chomh maith le réimse vacsaíní agus cóireálacha eile a bhfuil cuma mhaith ar a dtorthaí.

Christopher Hurst, Ard-Stiúrthóir, an Stiúrthóireacht Tionscadal

Tá géarchéim COVID-19 ag dul i bhfeidhm go mór ar gheilleagar an AE agus ar gheilleagar na dtíortha siúd lasmuigh den Aontas Eorpach ina bhfeidhmíonn an BEI. D'fhreagair an BEI go gasta le freastal ar riachtanais leachtachta ár gcuid contrapháirtithe. Mar a leanann an ghéarchéim ar aghaidh, áfach, ní hí an leachtacht an t-aon deacracht a bhíonn le sárú. Tá athrú struchtúrach á spreagadh ag an ngéarchéim agus beidh orainn breathnú ar an saol as an nua ar bhealach a chuireann focail amhail cliste, glas agus inbhuanaithe i lár an aonaigh. Beidh infheistiú ag teastáil le dul i dtaithí ar an saol nua seo, rud a fhágann go mbeidh tacaíocht do mhaoiniú infheistíochta, athstruchtúrú agus bunathrú chun feabhais níos tábhachtaí ná leachtacht fiú.

Debora Revoltella, Stiúrthóir, an Rannóg Eacnamaíochta, an Ardrúnaíocht

Tá na saineolaithe fós agiarraidh tuiscint a fháil ar an slad atá déanta ag an bpaindéim seo, ach is féidir a bheith cinnte mar sin féin gur glas a bheidh an téarnamh. Déanfaidh ár n-iarrachtaí go léir ar son fuinneamh agus iompar níos glaine, dícharbónú tionscal trom agus éifeachtúlacht fuinnimh a gcion féin leis an gcuspóir seo a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm againn réitigh mhaoinithe a fhorbairt a spreagfaidh infheistíocht aeráide agus a rachaidh i ngleic leis na bpríomhchonstaicí atá ina bealach. An t-athrú glas atá ag teastáil san Aontas Eorpach, tá sé á spreagadh ag ár dtáirgí ardtionchair maoinithe théamaigh toisc gur féidir le tionscadail shuaitheanta nuálacha leibhéal an tionscail ar fad a ardú.

Gilles Badot, Ceann na Rannóige Bonneagair agus Maoinithe don Troid i gCoinne an Athraithe Aeráide, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

FREAGAIRT GHASTA

Daingníonn an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach gnóthais bheaga atá thíos le géarchéim COVID-19. Agus tá sé á dhéanamh amhlaidh tráth a bhfuil ráthaíocht eile díreach tar éis breis agus €500 billiún d'infheistíochtaí a spreagadh.

Nuair a bheidh paindéim COVID-19 sáraithe againn, beidh lorg an víris ar thángamar slán as fágtha orainn. Beidh an lorg sin fágtha ar an ngeilleagar chomh maith. Mar atáimid ag cur le chéile agus ag scaradh óna chéile ag an am chéile d'fhonn daoine eile a chosaint, is é mórfheachtas comhordaithe idir roinnt mhaith náisiúin den AE a chuirfimid ar bhealach ár leasa arís.

Tá an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach ar an ngné is mó d'fhreagairt Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, agus is é is aidhm leis ná suas le luach €25 billiún de ráthaíochtaí, arna gcur ar fáil ag Ballstáit rannpháirteacha den Aontas Eorpach, a úsáid d'fhonn borradh a chur faoi mhaoiniú sna tíortha rannpháirteacha faoi dheireadh 2021. Bainfear úsáid as an gcuid is mó den tsuim sin le tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le cuideachtaí beagán níos mó agus eagraíochtaí cúraim sláinte, agus is trí mhaoiniú fiachais agus mar chaipiteal fiontair nó fáis a chuirfear ar fáil í.

Fiontar nach beag é an Ciste Ráthaíochta. Tá Grúpa an BEI muiníneach gur féidir leis an dúshlán a shárú, áfach. Is féidir linn a lua gur éirigh go maith le freagairt ghéarchéime eile a rabhamar taobh thiar di, is é sin an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (an CEIS), a bhí ar bun go dtí deireadh 2020 agus a sháraigh gan stró a sprioc le luach €500 billiún d'infheistíochtaí a spreagadh. "Is léir go bhfuil uaillmhian ann geilleagar na hEorpa a bhrú níos faide ar aghaidh," arsa Wilhelm Molterer, Stiúrthóir Bainistíochta an CEIS. "Más mian leat difear mór a dhéanamh, caithfidh tú clár mór a cheapadh agus scód a ligean leis."

Is cinnte go ndéanann an Ciste Ráthaíochta an méid sin. Agus go beo sciobtha, leis. "Is gnách go dtógfadh sé dhá bhliain ar a laghad le sainordú chomh mór seo a chur le chéile, ach rinneamar an obair ar fad taobh istigh de shé mhí," arsa Ioanna-Victoria Kyritsi, atá i gceannas ar chur chun feidhme an Chiste Ráthaíochta sa Bhanc Eorpach Infheistíochta. "Rud thar a bheith uaillmhianach agus nua é seo don Bhanc. Ionstraim ghéarchéime atá ann. Táimid ag déanamh ár seacht ndícheall difear ollmhór a dhéanamh dóibh siúd atá thíos leis sna Ballstáit."

Cén chaoi a n-oibríonn an Ciste Ráthaíochta Uile-Eorpach, mar sin? Tá sé cosúil leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha ar bhealach, inar chuir ráthaíocht ó bhuiséad an AE ar chumas an BEI infheistiú i gcuideachtaí a mbeadh an iomarca riosca ag baint leo murach sin. Faoin gCiste Ráthaíochta, glacann an BEI le níos mó riosca fós. I gcás iasachtaí faoin CEIS, chuir Grúpa an BEI méid tacaíochta thar na bearta ar fáil do ghnóthais bheaga trí riosca an mhaoinithe nua a roinnt le comhpháirtithe áitiúla fud fad na hEorpa. Faoin gCiste Ráthaíochta, tá Grúpa an BEI fós ag dul i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla leis na sprioccthairbhithe a bhaint amach. An riosca a bhaineann le hiasachtaí nua a thabhairt do sprioccthairbhithe, is féidir leis an chuid is mó de a sheasamh de bharr na ráthaíochtaí atá tugtha ag na Ballstáit rannpháirteacha. Cinntíonn an Ciste Ráthaíochta cothrom na Féinne idir tíortha Eorpacha ar féidir leo beart láidir sábháilteachta a chur i bhfeidhm go náisiúnta agus iad siúd nach mbeadh a mbeart sábháilteachta chomh láidir sin.

Is ionann an Ciste Ráthaíochta agus an CEIS sa mhéid go mbaineann sé leas as ráthaíocht phoiblí le méid níos mó maoinithe a spreagadh ná mar a d'fhéadfadh deontais phoiblí a spreagadh astu féin. Ní hionann é agus an CEIS áfach sa mhéid go bhfuil sé curtha in oiriúint do ghéarchéim phráinneach. "Ar mhaithe le leachtacht a chur ar fáil i gcás práinne atá an Ciste Ráthaíochta ann," arsa Marcus Schluechter, comhairleoir le Stiúrthóir Bainistíochta an CEIS. "Gnóthais atá inmharthana ach atá buailte ag drochiarmhairtí eacnamaíochta na géarchéime sláinte, caithfear cur a gcumas a gcuid billí a íoc agus teacht slán as an bpraiseach seo, ionas go mbeidh siad ar ais ar a seanléim arís go gasta a luaithe a bheidh cúrsaí ar ais mar a bhí."

> **"Tacaíocht fhorleathan d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i ngach earnáil – sin í bun agus barr an scéil."**

Freagairt éigeandála

Nuair a thosaigh an phaindéim ag scaipeadh san earrach, bhí ar ghnóthais bheaga i ngach cearn den Eoraip a ndoras a dhúnadh de dheasca orduithe dianghlasála. Tá sé mar aidhm ag an gCiste Ráthaíochta cabhrú leosan agus, chuige sin, tá méid nach lú ná 65% dá chuid infheistíochta curtha i leataobh le tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide. Chuir Grúpa an BEI tús le réimse cláir éigeandála freisin:

- Luach €10 billiún de chaipiteal breise oibre trí línte leachtachta chuig bainc
- Luach €10 billiún d'iasachtaí do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide trí chláir ceannaithe urrús de bhun sócmhainní
- Luach €8 billiún de mhaoiniú le tabhairt amach láithreach bonn trí scéimeanna ráthaíochta
- Luach €6.7 billiún de mhaoiniú le haghaidh tionscadail a bhaineann le COVID-19 taobh amuigh den Aontas Eorpach
- Luach €6 bhilliún de mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar cúraim sláinte agus forbairt vacsaíní agus drugaí

Iarradh ar gach Ballstát den Aontas Eorpach airgead a chur ar fáil don Chiste Ráthaíochta bunaithe ar a chion de chaipiteal an BEI. Is ionann an ráthaíocht agus beagnach €25 billiún. "Tacaíocht fhorleathan d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i ngach earnáil – sin í bun agus barr an scéil," arsa Piotr Stolowski, atá i gceannas ar chur chun feidhme an Chiste Ráthaíochta leis an CEI.

Oidhreacht an CEIS

Tá an Ciste Ráthaíochta ar cheann de roinnt clár a forbraíodh mar fhreagairt ar COVID-19 nuair a chuaigh an Coimisiún Eorpach i gcomhar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus le hinstitiúidí Eorpacha eile le pacáiste ollmhór faoisimh a chur le chéile go gasta do ghnóthais a bhí buailte go dona ag an bpaindéim. Bhí an CEIS i mbun oibre cheana féin faoin tráth sin, é ag ráthú na gcéadta milliún euro de mhaoiniú do thionscadail le troid in aghaidh na paindéime, €100 milliún don chuideachta Ghearmánach BioNTech ina measc, a bhí ag cur tús le clár le teacht ar vacsaín in aghaidh COVID-19.

Forbraíodh an CEIS ar an gcéad dul síos le dul i ngleic leis an nganntanas infheistíochta a bhí ann tar éis na géarchéime airgeadais deich mbliana ó shin, ach d'fhorbair sé de réir a chéile ina uirlis sholúbtha a d'fhéadfaí a úsáid le cur in éadan tuairteanna tobanna, ar nós COVID-19, nó géarchéimeanna níos leithne, amhail an t-athrú aeráide. D'éirigh chomh maith sin leis toisc go raibh sé bunaithe ar an gcoincheap, in ionad airgead poiblí a úsáid le deontais a thabhairt amach, gur féidir infheistíocht phríobháideach a mhealladh isteach i dtionscadal le taobh an BEI agus, ar an gcaoi sin, tionchar na ráthaíochta bunaidh poiblí a mhéadú go suntasach.

Sháraigh an CEIS an sprioc a bhí aige le tacú le €500 billiún d'infheistíocht sé mhí roimh an spriocdháta in ainneoin go raibh air dul i dtaithí ar an dochar a bhí á dhéanamh ag COVID-19 ar gheilleagar na hEorpa ag an am céanna. "Bhíomar in ann leachtacht a raibh géarghá léi a sholáthar go sciobtha le tacú le cuideachtaí a bhí thíos leis an bpaindéim, chomh maith le maoiniú a chur ar fáil do na cuideachtaí siúd a bhí ag obair ar chóireálacha agus vacsaíní," arsa Iliyana Tsanova, Leas-Stiúrthóir Bainistíochta an CEIS. "Dá sholúbtha é is ea is fearr a éireoidh leis."

CÓIREÁIL, TÁSTÁIL, VACSAÍNIÚ

Tacaíonn infheistíochtaí spriocdhírithe le raon iomlán freagairtí biteicneolaíochta agus leighis ar an bpaindéim, amhail vacsaíní, teiripí agus diagnóisic COVID-19.

Galar glic é COVID-19. Scinneann sé ó dhuine go duine agus téann i bhfolach i ndaoine nach bhfuil aon siomptóim orthu. Ligeann sé air féin gur slaghdán nó ailléirge é. Más féidir linn é a ruaigeadh amach le tástálacha maithe, vacsaíní a úsáid le stop a chur lena scaipeadh agus cóireálacha nuálacha a chur ar na heasláin, beidh deireadh leis an bpaindéim.

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis na scórtha cuideachtaí atá ag obair gan stad gan staonadh d'fhonn an lámh in uachtar a fháil ar an ngéarchéim seo. I gcomhar leis an gcuideachta Mheiriceánach chógaisíochta, Pfizer, is é BioNTech, atá bunaithe in Mainz na Gearmáine, an chuideachta atá tar éis dul amach chun cinn sa rás le ceann de na dúshláin is mó dá bhfuil sa saol a shárú. Shínigh Banc an AE chomhaontú €100 milliún leis an gcuideachta i mí an Mheithimh 2020. Tá an infheistíocht sin agus na cinn eile a chuirtear faoi chaibidil sa tuarascáil seo tacaithe ag cláir amhail InnovFin agus an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, a thacaíonn le tionscadail nuálacha a bhfuil riosca níos mó ag baint leo.

"Is é an cúnamh is fearr is féidir linn a thabhairt don troid in aghaidh COVID ná cabhrú le cuideachtaí atá ag forbairt vacsaíní, cóireálacha nó réitigh dhiagnóiseacha nua," arsa Gergely Krajcsi, oifigeach infheistíochta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta a d'oibrigh ar an margadh le BioNTech agus ar idirbhearta eile dá shórt. "Rinneamar gach arbh fhéidir linn le tacú le BioNTech mar – bímis ionraic – ní bheimid réidh le COVID choíche gan beagán cúnaimh."

Rianú, stopadh, cúram

Shocraigh foireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ag tús na géarchéime díriú isteach ar an ngéarchéim shláinte agus ar an gcor chun donais eacnamaíoch ag an am céanna. Roinn an Banc a thacaíocht do chuideachtaí biteicneolaíochta agus leighis i dtrí phríomhchatagóir: vacsaíní, teiripí agus diagnóisic. An aidhm: ionfhabhtuithe a rianú, scaipeadh an ghalair a stopadh agus cúram a thabhairt dóibh siúd a éiríonn tinn.

I mí Aibreáin d'fhaomh an Banc maoiniú nua €5 bhilliún le tacú le bearta práinneacha i réimsí amhail cúraim sláinte agus nuálaíocht leighis i dtaca le COVID-19. Ó shin faomhadh maoiniú thart ar €1.2 billiún ón BEI do ní ba mhó ná 40 cuideachta agus tionscadal biteicneolaíochta agus leighis. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú le cláir dhomhanda le vacsaíní in aghaidh COVID-19 a dháileadh chomh maith, sa chuid den domhan atá i mbéal a forbartha go háirithe. D'fhaomh an Banc margadh €400 milliún le COVAX, tionscnamh domhanda a bhfuil na céadta tíortha, an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí daonchairdis ag tacú leis, le rochtain chóir chothrom ar vacsaíní a chur chun cinn.

Athbhreithniú ar chuideachtaí don troid in aghaidh COVID-19

Ag tús na géarchéime rinne an Banc athbhreithniú ar phunann na n-iasachtaí a bhí ar a leabhair cheana agus chuaigh sa tóir freisin ar chuideachtaí eile a bhí ag lorg lámh chúnta. Rinneadh sainaithint ar dhá chuideachta, i.e. BioNTech agus CureVac. Ba é an BEI an chéad institiúid airgeadais a thug tacaíocht do thaighde BioNTech ar an gcoróinvíreas. San am céanna shínigh CureVac, a dhéanann sainfheidhmiú ar chóireáil galar neamhchoitianta, iasacht €75 milliún leis an mBanc i mí Iúil le cur le hacmhainn táirgthe a mhonarchan in Tübingen in iardheisceart na Gearmáine.

> **"Is é an cuspóir atá ag an BEI ná dlús a chur le roinnt vacsaíní a bhfuil gealladh fúthu i dtreo a dtáirgthe ar an mórchóir agus a soláthair go domhanda."**

Tá idir vacsaín CureVac agus vacsaín BioNTech bunaithe ar theicneolaíocht nár úsáideadh riamh cheana i vacsaíní tráchtála. D'fhéadfaidís a bheith chomh ceannródaíoch sin go n-athrófaí tírdhreach an vacsaínithe ó bhonn amach anseo dá mbarr. Sa teicníc tógtar ábhar géiniteach neamhthógálach a dtugtar teachtaire RNA (mRNA) air agus déantar é a instealladh isteach i matánchealla. Isteach sna cealla sin a théann an vacsaín agus tugann treoir dóibh próitéin a tháirgeadh atá cosúil le spící an choróinvíris nua. Spreagann an phróitéin nua sin an córas imdhíonachta le hantasubstaintí a dhéanamh agus t-cealla a dhúiseacht le troid in aghaidh an víris má thagann an duine i dteagmháil leis.

"Tá vacsaíní mRNA solúbtha sa mhéid gur féidir iad a chur in oiriúint go gasta do shócháin nua den víreas," arsa Anna Lynch, saineolaí sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Is féidir na vacsaíní ó CureVac agus BioNTech a mhionathrú taobh isteach de chúpla seachtain le díriú ar víreas sóite, más gá."

Fiachas fíorúil fiontair

Is minic a fhanann infheisteoirí príobháideacha glan ar vacsaíní toisc a dheacra a bhíonn sé a thuar cibé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh leo ar deireadh. "Léiríonn an tacaíocht a thug an Banc do BioNTech agus do CureVac an tábhacht a bhaineann le fiachas fiontair ó bhanc poiblí le cabhrú le cuideachtaí atá i mbun nuálaíochta in earnáil na ngalar tógálach," arsa Cristina Niculescu, saineolaí eile sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. Oscailt súl a bhí in Ebola, SARS agus, anois, COVID-19 go gcaithfear a bheith ullamh do phaindéimí agus infheistiú dá réir sin. **Anois go bhfuil na hearnálacha príobháideacha agus poiblí ag géarú ar na maidí, tá céim áirithe forbartha bainte amach ag breis is 200 vacsaín ionchasach ar fud an domhain. Táthar ag súil leis go mbeidh roinnt acu ceadaithe faoi dheireadh na bliana.** "Is é an cuspóir atá ag an BEI ná dlús a chur le roinnt vacsaíní a bhfuil gealladh fúthu i dtreo a dtáirgthe ar an mórchóir agus a soláthair go domhanda," arsa Niculescu. "Idir an dá linn tá an-chuid daoine breoite amuigh ansin agus, mar sin, tá réitigh theiripeacha de dhíth orainn atá dírithe ar othair san ospidéal d'fhonn nach n-éireoidh siad go donn tinn le COVID-19."

Deir Özlem Türeci, an príomhoifigeach leighis le BioNTech, gur féidir linn dóchas a bheith againn toisc a fheabhas atá ag éirí lena vacsaín cheana féin. "Ní cheapaim gur féidir linn a rá go bhfuil an phaindéim thart," ar sí, "ach seans go bhfuil deireadh a ré ag druidim linn."

Beidh teiripí ag teastáil uainn i gcónaí.

Tá iasachtaí ón BEI ag tacú le príomhchuideachtaí teiripice: Atriva, Immunic, AB Science agus Pluristem. Tá táirgí COVID-19 na gcuideachtaí seo ceaptha le cóir leighis a chur ar dhaoine tar éis dóibh an galar a tholgadh, go háirithe i gcás go n-éiríonn siad chomh tinn sin go gcaithfidh siad dul chuig an ospidéal.

An druga de chuid Atriva is mó a bhfuil gealladh faoi, ATR-002, tá sé mar aidhm aige troime víreas RNA, ar nós COVID-19 agus an fhliú, a laghdú, agus bac a chur ar scaipeadh ionfhabhtuithe troma riospráide, leis. Tá tús maith déanta ag an druga, a thógtar mar phiolla, i dtrialacha réamhchliniciúla. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú acu siúd a bhfuil a siomptóim choróinvíris chomh trom sin go gcaithfidh siad a bheith san ospidéal. Cuireann teiripe

Atriva cóir leighis ar dhá ghné den choróinvíreas: stopann sé macasamhlú an víris agus cuireann cosc ar ró-fhrithghníomhú chóras imdhíonachta an choirp. “Creidimid go bhféadfadh an cur chuige dá thaobh seo a bheith thar a bheith éifeachtach,” arsa Olaf Althaus, príomhoifigeach airgeadais leis an gcuideachta, a shínigh iasacht €24 milliún ón BEI i mí Dheireadh Fómhair. “Táimid iontach dóchasach faoi chumas ATR-002 le troid in aghaidh na paindéime.”

Is é cuspóir Atriva ná druga frithvíreasach speictrim leathain a fhorbairt a bheadh éifeachtach freisin i gcoinne sócháin nua de COVID-19 nó víris nua RNA a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le ráigeanna eile amach anseo.

Chuig Immunic a chuaigh ceann eile de na hiasachtaí a tugadh amach i mí Dheireadh Fómhair, agus tá siad anois ag úsáid na €24.5 milliún a fuair sé ón BEI le díriú isteach ar theiripe chosúil darb ainm IMU-838. Tá réimse leathan buntáistí frithvíreasacha ag baint leis an gcógas seo, a thógtar mar phiolla chomh maith. Tá triail céim 2 á déanamh ar IMU-838 faoi láthair i measc othair COVID-19 a bhfuil breoiteacht mheasartha orthu san ospidéal. Tá an cógas á thástáil freisin ar ghalair ainsealacha athlastacha agus uath-imdhíonachta, amhail an scléaróis iolrach. “Rith sé linn ag tús mhí Feabhra, nuair ba léir go raibh paindéim dhomhanda ar na bacáin, go bhféadfadh sé go n-oibreodh ár ndruga in aghaidh COVID-19,” arsa Hella Kohlhof, príomhoifigeach eolaíochta le Immunic.

Déanann IMU-838 ó Immunic iarracht déine ionfhabhtuithe amhail COVID-19 a mhaolú ar roinnt bealaí. Cuireann sé cosc ar mhacasamhlú an víris. Spreagann sé imdhíonacht nádúrtha ansin agus, ar deireadh, seans go gcabhraíonn sé le córas imdhíonachta an choirp gan ró-fhrithghníomhú in aghaidh ionfhabhtuithe troma. Teagascóir is ea é i ndáiríre, a theagascann cealla an choirp. **“Nuair a éiríonn cealla inár gcorp ionfhabhtaithe leis an víreas agus nuair is mian leis an víreas é féin a mhacasamhlú, tá cealla iontach cabhrach inár gcorp a deir ‘Fadhb ar bith, cuirfidh mé meicníocht nua ar siúl le tacú le riachtanais an víris,’” arsa Kohlhof. “Tá an víreas ag teacht i dtír ar chineáltas na gcealla.** Tá IMU-838 in ann bac a chur ar an meicníocht sin trí shrian a chur ar an einsím a thacaíonn le táirgeadh na mbloc tógála neamhdhíobhálach.

Shínigh AB Science na Fraince iasacht €15 mhilliún leis an BEI i mí na Samhna le forbairt chliniciúil a ndruga, masitinib, a chur chun cinn. D’fhéadfadh an cógas seo cabhrú leo siúd atá thíos le breoiteachtaí a mbaineann baol báis leo arb é an coróinvíreas is cúis leo, lena n-áirítear ‘stoirm na gcíticíní’, mar a thugtar air, ina ró-fhrithghníomhaíonn an córas imdhíonachta ar an ionfhabhtú. “Tá an seans ann go mbeadh buntáistí i gceist le taighde AB Science do ghalair athlastacha, galair néaraimheathlúcháin, galair thógálacha agus ailsí,” arsa Yu Zhang, bainisteoir sna heolaíochtaí beatha agus sa bhiteicneolaíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. “D’fhéadfadh sé go dtabharfaimis ní ba mhó tacaíochta don chuideachta amach amach anseo.”

> **“Ní tráth moille é. Is amhlaidh go bhfuilimid i mbun cogaidh.”**

Tá súil ag cuideachtaí teiripice go gcuirfidh a gcuid taighde ar a gcumas dul i ngleic le raon leathan galar. Deirtear go mbeidh gá leis na teiripí go ceann i bhfad, fiú má éiríonn go geal leis na vacsaíní. "Ar an gcéad dul síos, ní bheidh gach duine sásta glacadh leis an vacsaín," arsa Althaus ó Atriva. **"Ar an dara dul síos, ní oibreoidh na vacsaíní nó ní fhéadfar iad a úsáid i gcásanna áirithe. Tar éis thabhairt isteach an mhála aeir, bhí gá fós le hotharcharranna."**

Cealla teiripeacha placainte

An chuideachta Iosraelach-Gearmánach, Pluristem, a shínigh margadh maoinithe €50 milliún leis an BEI i mí Aibreáin, tá cur chuige eile á ghlacadh aici i leith teiripe. **Tá cealla placainte, arb iad na cealla is cumhachtaí i gcorp an duine iad, á n-úsáid ag an gcuideachta le hionfhabhtuithe troma a chóireáil.** Déanann Pluristem na cealla a fhás ó phlacaintí i mbith-imoibreoir 3T, a dhéanann aithris ar na dálaí i gcorp an duine. Tar éis iad a instealladh isteach san othar, cabhraíonn na cealla nua leis an gcorp athghiniúint. Tá seans ann go gcabhródh an teiripe le hothair a bhfuil an coróinvíreas dulta in aimhréidh orthu – hipirtheannas scamhóige, fiobróis scamhóige, nó gortuithe géara duáin nó gastraistéigeacha.

Bailítear na placaintí tar éis saolú naíonán lánaibí sláintiúil ag mná faoi bhun 35 bliain d'aois a roghnaigh dul le gearradh Caesarach. "Is féidir na cealla sin a úsáid ansin ar mhaithe leis an saol mór," arsa Auvo Kaikkonen, speisialtóir sinsearach sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc.

Ceann den iliomad ceachtanna atá foghlamtha againn de bharr orduithe dianghlasála COVID-19 is ea a fhiúntaí atá sé scaipeadh an ghalair a rianú. Is í an chuideachta Pholannach Scope Fluidics an infheistíocht is déanaí atá déanta ag an mBanc i réimse na tástála. Tá córas gasta um braith pataiginí víreasacha agus baictéar forbartha acu. Cheadaigh an BEI iasacht €10 milliún do Scope Fluidics i mí Mheán Fómhair. Is féidir le córas lán-uathoibrithe na cuideachta, a dtugtar PCR/One air, suas le 20 pataigin agus baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí a bhrath laistigh de 15 nóiméad. Fágann cruinneas an chórais nach mbeidh ar dhochtúirí fanacht roinnt laethanta le tástálacha COVID a fháil ar ais. Ciallaíonn sé chomh maith go bhféadfaí daoine a thástáil ní ba mhinice. "Is é luas príomhbhuntáiste ár gcórais," arsa Piotr Garstecki, príomhfheidhmeannach Scope Fluidics. "Ní tráth moille é. Is amhlaidh go bhfuilimid i mbun cogaidh."

Tá cáil an mhíchruinnis ar na tástálacha gasta coróinvíris atá ar an bhfód cheana toisc go ndéanann siad tástáil le haghaidh antasubstaintí COVID-19. Is é an fhadhb ná go bhféadfá a bheith ionfhabhtaithe ach gan aon antasubstaintí a bheith agat go fóill. Toradh bréagach a bheadh ann sa chás sin. **Bíonn tástálacha PCR Scope Fluidics beagnach 100% cruinn.** "Is mór an t-éileamh atá ar ghléas den sórt seo," arsa Anna Stodolkiewicz, an t-oifigeach iasachta de chuid an BEI atá ag obair ar an tionscadal seo. "Tá an tástáil PCR néata agus iontach cuimsitheach. Is féidir í a úsáid in aerfoirt, stáisiúin traenach, áit ar bith."

Beidh tástáil fós thar a bheith tábhachtach, fiú tar éis theacht na vacsaíní. Ní bheidh cuid mhaith den daonra san áireamh sa chéad bhabhta vacsaínithe agus is dócha go mbeidh an coróinvíreas fós á scaipeadh go ceann tamaill. Tá Scope Fluidics ag súil go gceadóidh rialtóirí Eorpacha a gcóras go sealadach faoi dheireadh na bliana. **"Maidir le tástáil ar an mórchóir," arsa Garstecki, "tá sé fós i bhfad níos fearr ná orduithe dianghlasála ó thaobh geilleagair de."**

‘CABHAIR AS NA FLAITHIS CHUGAINN’

Chuaigh an Banc Eorpach Infheistíochta i gcomhar leis an mbanc náisiúnta le haghaidh spreagtha d’fhonn dóchas a thabhairt do ghnóthais bheaga san Iodáil go bhfaighfí an lámh in uachtar ar ghéarchéim COVID-19 ar deireadh.

Nuair a bhí sé óg, chasadh Giuliano Annigliato an cnaipe ar an teilifíseán arís is arís eile díreach le sásamh a bhaint as bheith ag breathnú ar cheann den dá bhealach a bhí ar fáil na laethanta sin. B’fhéidir go raibh gairm sa raidió agus teilifís áitiúil in Bagnoli, ceantar lucht oibre ar imeall Napoli, i ndán dó riamh.

Ach chuimhnigh sé freisin an chaoi ar mhothaigh sé nuair a fuair a athair bás de bharr taom croí. 19 mbliana d’aois agus fágtha le croí briste. D’ofráil an mhonarcha inar oibrigh a athair post dó, ach dúirt sé: “Go raibh maith agat, ach ní féidir liom glacadh leis. Déanfaidh mé mo bhealach féin.” Tar éis 10 mbliana sna meáin, d’éirigh leis beart a dhéanamh de réir a bhriathair nuair a bhunaigh sé na gníomhaireachtaí fógraíochta A&C Network agus Uno Outdoor.

Tá méid agus uaillmhian ghnóthas Annigliato ag fás anois le 30 bliain anuas trí thacú le hathchóiriú séadchomharthaí in Napoli agus áiteanna eile le smaoineamh nuálach a shábhálann airgead ar an mbardas áitiúil. Ach nuair a rinne víreas COVID-19 slad ar an Iodáil i mí an Mhárta, bhí gnóthas Annigliato buailte go dona freisin – is san earnáil éadaí a bhí an chuid ba mhó dá gcuid cliant, ceann de na hearnálacha ba mheasa a buaileadh sa phaindéim.

Ach ba thur dóchais an maoiniú **€1.5 billiún a chuir an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil do ghnóthais bheaga san Iodáil, a bhí ar a chéad fhreagairt láithreach ar COVID-19 agus atá ar an tacaíocht is mó a thug sé d’aon tír ar leith ó tosaíodh an phaindéim.** I gcomhar le Cassa Depositi e Prestiti (CDP), banc náisiúnta na hIodáile le haghaidh spreagtha, thacaigh an BEI le hiasacht €2.3 milliún do Annigliato ó Monte dei Paschi di Siena, an banc is sine ar domhan.

“Táimid ag seasamh gualainn ar ghualainn le gnóthais bheaga agus micreaghnóthais na hIodáile,” arsa Claudia Barone, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, atá páirteach sa mhearfhreagairt ó tosaíodh an ghéarchéim. Tar éis do Bhord an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta é a fhaomhadh i mí Aibreáin, bhí breis agus €600 milliún íoctha amach le gnóthais bheaga faoi mhí Iúil.

Stair Napoli á caomhnú

Má bhíonn tú in Napoli agus má thagann tú ar chlár ollmhór fógraíochta thart ar séadchomhartha, gach uile sheans gurb é Giuliano Annigliato atá taobh thiar den smaoineamh nuálach sin: “Íocann na fógraí seo as athchóiriú foirgneamh stairiúil.” Tarraingíonn oibiliscí, scairdeáin uisce agus séadchomharthaí iúl cuideachtaí agus gnóthas, lena n-áirítear Original Marines, Burger Italy, Liu Jo, agus Enrico Coveri. Faigheann na cuideachtaí sin “deis shealadach fógraíochta” in Napoli, agus déantar na séadchomharthaí a athchóiriú gan aon chostas don chathair.

Toisc a shaibhre atá stair Napoli, tá an-chuid obair athchóirithe le déanamh. Mar sin féin, is ar éigean a bhí aon obair ag Annigliato i mí an Mhárta agus mí Aibreáin nuair ba threise an phaindéim san Iodáil. **In ainneoin go raibh moll airgid curtha i leataobh aige do lá na coise tinne, ní bheadh sé in ann na 36 ball foirne aige a íoc go deo. Ní raibh aon dul as ag Annigliato ach leas a bhaint as scéim scoir shealadaigh i gcás cuid acu.**

Ansin ag deireadh mhí Aibreáin nuair a bhí a rás beagnach rite, **fuair Annigliato roinnt leachtachta a raibh géarghá léi ón mBanc Eorpach Infheistíochta trí CDP agus Monte dei Paschi di Siena. A luaithe a bhí an**

> **"I gcomhar le CPD táimid ag baint leas as ár láidreachtaí faoi seach agus ag obair mar fhoireann ar leithligh ar mhaithe le gnóthais bheaga san lodáil."**

chosaint sin i bhfeidhm, bhí sé in ann glacadh go breá sásta le hordú mór ar líne ó Rossignol, an branda Francach aitheanta. "Cabhair as na flaithis chugainn," arsa Annigliato go croíúil díograiseach, ach is léir mar sin féin gur fear é a bhí ar bhruach na haibhéise le gairid.

Tá Annigliato anois ag tabhairt aghaidh ar an margadh ar líne d'fhonn teacht ar bhealaí nua trínar féidir a chuid táirgí nua a dhíol. "Má tá an ghéarchéim tar éis aon rud a mhúineadh dúinn," a deir sé, "is é sin nár chóir dúinn deis a chur amú." "Is é an víreas an chloch is mó ar ár bpaidrín inniu. Beidh rud éigin eile ann amárach. Is ait an mac an saol. Nuair a tharlaíonn na rudaí seo, caithfidh tú déileáil leo."

Róbheag agus an iomarca riosca? Fadhb ar bith

Cuireann Annigliato géarchéim na paindéime i gcomparáid le cogadh a chaithfimid a throid le teann paisin, solúbthachta, réasúnachta agus misnigh. Gan na tréithe sin, ní tharlódh an oibríocht chomhpháirteach idir an Banc Eorpach Infheistíochta agus Cassa Depositi e Prestiti ach an oiread. Mar chomhpháirtithe fadtéarmacha, tuigeann an dá institiúid a chéile agus tá caidreamh láidir, compordach acu dá bhrí sin. **"I gcomhar le CPD táimid ag baint leas as ár láidreachtaí faoi seach agus ag obair mar fhoireann ar leithligh ar mhaithe le gnóthais bheaga san lodáil,"** arsa Barone ón BEI. Dúirt sí chomh maith go raibh "an-chuid oibre ag teastáil chuige sin, lena n-áirítear nósanna imeachta fadálacha, útamálacha a dhéanamh níos simplí."

Is iontach an toradh. **Tacaíonn an BEI le hionstraim de chuid CDP darb ainm "Ardán Gnó" ar théarmaí fabhracha. Tugann CDP an t-airgead sin ar iasacht d'idirghabhálaithe airgeadais ar nós Monte dei Paschi di Siena, a thacaíonn, dá réir sin, le fiontraithe amhail Annigliato.** Trí dhul i gcomhar le CDP, is féidir leis an BEI maoiniú a chur chuig bainc nach mbeadh rochtain acu ar a théarmaí fabhracha sa ghnáthchúrsa toisc go bhfuil siad róbheag nó go bhfuil an iomarca riosca ag baint leo. Mar gheall nach gá do CDP aon bhrabús a dhéanamh, is féidir le Annigliato agus fiontraithe beaga eile dá leithéid leas iomlán a bhaint as rátaí fabhracha úis an BEI.

Anois tá Annigliato ag tnúth go mór leis an Maschio Angioino a athchóiriú, is caisleán meánaoiseach i gcroílár Napoli a bhfuil clú agus cáil air. Is iomaí plá ar Napoli atá feicthe ag a thúiríní ach tá siad ann i gcónaí. A bhuíochas leis an gcomhar idir CDP agus an BEI, beidh gnóthais Annigliato, leis.

LÁMH THARRTHÁLA DO THUAISCEART NA SPÁINNE

Banc Catalónach ag iarraidh cabhrú le 50 000 duine a bpost a choinneáil, a mbillí a íoc agus teacht slán as an gcor chun donais eacnamaíoch de dheasca an choróinvíris.

Tá buille trom buailte ag COVID-19 ar go leor codanna den gheilleagar, ach is cinnte go bhfuil cuideachtaí a bhraitheann ar thurasóireacht nó taisteal is mó atá thíos leis. Do roinnt mhaith acu, tá maoiniú arna thacú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta ag tabhairt lámh tharrthála dóibh. "Creidimid go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí faoi 2021, ach beidh orainn obair chrua a chur isteach as seo go ceann cúpla bliain agus an sparán a theannadh chomh maith," arsa Rafael Ruiz, príomhoifigeach airgeadais Lárionad Teicniúil Barcelona, gnólacht innealtóireachta in Martorell in iarthuaisceart Barcelona, a bhfuil 148 fostaí aige agus a dhearann táirgí do na hearnálacha carranna, aerloingseoireachta agus iarnróid.

> **"Táimid ag cabhrú leo múnlaí nua gnó a thosú a d'fhéadfadh borradh a chur faoina gcuid gníomhaíochtaí arís agus an geilleagar a chur chun cinn freisin."**

Ghlac cuideachta Ruiz le hiasacht €950 000 ó Institut Català de Finances, nó an ICF mar is fearr aithne air, banc poiblí na Catalóine do ghnóthais bheaga agus fiontraithe. "Toisc gur ghlacamar leis an iasacht seo, bhíomar in ann leanúint orainn ag íoc tuarastal agus ceangail airgid eile, in ainneoin go bhfuil titim tagtha ar líon na dtionscadal atá idir lámha againn," arsa Ruiz.

Is í iasacht €250 milliún a shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta leis an ICF a bhí taobh thiar den lámh tharrthála a fuair Lárionad Teicniúil Barcelona. Cabhróidh an iasacht sin le suas le 48 000 duine in earnálacha amhail miondíoltóireacht, turasóireacht, lónadóireacht agus cultúr a mbillí a íoc agus pleananna nua gnó a cheapadh. Tá Banc an AE agus an ICF ag obair as lámha a chéile le tacú leis na mílte gnóthas beag sa réigiún ó bhí 2008 ann.

"Bímid ag faire amach i gcónaí do chomharthaí téarnaimh," arna Rafel Niubò, ardrúnaí Eurofitness, cuideachta in Barcelona a dhéanann ionaid aclaíochta agus spóirt a bhainistiú agus a thógáil ar fud na Spáinne. Chuaigh an saol in aghaidh Eurofitness nuair a tháinig an phaindéim agus bhí orthu cuid mhaith ionaid aclaíochta a dhúnadh. Ceapann Niubò go bhfuil an ghaoth ag athrú, ach níl uaidh anois ach an chuideachta a choinneáil ag dul. Fuair Eurofitness, a bhfuil 327 fostaí aige, iasacht €1 mhilliún ón ICF. Leis an gcúnamh sin, d'éirigh leis fanacht glan ar chiorruithe pá, iomarcaíochtaí agus cúram laghdaithe custaiméirí.

D'fhéadfadh suas le 2 000 cuideachta a bheith i dteideal iasachtaí faoin maoiniú seo ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Trí leas a bhaint as an iasacht ón BEI agus as infheistíochtaí ó fhoinsí eile poiblí agus príobháideacha, tá sé beartaithe ag an ICF suas le €1 billiún a chur ar fáil le cabhrú le gnóthais bheaga a mbealach a dhéanamh tríd an ngéarchéim.

Múnlaí nua gnó le freagairt ar an ngéarchéim

Deir Josep-Ramon Sanromà, príomhfheidhmeannach bhanc pobail na Catalóine, go bhfuil a fhoireann ag obair go dian i dtreo réitigh nua mhaoinithe a thairiscint d'fhiontraithe. "Chuir an ghéarchéim isteach go mór ar ghnóthais sa Chatalóin i rith an ordaithe dianghlasála," ar sé. "Bhí cuideachtaí ina stad, tháinig titim ar dhíolacháin agus bhí ar ghnóthais iad féin a chur in oiriúint do na bearta nua sábháilteachta. Tá níos mó tacaíocht airgeadais de dhíth ar chuid mhaith acu, daoine féinfhostaithe agus gnólachtaí beaga go háirithe. Táimid ag cabhrú leo múnlaí nua gnó

> **"Tá an BEI ag tacú le gnóthais bheaga sa Spáinn anois níos mó ná riamh. Táimid ag comhoibriú go dlúth lenár gcuid idirghabhálaithe le teacht ar a oiread cuideachtaí agus is féidir linn."**

a cheapadh ionas go mbeidh siad in ann atosú ar a gcuid gníomhaíochtaí agus borradh a chur faoin ngeilleagar chomh maith."

Tháinig laghdú suntasach ar olltáirgeacht intíre agus ráta fostaíochta na Spáinne in 2020. Níos mó ná formhór na dtíortha eile san Eoraip, braitheann geilleagar na tíre ar an turasóireacht agus ar idirbhearta réadmhaoine, dhá earnáil atá buailte go dona ag COVID-19. Tá an Spáinn ag teacht chuici féin arís agus measann an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta go dtiocfaidh méadú ar an OTI in 2021. "Buaileadh buille uafásach don tír ó thaobh geilleagair de, ach tá ábhar dóchais ann anois," arsa Alex Saz-Carranza, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá ag obair ar idirbhearta arb aidhm leo borradh nua a chur faoin ngeilleagar i roinnt mhaith réigiún sa Spáinn. "Tá an BEI ag tacú le gnóthais bheaga sa Spáinn anois níos mó ná riamh. Táimid ag obair as lámha a cheile lenár gcuid idirghabhálaithe le teacht ar a oiread cuideachtaí agus is féidir ionas go mbeimid in ann an brú airgeadais atá orthu a mhaolú, chomh maith le cur ar a gcumas teacht slán as an bpaindéim seo agus daoine a choinneáil ina bpost."

Mearfhreagairt ar ghéarchéim an choróinvíris

Bhí an comhaontú iasachta idir an Banc Eorpach Infheistíochta agus an ICF ar an gcéad cheann de na scórtha margaí móra a faomhadh faoi chlár €5 billiún de chuid Ghrúpa an BEI le cabhrú le gnóthais Eorpacha aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim. D'fhaomh an Banc Eorpach Infheistíochta an margadh seo ar son na Spáinne taobh isteach de chúpla mí faoi nós imeachta brostaithe le cabhrú le gnóthais bheaga gan mhoill.

Tháinig an maoiniú breise díreach in am do chuideachtaí ar nós Atrápalo, gníomhaireacht taistil ar líne atá lonnaithe in Barcelona agus a fhostaíonn 220 duine. Ghlac Atrápalo le hiasacht €500 000 ó bhanc poiblí na Catalóine le cabhrú leis an bhfoireann a íoc agus le déanamh réidh d'fhadhbanna eile gan choinne. "Ní féidir a bheith cinnte faoina bhfuil i ndán don earnáil," arsa Luis Alonso, príomhoifigeach airgeadais Atrápalo. "Ní fios go fóill cathain a thiocfaidh taisteal, turasóireacht agus gníomhaíochtaí áineasa chucu féin arís ná cé chomh gasta agus a tharlóidh sé, ach cuireann an iasacht seo ar ár gcumas an neamhchinnteacht sin a bhainistiú agus cúiteamh a dhéanamh ar an laghdú a tháinig ar ghníomhaíocht i rith na paindéime."

AR AIS CHUIG NA BUNPHRIONSABAIL

Is earnáil í a bhíonn idir ardteicniúil agus nuálach de ghnáth, ach in 2020 bhí údaráis sláinte fud fad na hEorpa ar a mine ghéire ag iarraidh soláthairtí bunúsacha leighis a mhaoiniú agus réitigh shimplí a aimsiú ar arduithe tobanna ar an ráta ionfhabhtaithe COVID-19.

Thuig cathair Kiskunhalas i ndeisceart na hUngáire go bhféadfadh a ráta ionfhabhtaithe COVID-19 dul chomh hard sin nach mbeadh seirbhísí sláinte an réigiúin in ann dó agus bheartaigh an rialtas ospidéal machaire a chur suas dá bharr sin. "Tógadh laistigh de chúpla seachtain é le freagairt do bhorradh ollmhór a tháinig ar líon na gcásanna in ospidéil an réigiúin," arsa Gabor Kiss, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá ag obair ar an maoiniú do Kiskunhalas agus do sholáthairtí éigeandála leighis i dtaca le COVID-19 san Ungáir.

Is féidir le hOspidéal Machaire Eipidéime Kiskunhalas, a cuireadh i gcrích i mí Aibreáin, freastal ar suas le 150 othar agus dearadh go speisialta é le cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil COVID-19 orthu agus a bhfuil dianchúram de dhíth uathu. "Cabhraíonn sé freisin an víreas a choinneáil faoi smacht," arsa Tunde Szabo, eacnamaí sláinte an Bhainc. "Bíonn na seirbhísí áitiúla sláinte in ann na hothair a bhfuil an coróinvíreas orthu a scaradh amach ó na hothair eile, rud a laghdaíonn go suntasach an riosca go dtolgfadh daoine COVID-19 san ospidéal."

Is iondúil go dtacaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta leis an nuálaíocht leighis – mar shampla, bonneagar ospidéil a mhaoiniú, tacú le nuálaíocht i bhfeistí leighis agus sa bhiteicneolaíocht agus vacsaíní in aghaidh COVID-19 a fhorbairt. Éagsúil le blianta eile ámh, níorbh iad teicneolaíochtaí ná uirlisí nuálacha ba mhó a bhí ag teastáil ó ospidéil agus oibrithe cúraim sláinte, go háirithe ag tús na paindéime. Ina áit sin, bhí sé ag dul deacair ar rialtais trealamh bunúsach a chur ar fáil le scaipeadh an ghalair a chosc, gan trácht ar an mbonneagar agus ar na baill foirne a bhí ag teastáil le cásanna troma SARS-Cov-2 a chóireáil. Tháinig siad chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta mar sin, ach iad ag lorg maoinithe do riachtanais leighis i bhfad ní ba bhunúsaí ná mar is gnách.

500 bealach le cabhrú

Bhí ar thíortha freagairt go gasta le trealamh bunriachtanach cosanta a sholáthar dá n-ospidéal, lena n-áirítear maisc leighis, lámhainní, táirgí sláintithe agus trealamh ar leith a bhí ag teastáil i dtaca le cúram criticiúil SARS-Cov-2 go sonrach, amhail leabaí dianchúraim agus trealamh riospráide.

Cé nach raibh an Ungáir i measc na dtíortha san AE ba mheasa a bhí buailte i Márta 2020, theastaigh ón rialtas sláinte an phobail a chosaint mar sin féin trí shrian a chur leis an ráta ionfhabhtaithe. Bhí air déanamh réidh chomh maith toisc gur tuigeadh ag an am go bhféadfadh ráig eile a bheith ar na bacáin. Rud tábhachtach ba ea é sin toisc gur buaileadh an Ungáir go han-dona amach sa bhliain. **Le cabhrú leis an tír a freagairt éigeandála a mhaoiniú, thug an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €162.5 milliún do rialtas na hUngáire. Chuir sí airgead ar fáil do bheagnach 500 earra éagsúil a bhí ag teastáil san earnáil cúraim sláinte le scaipeadh an ghalair a chosc agus le cóir leighis éifeachtach a chur ar othair.**

"Tionscadal speisialta cúraim sláinte a bhí ann don Bhanc," arsa Szabo ón mBanc. "Is gnách go mbíonn nuachóiriú ospidéal agus nuálaíocht sláinte i gceist lenár gcuid tionscadal, ach ní gnách mar atá cúrsaí faoi láthair. Toisc gur léir an gá práinneach a bhí ann, thuigeamar go raibh orainn freagairt go gasta le tacú le Ballstáit an AE agus ár ndícheall a dhéanamh cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim an choróinvíris."

Análaitheoirí, dífhabhtáin, maisc, aerálaithe, monatóirí othair – níl anseo ach cuid de na rudaí a d'éirigh le rialtas na hUngáire a cheannach leis an iasacht seo. "Caitheadh beagnach an iasacht iomlán ar threalamh agus soláthairtí leighis a bheadh ag teastáil i gcomhair fheidhmiú laethúil na n-ionad sláinte i rith na paindéime," arsa Szabo. Leithdháileadh an trealamh nuacheannaithe leighis ar fud na hUngáire.

Réitigh shimplí ar COVID-19 i dtionscadal ospidéil i bPoblacht na Seice

Tá freagairt na hUngáire ar an ngéarchéim ar cheann de roinnt mhaith tionscadail a bhain le COVID-19 ar thacaigh an BEI leo le bliain anuas. Is é fírinne an scéil gur tháinig méadú faoi thrí ar líon na dtionscadal cúraim sláinte ag an mBanc i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ní ar an ngéarchéim amháin a bhí tionscadail cúraim sláinte an Bhainc dírithe in 2020, áfach. In ainneoin na gcúinsí gan fasach, ní dhearnamar dearmad ar na cuspóirí fadtéarmacha atá againn ó thaobh bonneagar cúraim sláinte de.

Tá brú as cuimse ar sheirbhísí áitiúla sláinte de dheasca ghéarchéim an choróinvíris. Is léir chomh maith na laigí agus an easpa ullmhachta san earnáil. Tarraingíodh aird ar na huireasaí ar fad i sean-ospidéil freisin, rud atá tar éis iallach a chur ar rialtais áitiúla dul i ngleic leo. Sin an fáth a bhfuil **an BEI ag cur iasacht €48 milliún ar fáil do Réigiún na Boihéime Láir i bPoblacht na Seice le tacú leis a ullmhacht éigeandála a fheabhsú agus nuachóiriú a dhéanamh ar a chuid bonneagar cúraim sláinte, iompair, cúraim shóisialta agus oideachais.**

> **"Níl i gceist leis sin líon na leabaí inár n-ospidéil a mhéadú. Ina áit sin, is éard atá i gceist leis i ndáiríre ná athléimneacht ár n-ospidéal a mhéadú."**

Is ar athchóiriú agus nuachóiriú cúig ospidéal sa réigiún a chaithfear níos mó ná leath den airgead, chomh maith le seirbhís otharchairr na Boihéime Láir. Beidh rochtain ag beagnach 1.4 milliún duine sa réigiún ar sheirbhísí feabhsaithe sláinte a bhuíochas leis an infheistíocht. "Cuirfidh an clár ar chumas na saoráidí sláinte seo éirí níos éifeachtúla, cáilíocht a gcuid seirbhísí a mhéadú agus a gcion féin a dhéanamh ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus ullmhacht éigeandála de," arsa Szabo.

An t-am is fearr le cosc a chur leis an gcéad phaindéim eile

"Is é an bealach le déileáil le paindéim ná na saoráidí sláinte atá againn cheana a fheabhsú," a mhíníonn Szabo. "Níl i gceist leis sin líon na leabaí inár n-ospidéil a mhéadú. Ina áit sin, is éard atá i gceist leis i ndáiríre ná athléimneacht ár n-ospidéal a mhéadú." Is féidir an méid sin a dhéanamh le réitigh shimplí amhail córais aerála a fheabhsú le hionfhabhtuithe nosacómacha a laghdú agus, mar a tharlaíonn sé, tá sé sin ar cheann de na hathruithe a rinneadh sna hospidéil Sheiceacha.

"Tá i gceist leis freisin athsmaoineamh a dhéanamh ar ár gcóras cúraim sláinte," arsa Szabo. "Ní mór dúinn cur le líon na n-ionad cúraim ainsealaigh. Níor chóir go gcuirfí cúram ainsealach ar fáil in ospidéil ghéarmhíochaine, toisc go bhfuil sé ar an gcineál cúraim is mó a ídíonn acmhainní. Bíonn saoráidí saintógtha cúraim ainsealaigh i bhfad níos éifeachtúla agus bíonn sé níos éasca iad a chur in oiriúint do rialú ionfhabhtuithe, leis." Cuireadh iallach orainn le teacht na paindéime dlús a chur leis na forbairtí seo – smaoineamh as an nua ar ár gcuid ospidéal agus a mheas cé chomh hullamh agus atáimid i ndáiríre. Mar a thuigimid go léir tar éis na bliana seo, anois an t-am is fearr le cosc a chur leis an gcéad phaindéim eile.

RÉITIGH AERÁIDE

TUGANN SAINEOLAITHE DÁR gCUID A MEAS AR DHÚSHLÁN AN ATHRAITHE AERÁIDE

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda aeráide agus d'fhonn tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá spriocanna uaillmhianacha aeráide leagtha amach dó féin ag an BEI agus tá sé ag athrú ina bhanc aeráide don Aontas Eorpach. Ag an am céanna, is ann do dhaoine a mhaíonn nár chóir don phacáiste spreagthaí a bheith dírithe ach amháin ar fhás agus cruthú post le cur i gcoinne iarmhairtí COVID-19. Don BEI, caithfidh an téarnamh a bheith glas agus cabhrú linn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo saol atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de. An doiciméad a bheidh mar bhonn faoinár n-aistear, Treochlár an Bhainc Aeráide, cuireadh i dtoll a chéile in 2020 é. Fágann sé sin go gcuirfear tús le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta glaise seo in 2021.

Elina Kamenitzer, Ceann na Rannóige Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhordaithe Comhshaoil, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Cé gur bhain teacht na paindéime stangadh as an saol, is léir do chách anois go gcaithfimid breathnú ar chinntí ar infheistíochtaí bonneagair amach anseo i gcomhthéacs meastacháin níos radacaí ar riachtanais, iompraíocht agus úsáid acmhainní san am atá le teacht. Is athrú ó bhonn é sin, lena n-éileofar ar thionscnóirí tionscadail – agus ar mhaoinitheoirí – sraith nua táscairí ar inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm. Beidh tacaíocht chomhairleach agus theicniúil nach beag ag teastáil le hacmhainn na dtionscnóirí agus na maoinitheoirí sin a fhorbairt le cur ar a gcumas na teicnící agus na caighdeáin nua seo a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

Frank Lee,
Ceann Mhol Comhairleach Infheistíochta na hEorpa,
an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Cé go bhfuil an saol ag dul deacair orainn faoi láthair tá an ghaoth fós ag séideadh agus an ghrian fós ag taitneamh. Tá léirithe ag foinsí in-athnuaite fuinnimh gur féidir leo an fód a sheasamh in aghaidh COVID-19. Ní fhéadfadh an bealach chun cinn a bheith ní ba shoiléire. Anois is gá dúinn dlús a chur faoin aistriú chuig saol níos glaise.

Alessandro Boschi, Ceann na Rannóige Fuinnimh In-Athnuaite, an Stiúrthóireacht Tionscadal

RÉITIGH AERÁIDE

Is sna cathracha atá líne thosaigh ghéarchéim COVID-19, áit a gcaithfear príomhsheirbhísí sláinte, cosanta sibhialta agus iompair uirbigh a chur ar fáil, chomh maith leis an spás poiblí a bhainistiú, in ainneoin go bhfuil sriantachtaí móra ioncaim ann de dheasca mhoilliú an gheilleagair uirbigh. In 2020 chuireamar cláir téarnaimh uirbigh COVID-19 i bhfeidhm in eochairchathracha amhail Grenoble, Milano agus Barcelona agus d'fhorbraíomar cláir téarnaimh náisiúnta sa Fhrainc, san Ísiltír agus sa Pholainn. Ina theannta sin, seoladh mórshaoráid chomhairleach nua – An Ciste Bearna Aeráide do Chathracha – rud atáimidne agus GIZ, gníomhaireacht na Gearmáine um chomhar idirnáisiúnta, ag cur i bhfeidhm i gcomhar leis an mBanc Domhanda le tacú le cathracha i dtíortha atá i mbéal forbartha agus atá ag teacht chun cinn go luath sa phróiseas ullmhaithe tionscadal. Tionscnamh é seo atá maoinithe ag Lucsamburg agus ag an nGearmáin agus táthar ag súil leis go spreagfaidh sé tionscadail atá cliste ó thaobh aeráide de i réimsí amhail uisce, soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh agus oiriúnú aeráide.

Gerry Muscat, Ceann na Rannóige Forbartha Uirbí, an Stiúrthóireacht Tionscadal

D'fhreagair an BEI ar COVID-19 go gasta. Beidh cumas an Bhainc le cineálacha nua cur chuige a fhorbairt agus le dúshláin gan fasach a shárú níos tábhachtaí fós sa troid in aghaidh an athraithe aeráide agus scriosadh an chomhshaoil. Mar Bhanc Aeráide an AE, beimid in ann ár gcion féin a dhéanamh leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun cinn. Eispéireas an-tairbheach a bheidh ann freisin do gach duine a bheidh ag obair chun an dúshlán is mó dá bhfuil ann sa saol faoi láthair a shárú.

Heinz Olbers,
Stiúrthóir, Iarthar na hEorpa,
an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Ó ceapadh an roth, tá an t-iompar ag spreagadh an duine chun nuálaíochta, ó longa arda go scairdeitleáin, tá sé ag cur agus ag brú na teicneolaíochta chun cinn de shíor. Anois tá sé in am dúinne dúshláin ár linne a shárú. Tá réabhlóid dhigiteach, glas ag athrú na hearnála iompair chun feabhais tráth a bhfuil aeráid an domhain go mór trí chéile agus paindéim sláinte ag bagairt ar an saol. Is é an t-iompar an réiteach agus an fhadhb ag an am céanna. Is é an t-aon earnáil a astaíonn CO_2 atá fós ag fás agus tá sé ar cheann de na hearnálacha eacnamaíocha is measa atá buailte ag an bpaindéim. Ach glactar leis gur ar thús cadhnaíochta a bheidh sé sa téarnamh glas a dtacóidh an BEI leis le córas iompair a chruthú a bheidh inbhuanaithe i ndáiríre.

Gavin Dunnett, Stiúrthóir, Soghluaisteacht,
an Stiúrthóireacht Tionscadal

PLEAN DON PHLÁINÉAD

Cuirfidh Treochlár an Bhainc Aeráide bonn eolais faoinár ngníomhaíochtaí maoinithe d'fhonn tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach san Eoraip.

Tá lá cinniúna na héigeandála aeráide agus comhshaoil ag teannadh linn agus níl ach 10 mbliana fágtha againn le rud éigin a dhéanamh. Leagtar amach i dTreochlár an Bhainc Aeráide an chaoi a seasfaimid lenár ngealltanas aeráide agus comhshaoil ar bhealach a bheidh ag teacht leis an gComhaontú Glas don Eoraip, 2021 go 2025. Cuirfimid dlús leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de. Chuige sin, déanfaimid ár ngníomhaíochtaí maoinithe uile de réir Chomhaontú Pháras, ní fhágfaimid aon duine inár ndiaidh agus leanfaimid orainn ag tacú lenár gcuspóirí fadtéarmacha forbartha.

"Is iomaí impleacht a bheidh ann mar thoradh ar uaillmhianta méadaithe Ghrúpa an BEI, agus beidh air a thosaíochtaí agus an chaoi a n-oibríonn sé a athrú ó bhonn le tabhairt fúthu," arsa Stephen O'Driscoll, Ceann na hOifige Comhshaoil, Aeráide agus Sóisialta. "Athrú ó bhun go barr a bheidh ann agus déanfaimid ár míle dícheall cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach."

Tá straitéis uaillmhianach aeráide i bhfeidhm ag an mBanc ó bhí 2015 ann. Tháinig an smaoineamh le haghaidh Threochlár an Bhainc Aeráide chugainn go déanach in 2019, tar éis don Chomhairle Eorpach agus do thíortha an AE iarraidh ar Ghrúpa an BEI ní ba mhó tacaíochta a thabhairt don Chomhaontú Glas don Eoraip agus dlús a chur le hiarrachtaí chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach san Eoraip faoin mbliain 2050.

Tuilleadh fuinneamh glan, tuilleadh nuálaíochta

Buaicphointí an Treochláir:

- An méid maoinithe ón BEI a chuirtear i leataobh don ghníomhú ar son na haeráide agus don inbhuanaitheacht chomhshaoil a mhéadú ó thart ar 30% faoi láthair go níos mó ná 50% faoi 2025
- Maoiniú nua a ailíniú le prionsabail agus cuspóirí Chomhaontú Pháras
- Tacú le hinfheistíocht €1 trilliún sa ghníomhú ar son na haeráide agus san inbhuanaitheacht chomhshaoil idir 2021 agus 2030
- Tógáil ar an gcinneadh a glacadh le héirí as tacú le tionscadail fuinnimh a úsáideann breoslaí iontaise traidisiúnta
- Ceannaireacht a choinneáil sna margaí caipitil, áit a raibh an BEI ar an gcéad institiúid le bannaí glasa a eisiúint agus a bhfuil sé fós ar an eisitheoir fornáisiúnta bannaí glasa is mó
- Díriú ar fhuinneamh glan, teicneolaíochtaí nuálacha agus digitiú, rudaí a mbeidh ról lárnach acu i dtionscail a nuachóiriú agus a dícharbónú
- Tuilleadh maoinithe a chur ar fáil le cabhrú le sochaithe dul in oiriúint don athrú aeráide agus geilleagair a dhéanamh níos athléimní

Leagtar amach sa Treochlár an chaoi a gcuirfimid tacaíocht níos spriocdhírithe ar fáil le tacú le pobail a mbraitheann a ngeilleagar go mór ar thionscail a úsáideann an-chuid fuinnimh, amhail mianadóireacht guail nó táirgeadh cruach. Ciallaíonn sé sin go gcuirfear tuilleadh acmhainní ar fáil do "aistriú cóir cothrom" agus comhionannas sóisialta, lena n-áirítear tuilleadh oiliúna, post agus seirbhísí comhairleacha dóibh siúd a bhfuil a slí bheatha curtha i mbaol de bharr an aistrithe chuig geilleagair ísealcharbóin agus thionchair an athraithe aeráide. Tacóimid freisin leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a bheidh inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de ar fud an domhain, le béim ar leith ar athléimneacht na bpobal is mó atá i mbaol an athraithe aeráide. "Nuair a smaoinímid ar na slite beatha atá i mbaol ó thionchair an athraithe aeráide, is eol dúinn gurb iad na daoine a bhfuil cónaí orthu i dtíortha i mbéal

forbartha (na tíortha is lú forbairt go hairithe) agus stáit bheaga oileánda is mó a bheidh thíos leis, ach nach bhfuil na hacmhainní airgeadais ag na daoine sin le dul in oiriúint dó," arsa Nancy Saic, príomh-shaineolaí ar an athrú aeráide.

Beidh athruithe ollmhóra le déanamh ag gach tír as seo go ceann 10 mbliana. Cabhróidh an Treochlár leis an mBanc teacht ar chomhpháirtithe nua agus caidreamh nua a chothú ar fud na cruinne d'fhonn a chuspóirí aeráide a bhaint amach.

Léigh Treochlár iomlán an Bhainc Aeráide ag www.eib.org/cbr

AN CHÉAD RUD GLAS EILE

Cabhraíonn an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht, comhpháirtíocht idir an BEI agus an Coimisiún Eorpach, le Ballstáit agus le cuideachtaí tionscadail a ullmhú le maoiniú a fháil. Cabhróidh a chuid oibre leis an Eoraip a huaillmhianta aeráide a bhaint amach.

Hidrigin mar bhreosla malartach

D'iarr Aireacht Iompair agus Bonneagair Dhigitigh na Gearmáine tacaíocht chomhairleach straitéiseach le múnla cistithe agus maoinithe a fhorbairt maidir le húsáid hidrigine mar bhreosla malartach i líonra iompair na Gearmáine. Tá tacaíocht trasearnála á cur ar fáil ag an Mol do sheirbhísí comhairleacha airgeadais le ligean dóibh breathnú go mion ar a bhfuil i ndán don mhargadh hidrigine agus múnlaí maoinithe agus seachadta a mholadh.

Oiriúnú aeráide do Genova

Teastaíonn cúnamh ó bhardais, amhail Genova na hIodáile, le hanailís a dhéanamh ar na roghanna maidir le bearta oiriúnaithe aeráide. Is é an cúram atá leagtha ar an Mol ná anailís a dhéanamh ar na roghanna sin i dtrí nó ceithre chathair éagsúla agus ansin na costais agus na buntáistí a bhaineann leo a chur i gcomparáid. Bunaithe ar thorthaí na hanailíse sin beifear in ann an rogha oiriúnaithe aeráide is oiriúnaí a shocrú i ngach cás.

Seiceáil d'éifeachtúlacht fuinnimh

Lorg an banc le haghaidh spreagtha i bPoblacht na Seice, ČMZRB, cúnamh ón Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht le breathnú ar na bealaí a bhféadfaí cistí an AE a úsáid le méid a chuid infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú. Rinne an Mol measúnú margaidh agus, dá réir sin, mhol ionstraim ráthaíochta a d'fhéadfadh dul i ngleic leis na bearnaí margaidh a aithníodh, lenar áiríodh straitéis infheistíochta, rialachas, monatóireacht agus próisis tuairiscithe. Aithníodh mar thoradh ar an measúnú freisin go raibh gá le meicníocht ilfhreastail le haghaidh cúnamh teicniúil le tionscadail fhéideartha, rud as ar eascair iarratas ar chúnamh forbartha tionscadail faoin tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh. Léiríonn sé seo gur féidir leas a bhaint as cistí an AE agus as cómhaoiniú ón BEI trí ionstraimí nuálacha airgeadais le tacú le forbairt na conraitheoireachta um fheidhmíocht fuinnimh, i dteannta deontais infheistíochta le haghaidh athchóiriú cuimsitheach foirgneamh. Tá scéimeanna den sórt sin beartaithe chomh maith mar chuid den Renovation Wave, tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh arb aidhm leis líon na n-athchóirithe fuinnimh a mhéadú faoi dhó as seo go ceann 10 mbliana. Táthar ag súil leis go gcuirfear an ionstraim airgeadais chun feidhme in 2021.

NUAIR NACH SÉIDEANN AN GHAOTH

Is ann do dhá chuideachta nuálacha Shualannacha a dhéanann cadhnraí arb aidhm leo fuinneamh glan a sholáthar do d'áit chónaithe agus do do charr.

Nuair a bhíonn sé gaofar nó grianmhar, táirgeann feirmeacha gaoithe agus grianfhuinnimh fuinneamh in-athnuaite. Ach ní shéideann an ghaoth i gcónaí, agus uaireanta ní bhíonn an ghrian ag taitneamh ag na hamanna a dteastaíonn uainn fuinneamh a úsáid. Sin an fáth a mbeidh cadhnraí chomh tábhachtach sin sa saol glas atá ar na bacáin. Tá Nilar agus Northvolt, dhá chuideachta Shualannacha, ag táirgeadh cadhnraí a stórálann fuinneamh glas lena úsáid nuair a bhíonn sé ag teastáil.

Tar éis do Nilar a bheith ag forbairt cadhnra nicile i bhformáid mhór nua ar feadh breis is 15 bliana, seoladh ar bhonn tráchtála é in 2019. Tá cadhnraí hidríde miotail nicile na cuideachta deartha le fuinneamh in-athnuaite a stóráil in áiteanna cónaithe nó i socruithe tráchtála, bardasacha agus tionsclaíocha. Níl siad ceaptha teacht in ionad an litiam i bhfeithiclí lánleictreacha toisc gur miotal níos troime í an nicil. Tá cadhnraí hidríde Nilar slán sábháilte lena n-úsáid i bhfoirgnimh ámh, de bharr nach bhfuil cadhnraí hidríde miotail nicile inlasta. Maireann siad 20 bliain agus is féidir iad a athchúrsáil ar bheagán costais, leis.

Tá costais cadhnraí ag titim. Ó bhí 2010 ann tá laghdú beagnach 90% tagtha ar chostas cadhnraí ian litiam, agus titim beagnach dhá thrian tagtha ar chostas cadhnraí nicile stórála suite. Ach tagann formhór mór na n-ardchadhnraí isteach ó thaobh amuigh den Aontas Eorpach faoi láthair. Mar a éiríonn praghas cadhnraí níos réasúnta, tá sé den tábhacht go dtosóimis ag táirgeadh cadhnraí san Eoraip, áit a bhfuil an t-éileamh ar fhuinneamh glan ag borradh go mór. Bíodh sin mar atá, tá próiseas fada, neamhchinnte agus costasach i gceist le cadhnra a fhorbairt agus is é fírinne an scéil go gcaithfear iad a mhonarú ar an mórchóir le bheith iomaíoch. Sin an fáth a dtéann sé iontach deacair ar ghnóthais nach bhfuil ach ina dtús teacht ar infheisteoirí tráchtála agus maoiniú a fháil ó bhainc.

Nuálaíocht ghasta á tiomáint chun cinn

Toisc nach raibh an t-am ag Nilar dea-theist tráchtála a shaothrú go fóill, is tionscadal é nach mbeadh ann gan an maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Tacaíonn Banc an AE le taighde agus le méadú táirgí nuálacha d'fhonn iad a dhéanamh níos tarraingtí d'infheisteoirí príobháideacha. **"Tá an Banc Eorpach Infheistíochta iontach tábhachtach i dtaobh nuálaíocht ghasta a thiomáint chun cinn i gcuideachtaí beaga a bhfuil teicneolaíocht úrnua acu," arsa Michael Obermayer, cathaoirleach Nilar.** Cuideachtaí teicneolaíochta a bhfuil tionscadail nuálacha acu ach nach féidir dúshlán na céime méadaithe a shárú toisc nach bhfuil fáil acu ar a ndóthain caipitil, ní féidir leo fás agus d'fhéadfadh sé go bhfágfaí a smaointe ina luí ar an tseilf dá bhrí sin. Dar le Obermayer "Bhí sé thar a bheith tábhachtach ag tús ár gcéime tráchtálaithe go raibh an Banc Eorpach Infheistíochta toilteanach iasachtaí a thabhairt do Nilar le cabhrú linn ár dteicneolaíocht a thabhairt chun an mhargaidh."

Beidh ról lárnach ag cadhnraí den chéad ghlúin eile i mbaint amach sprioc an Choimisiúin Eorpaigh le hastaíochtaí carbóin a laghdú 55% faoin mbliain 2030. Cuirfidh siad go mór le neamhspleáchas fuinnimh – agus slándáil fuinnimh – na hEorpa.

Rothaí agus muilte gaoithe, ag casadh glas

Tá cadhnraí Northvolt glas chomh maith. Ach, éagsúil le cadhnraí Nilar, tá cadhnraí Northvolt ceaptha lena n-úsáid i bhfeithiclí leictreacha den chuid is mó. Murab ionann is fón póca, ní úsáideann feithiclí leictreacha aon chadhnra amháin Ina ionad sin, úsáideann siad paca atá comhdhéanta de na mílte cealla ian litiam a oibríonn le cheile. Nuair

> **"Is í ár n-infheistíocht a chumasaigh é seo d'aon bhuille... Dá huireasa, d'fhéadfadh sé go bhfágfaí an teicneolaíocht ina luí ar an tseilf nó go gceannófaí amach é, rud a d'fhéadfadh é a thógáil amach as an Aontas Eorpach."**

a dhéantar an carr a luchtú, stóráiltear leictreachas go ceimiceach taobh istigh de na cadhnraí. Nuair a bhíonn an carr ar an mbóthar, scaoileann an cadhnra fuinneamh amach chuig an mótar leictreach gan carbón a sceitheadh amach. Cuid thábhachtach den aistriú glas is ea feithiclí glana leictreacha a chur in ionad carranna is cúis le truailliú carbóin.

Tá Nilar agus Northvolt tacaithe ag iasachtaí ón BEI, a thagann go páirteach faoi scáth Chlár InnovFin an Choimisiúin Eorpaigh. Is clár é sin a dhéanann tionscadail thaispeántacha nuálacha a mhaoiniú i réimsí an bhunathraithe córas fuinnimh chun feabhais, lena n-áirtear stóráil fuinnimh.

A bhuíochas leis an iasacht €46 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta beidh Nilar in ann líon na línte táirgthe a mhéadú ó cheann amháin go dtí ocht gcinn. Cabhróidh na cadhnraí seo le húinéirí tí, foirgnimh thráchtála agus tionscail a bhfuil grianphainéil acu, chomh maith le stáisiúin fuinnimh in-athnuaite níos lú, trí chumasú dóibh fuinneamh glas barrachais a dhíol.

Cuideachtaí cadhnra a mhéadú sa tSualainn

Bhí méadú an phróisis táirgthe mar spreagadh taobh thiar den tacaíocht a thug an BEI do chadhnra cairr leictrigh Northvolt chomh maith. Tar éis don chuideachta iasacht InnovFin a fháil ón mBanc Eorpach Infheistíochta, bhí sí in ann líne thaispeána a thógáil in Västerås, áit nach bhfuil rófhada ó Stócólm, lena coincheap a léiriú. Tosaigh an mhonarcha ar an gcineál nua cadhnra a tháirgeadh ag deireadh 2019.

Tá an chéad chéim eile glactha ag Northvolt cheana: monarcha cadhnraí ian litiam in Skellefteå, oirthuaisceart na Sualainne. **Tá an mhonarcha in Skellefteå tacaithe ag iasacht eile $350 milliún ón Banc Eorpach Infheistíochta, a eisíodh faoi ráthaíocht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha,** atá ina chuid den Phlean Infheistíochta don Eoraip. "Is ar stóráil fuinnimh in-athnuaite a bheidh an tsochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de bunaithe," arsa Peter Carlsson, príomhfheidhmeannach Northvolt, "agus is iad cadhnraí a chabhróidh linn an sprioc sin a bhaint amach."

AR LIG MONTY PYTHON I nDEARMAD FAOIN LÚIPÍN

Tá ciste bithgheilleagair ag iarraidh an bhearna maoinithe a líonadh do chuideachtaí a bhfuil teicneolaíochtaí cruthaithe acu le go mbeidh siad in ann leathadh ar fud na hEorpa.

Chraol an fhoireann ghrinn Bhriotanach Monty Python sceitse tráth ina robálann foghlaí bóthair dúr daoine, é ag béicíl go háiféiseach, "Your lupins or your life!" Is é an greann nach fiú dada lúipíní óir nach bhfuil iontu ach bláthanna corcra. Tá fios a mhalairte ag cuideachta Ghearmánach darb ainm Prolupin. Tá uachtar reoite atá saor ó bhainne agus oiriúnach do veigeáin forbartha ag an gcuideachta, chomh maith le raon táirgí bia eile, agus is ó shíolta an lúipín a thagann siad go léir. Díolann Prolupin, atá lonnaithe gar do Rostock, a chuid táirgí sa Ghearmáin. Ach beidh gá le hinfheistíocht bhreise le leathadh amach chuig tíortha Eorpacha eile, rud a mbíonn deacair do chuideachtaí nuathionscanta a fháil mar gheall nach raibh an t-am acu dea-theist a shaothrú go fóill agus go ndíríonn caipitlithe fiontair ar earnálacha eile den chuid is mó.

Sin an áit a bhfuil fiúntas leis an gCiste Eorpach Bithgheilleagair Chiorclaigh. An Ciste, a bhfuil nach mór €250 milliún tiomsaithe aige cheana don bhithgheilleagar agus don bhithgheilleagar ciorclach, déanann sé infheistíocht i gcuideachtaí nach bhfuil ach ina dtús ach a bhfuil teicneolaíochtaí cruthaithe acu mar sin féin agus tugann maoiniú dóibh lena gcuid oibríochtaí a mhéadú agus le leathadh isteach i margaí níos mó. **Tá tábhacht nach beag ag baint leis an mbithgheilleagar agus leis an mbithgheilleagar ciorclach araon d'fhonn an geilleagar a dhéanamh níos inbhuanaithe agus an comhshaol a chosaint. Laghdaíonn an bithgheilleagar ár spleáchas ar acmhainní nádúrtha trí tháirgí inbhuanaithe a chur chun cinn a úsáideann acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite (amhail lúipíní) le bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh.**

D'eascair an Ciste Eorpach Bithgheilleagair Chiorclaigh as staidéar a rinne Seirbhísí Comhairleacha InnovFin in 2017 agus a cuireadh i dtoll a chéile le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach. Sainaithníodh sa staidéar gurbh ann do bhearna shuntasach sa mhaoiniú do chuideachtaí bithgheilleagair ar theastaigh uathu cur lena bpróisis táirgthe agus dáilte. Moladh sa staidéar gur chóir ciste cothromais a chur ar bun le tacú lena leithéid de chuideachtaí in am a bhfáis. Mar sin, roghnaigh an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Coimisiún Eorpach comhairleoir infheistíochta, a chuir an Ciste Eorpach Bithgheilleagair Chiorclaigh ar bun. "Breathnaítear ar an mbithgheilleagar agus ar an mbithgheilleagar ciorclach mar earnáil atá fós ag teacht chun cinn," arsa Yicui Sun, an t-oifigeach infheistíochta atá i gceannas ar infheistíocht an BEI sa chiste. "Fágann an ráthaíocht ón gCoimisiún Eorpach go bhfuil infheisteoirí príobháideacha á spreagadh leis an mbearna a líonadh."

Ó baineadh an Ciste deireadh a chéad tréimhse amach i mí Dheireadh Fómhair le €82 milliún, tá sé ag tarraingt aird infheisteoirí príobháideacha agus poiblí araon agus gach uile sheans ann go mbeidh tuilleadh ratha air amach anseo. "Is cinnte go músclóidh sé tuilleadh gníomhaíochta san earnáil seo san Eoraip," arsa Felipe Ortega Schlingmann, Ceann na Rannóige Gnó Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe sa BEI. **"Tá an-ghealladh faoi."**

AN INBHUANAITHEACHT SA SPÁS

Tá cuideachta ar bhruacha Lago di Como a dhéanann iompróirí satailíte chun sonraí faoin athrú aeráide a bhailiú ón spás agus chun bruscar a fágadh ann le blianta fada anuas a ghlanadh

Cuidíonn satailítí le daoine agus le chéad fhreagróirí nuair a dhéantar damáiste do líonraí talún de bharr tubaistí nádúrtha, cosúil le hairicíní nó creathanna talún. I gcás paindéime, is ceangal digiteach iad idir gairmithe cúraim sláinte agus othair iargúlta nó iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Ní hé sin amháin, ach soláthraíonn siad sonraí chun contúirtí an téimh dhomhanda a rianú – agus an dul chun cinn atá á dhéanamh againn maidir le dul i ngleic leis.

Ach bíonn bruscar spáis ina thoradh ar na satailítí freisin. Nuair a bhíonn a gcuid misin curtha i gcrích acu, tugtar satailítí beaga ar ais go dtí an domhan chun dó san atmaisféar. Déantar cinn níos mó a atreorú chuig reiligí spásárthaí sna haigéin nó coimeádtar iad ar snámh i bhfithisí rialaithe atá mar a bheadh reiligí satailítí ann. Is mithid a fháil amach cén chaoi déileáil le smionagar spáis, fadhb atá ag dul i méid.

Cuideachta Nuaspáis is ea D-Orbit a bhfuil ceanncheathrú aige in aice le Lago di Como san Iodáil. Tá sé ar thús cadhnaíochta maidir le geilleagar spáis inbhuanaithe agus lóistíocht spáis. "Is oibreoirí a dhéanann breathnóireacht ar an Domhan iad roinnt dár gcustaiméirí, a bhíonn ag seachadadh sonraí agus faisnéis faoin aimsir, truailliú, foraoiseacht agus talmhaíocht, aigéin, creimeadh cósta agus bonneagar criticiúil," a deir Luca Rossettini, príomhfheidhmeannach agus bunaitheoir D-Orbit. "Is deis é an spás dár sochaí, dár dtionscail agus do na hinstitiúidí taighde."

I mí Dheireadh Fómhair 2020, lainseáil D-Orbit – leis an roicéad Eorpach Vega ó Ionad Spáis Guiana – a chéad iompróir satailíte ION, ar éirigh leis 12 shatailít bheaga SuperDove a lainseáil. Is satailítí iadsan a dhéanann íomháú ar an Domhan. An t-iompróir satailíte ION (In Orbit Now) a d'fhorbair D-Orbit, fuair sé tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta – iasacht €15 mhilliún. Tá an maoiniú ina chuid de Mheabhrán Comhthuisceana a síníodh idir an Banc Eorpach Infheistíochta agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa in 2018.

Micreashatailítí agus nanashatailítí

Déantar misin satailíte lasta D-Orbit a oibriú óna cheanncheathrú ag Lago di Como. Mar gheall ar an dearadh atá orthu, is féidir iad a lainseáil leis an iomaí cineál roicéad éagsúil atá ar fáil ar an margadh. Tá sé mar a bheadh tacsaí spáis ann, atá in ann roinnt nanashatailítí nó micreashatailítí a óstáil. Cúpla cileagram meáchain atá sna CubeSats beaga sin. Féadfar cineálacha eile lasta a iompar freisin, amhail teicneolaíochtaí a fhorbraíonn gnólachtaí nuathionscanta, institiúidí taighde agus cuideachtaí spáis ar gá dóibh teicneolaíocht a thástáil agus a bhailíochtú sa spás sula mbeidh siad in ann í a thráchtálú.

"Is réiteach nuálach é iompróir satailíte ION chun tacú le hoibreoirí beaga satailítí agus a dteicneolaíochtaí á dtástáil sa spás acu agus chun dlús a chur leis an tráchtálú a dhéantar ar sheirbhísí satailíte nua," a deir Christian Kohr, príomhinnealtóir bonneagair dhigitigh an BEI, a bhí ag obair ar an iasacht a tugadh do D-Orbit. Deir Anders Bohlin, príomheacnamaí an BEI leis an tionscadal: **"Le coincheap ION, tá D-Orbit ina cheannaire nuálaíochta sa réimse seo."**

CRUACH GHLAS, CRUACH CHIORCLACH

Is iad na tionscail ina n-úsáidtear an-chuid fuinnimh is cúis le 15% de na hastaíochtaí CO_2 ar fud an domhain. Tá ArcelorMittal, mórdhéantúsóir cruach, ag forbairt teicneolaíocht nuálach chun cruach a dhícharbónú, lena laghdaítear astaíochtaí CO_2 – agus lena dtiontaítear ina mbithbhreosla úsáideach iad

Úsáideann foirnéis Ablast gual chun iarann a dhéanamh as amhiarann, trí phróiseas ceimiceach, agus ansin déantar an t-iarann a phróiseáil ina chruach. Astaítear méideanna móra gás ceaptha teasa CO agus CO_2 le linn an phróisis sin. San Eoraip, gabhann déantóirí cruach na heasgháis sin, agus baineann siad úsáid astu chun leictreachas agus teas úsáideach a ghiniúint. Ach ansin scaoiltear an CO_2 amach san atmaisféar.

> **"Ní bheifí in ann an maoiniú sin a fháil murach an tacaíocht a sholáthraíonn an Coimisiún faoi chuimsiú InnovFin."**

Fágann sin go bhfuil monarchana cruach comhtháite ina bpríomhréimse le haghaidh dícharbónú. Tá teicneolaíocht nuálach, cheannródaíoch á cur chun feidhme ag ArcelorMittal na Beilge, mórdhéantóir cruach, teicneolaíocht atá níos casta agus ar scála níos mó ná mar atá amhlaidh in áit ar bith eile ar domhan. Tá an tionscadal i gcomhréir leis an treochlár atá ag ArcelorMittal na hEorpa maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú, a bhfuil sé ina sprioc aige laghdú carbóin 30% a bhaint amach faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

Gabhann an tsuiteáil na heasgháis (ina bhfuil an-chuid CO agus CO_2) ón bhfoirnéis soinneáin, agus déantar eatánól astu trí phróiseas coipthe gáis ina n-úsáidtear miocróib. D'fhorbair an gnólacht LanzaTech ó SAM an teicneolaíocht "Carbalyst" sin. Tá sé féin agus ArcelorMitta ag obair i gcomhpháirt le chéile le deich mbliana anuas. "Toisc gur táirgeoir ábhair muid, creidimid nach mór dúinn díriú ar an ngeilleagar ciorclach agus próisis athghiniúnacha a fhorbairt inar lú an méid acmhainní príomha a úsáidtear agus lena gcuirtear ar ár gcumas dúinn astaíochtaí carbóin a laghdú," a deir Carl De Maré, ceann na straitéise teicneolaíochta le Grúpa ArcelorMittal. **"Is gá cruach agus dramhaíl eile a athchúrsáil, agus is uirlis den scoth í an fhoirnéis soinneáin chun é sin a dhéanamh."**

Tá an dara céim i gceist sa tionscadal freisin. Ós rud é go dtéann carbón isteach san fhoirnéis soinneáin faoi láthair i bhfoirm gual iontaise, tá sé beartaithe ag an gcuideachta fuíolladhmad, a ndearnadh cóireáil air chun bithghual a dhéanamh as, a chur in ionad cuid den charbón iontaise sin. Cheana féin, is céim i dtreo an aistrithe ghlais é carbón ciorclach a chur in ionad gual iontaise.

"Is gnáthphróiseas gabhála agus úsáide carbóin é," a mhíníonn De Maré. "Tá an fhoirnéis soinneáin ina lár. Tagann an tionscadal seo ag an deireadh, ar leibhéal na seachtháirgí, chun eatánól a dhéanamh, ach ag an tús freisin, le loiscthriomú an charbóin ó fhoinsí nádúrtha. Ach an dá phróiseas nuálacha sin a chur le chéile, déantar bitheatánól: eatánól a tháirgtear le carbón de bhunadh bitheolaíoch. Leis sin, dúntar an ciorcal carbóin."

Maoiniú na nuálaíochta: ó theoiric go cleachtas

Ní furasta an cineál seo nuálaíochta teicneolaíochta a dhéanamh ná ní féidir a bheith cinnte go mbeidh toradh uirthi. Ní mór infheistíocht nach beag a dhéanamh freisin i gcomhair na ngléasraí, an trealaimh agus an innealra nua. Mar sin is dúshlán é fiontar den sórt sin a mhaoiniú.

> **"Táimid ag dul sa seans ó thaobh na teicneolaíochta, ach ba mhaith linn tacú leis an tionscal."**

Faoi InnovFin, saoráid an Choimisiúin Eorpaigh um Tionscadail Taispeána Fuinnimh, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €75 milliún i mí na Bealtaine 2020 le ArcelorMittal na Beilge chun tógáil na n-áiseanna nua a mhaoiniú go páirteach. "Is scéim spéisiúil, nuálach í seo atá casta le cur chun feidhme," a deir Senso Figaredo Pire, an t-oifigeach sinsearach iasachta sa Bhanc Eorpach Infheistíochta a thug chun críche an t-idirbheart casta sin. "Cuireann sí leis an ngeilleagar ciorclach agus gintear eatánól glas, ar féidir é a úsáid mar bhreosla nó mar bhunábhar i bpróisis cheimiceacha éagsúla."

"Ní bheifí in ann an maoiniú sin a fháil murach an tacaíocht a sholáthraíonn an Coimisiún faoi chuimsiú InnovFin," a deir Figaredo Pire. "Bhíomar ag obair i ndlúthpháirt leis an gCoimisiún. Agus anois d'fhéadfadh an tionscadal seo a bheith ina chéim shuntasach chun tosaigh do thionscal na cruach chun aistriú glas a bhaint amach."

Cuirfear chun feidhme ar dtús é ag láithreán ArcelorMittal in Gent. Tá sé ina aidhm leis an teicneolaíocht 15% de na heasgháis a úsáid chun eatánól a tháirgeadh, in ionad leictreachais. Ach is é an fhís tá ag ArcelorMittal fáil réidh lena chuid gléasraí cumhachta inmheánacha de réir a chéile, agus ina n-ionad, próisis a chur i bhfeidhm trína n-athrófar easgháis ina n-eatánól – nó, amach anseo, ina mbuntáirgí ceimiceacha eile.

Mar gheall gur lú an méid cumhachta a tháirgeann na gáis ar seachtháirge carbóin iad, is féidir le ArcelorMittal aistriú chuig comhaontuithe ceannacháin cumhachta le táirgeoirí fuinnimh in-athnuaite, agus ar an gcaoi sin is féidir leo tacaíocht dhíreach a thabhairt maidir le cumhacht in-athnuaite a fhorbairt. Tá sé beartaithe ag an gcuideachta go mbeidh cúig cinn de na gléasraí sin ag feidhmiú faoi 2025 ar fud na hEorpa agus sa chuid eile den domhan.

Cad is fearr fós ná carbón athchúrsáilte? Carbón glas athchúrsáilte

Tá an tionscadal inmharthana ar bhonn eacnamaíoch toisc go bhfuil éileamh mór ar eatánól, ar fusa é a stóráil agus a iompar ná leictreachas freisin. Is féidir an-chuid úsáidí éagsúla a bhaint as eatánól. Is féidir é a úsáid mar bhreosla, ach é a chumasc le gásailín. Chomh maith leis sin, is féidir é a thiontú ina eitiléin, comhpháirt bhunúsach den phróiseas monaraíochta plaistigh, rud a rannchuidíonn leis an ngeilleagar ciorclach.

"Cosnaíonn an infheistíocht seo poist atá ann cheana tríd an tionscal cruach a choinneáil san Eoraip, áit a dteastaíonn daoine ardoilte uainn chun na gléasraí seo a dhearadh agus a oibriú," a deir Marc Tonteling, innealtóir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Agus an dá phróiseas nuálacha sin i bhfeidhm, tá sé ina sprioc ag an gcuideachta 80 milliún lítear bitheatánóil a tháirgeadh, méid atá comhionann leis an mbreosla a úsáideann 600 eitilt idir Nua-Eabhrac agus Londain. Measann ArcelorMittal go mbeidh an méid CO_2 nach n-astófar cothrom le hastaíochtaí bliana ó 350 000 gluaisteán.

"Thaitin díograis agus tiomantas na ndaoine in Gent liom, agus bhí siad ag iarraidh go n-éireodh leis an tionscadal seo," a deir Tonteling. "Tá riosca teicneolaíochta á ghlacadh againn, ach ba mhaith linn tacú leis an tionscal, agus má éiríonn leis seo d'fhéadfadh sé eascairt as go ndéanfar táirgeadh níos ginearálta ar tháirgí carbóin chiorclaigh amhail bithbhreosla, breoslaí carbóin athchúrsáilte, bitheatánól agus go leor eile."

RÚIN LE NOCHTADH

Tá bonneagar nua um athrú aeráide sa Ghréig a sholáthróidh sonraí atá ríthábhachtach chun staidéar a dhéanamh ar théamh domhanda agus chun tubaistí nádúrtha a thuar

Is saotharlann nádúrtha é oirdheisceart na Meánmhara a chabhróidh le heolaithe faire ar an athrú aeráide agus é a thuar ar fud an domhain. Mar sin féin, ní dhearnadh dóthain staidéir ar an limistéar sin go dtí seo.

Chun an bhearna sin a líonadh, tá dhá cheann de phríomhionaid taighde rialtas na Gréige ag tógáil bonneagair agus trealaimh chun an t-aer a thomhas agus taiscéalaíocht a dhéanamh ar an uisce – ón gciseal is airde san atmaisféar go dtí breis is 5 000 méadar faoi dhromchla na Meánmhara san áit is doimhne a bhfuil sí, áit a tharlaíonn a bheith sa Ghréig.

Tá Réadlann Náisiúnta na hAithne ag bunú Réadlann Gheoifisiceach Phan-Heilléanach Antikythera (PANGEA) ar Antikythera, oileán beag nach bhfuil ach dornán daoine ina gcónaí air idir an Chréit agus an Pheilipinéis. "Is céim mhór chun tosaigh é tionscadal PANGEA maidir le paraiméadair atmaisféaracha a thomhas agus samhlacha aeráide a thógáil i leith oirdheisceart na Meánmhara," a deir an tOllamh Manolis Plionis, uachtarán na Réadlainne. "Is áit é réigiún na Meánmhara a bhfuil an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm go mór uirthi agus **cuideoidh na sonraí linn teacht ar thuiscint ar an gcaoi a dtiocfaidh an t-athrú aeráide chun cinn sna blianta amach romhainn**, agus ar a iarmhairtí ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar."

Idir an dá linn, tógfaidh an tIonad Heilléanach um Thaighde Mara long nua taighde aigéaneolaíochta in ionad seanlong a bhfuil deireadh lena cúraimí tar éis di bheith i mbun oibre le 35 bliana anuas. Beidh an long nua in ann taiscéalaíocht a dhéanamh in uisce éadomhain ilchríochach i ndomhain na farraige. Beidh sí 70 méadar ar fhad agus 16 mhéadar ar leithead, beidh saotharlanna ilchuspóireacha ar a bord agus beidh deiceanna fairsinge oscailte inti ar féidir coimeádáin a chur orthu ina mbeidh saotharlanna soghluaiste, inmhalartaithe. Fágfaidh sé sin go mbeidh an long ina hardán ilúsáide i gcomhair réimse leathan misean eolaíochta agus misean eile.

"Tá an Mheánmhuir ríthábhachtach maidir leis an athrú aeráide, toisc go bhfeidhmíonn sí mar a bheadh **aigéan beag** ann atá ag freagairt go tapa d'inathraitheacht aeráide. Is iomaí rún atá le nochtadh fós sna huiscí dorcha nach bhfuil taiscéalaíocht déanta orthu," a deir an Dr Aris Karageorgis, uachtarán an Ionaid. "Is féidir le long nua stuama ar a bhfuil teicneolaíocht úrscothach cabhrú linn **taiscéalaíocht bhreise a dhéanamh ar uisce agus grinneall na Meánmhara** agus a thuar cad a d'fhéadfadh a tharlú sna móraigéin faoi thionchar an athraithe aeráide."

Bonneagar athraithe aeráide na Gréige le haghaidh dúshlán domhanda

Déanfaidh stáisiún PANGEA monatóireacht leanúnach ar bhun-athróga aeráide agus ar ghníomhaíocht gheoifisiceach agus cuirfidh sé sruth sonraí monatóireachta deimhnithe fíor-ama chuig an bpobal eolaíochta. Tá sé ina aidhm leis aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail an t-athrú aeráide agus a thionchar ar adhaimsir agus tubaistí nádúrtha sa Ghréig agus in oirthear na Meánmhara, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht sheismeach. In oirdheisceart na Meánmhara, tá sé sin tábhachtach toisc nach ndearnadh mórán monatóireachta ar an limistéar sin go dtí seo, in ainneoin dianghníomhaíocht theicteonach.

Is bonneagar nua í an long i gcabhlach aigéaneolaíochta an domhain, cabhlach atá ag dul in aois, agus is féidir léi "an aigéaneolaíocht a leigheas," a deir Karageorgis.

Ar an leibhéal eolaíoch, fágfaidh na tionscadail go mbeifear in ann a bheith seasta ag bailiú athróga aeráide bunúsacha san atmaisféar agus san fharraige mar ionchur i samhlacha aeráide. Is féidir breathnuithe níos fearr agus réamhaisnéisí níos cruinne ar an athrú aeráide a bheith ina dtoradh ar

shamhlacha aeráide ar féidir brath orthu. Cuideoidh na sonraí le heolaithe teacht ar thuiscint ar an gcaoi a n-athraíonn an aeráid agus idirdhealú a dhéanamh idir an t-athrú aeráide nádúrtha agus an t-athrú aeráide arb iad na daoine is cúis leis. I réimse an taighde mara, neartóidh sé sin caomhnú na bithéagsúlachta trí bhreathnú ar an gcaoi a n-athraíonn orgánaigh bheo, mar shampla trí staidéar a dhéanamh ar speicis neamhdhúchasacha a thagann ó uiscí trópaiceacha mar gheall ar ardú a bheith tagtha ar theocht an uisce farraige.

Tionchar ar shochaí na Gréige, ag cur i gcoinne imirce daoine oilte

Imreofar tionchar dearfach ar shochaí na Gréige freisin. **Cuideoidh na sonraí ó stáisiún PANGEA le húdaráis cosanta sibhialta na Gréige drochéifeachtaí tubaistí nádúrtha a thuar agus, b'fhéidir, iad a sheachaint.** Ina theannta sin, tabharfaidh an bonneagar sin an deis don Ghréig cur leis an iomrá atá uirthi ó thaobh an taighde de. "I réimsí taighde is minic nach mbíonn an Ghréig iomaíoch go leor," a deir Martin Humburg, eacnamaí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Taispeánann na tionscadail seo go bhfuil taighdeoirí ceannródaíocha den scoth ag an nGréig. Níl de dhíth orthu ach tacaíocht agus bonneagar lena chur ar a gcumas dóibh a gcuid eolais agus scileanna a úsáid agus dul san iomaíocht le daoine eile."

Deir an tOllamh Plionis freisin: "Beidh tairbhí sochaíocha tábhachtacha ag tionscadal PANGEA, a bhaineann le meath daonra Antikythera a chur ar cúl agus feabhas a chur ar an loingeas cósta sa limistéar teorann seo."

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta, banc aeráide an Aontais Eorpaigh, iasacht suas le €57.5 milliún le stát na Gréige i mí Iúil 2020 chun maoiniú a dhéanamh ar thógáil na Réadlainne Geoifisice in Antikythera agus ar a trealamh, mar aon leis an long aigéaneolaíochta nua. Beidh na tionscadail sin á gcur chun feidhme thar thréimhse idir cúig agus sé bliana.

Bíonn an maoiniú i gcomhair tionscadail eolaíochta gann, go háirithe sa tréimhse dhéine atá i réim sa Ghréig ó tharla an ghéarchéim airgeadais, a mhíníonn Costas Kargakos, an t-oifigeach iasachta sa Bhanc Eorpach Infheistíochta a bhí ag obair ar an gcomhaontú iasachta. **"Tacaíonn an oibríocht le hiarrachtaí rialtas na Gréige infheistíochtaí i mbonneagar taighde straitéisigh a chur chun cinn agus tá sé ina aidhm léi cur le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú dó, rud atá ina phríomhthosaíocht ag an mBanc agus ag an Aontas Eorpach."**

> **"Cuideoidh na sonraí linn teacht ar thuiscint ar an gcaoi a dtiocfaidh an t-athrú aeráide chun cinn sna blianta amach romhainn, agus ar a iarmhairtí ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar."**

PLEAN I gCOMHAIR NA BEATHA

Ní mór an phleanáil uirbeach a chur in oiriúint do riachtanais saoránach le linn paindéime, chomh maith le féachaint chuige go mbeidh cathracha níos báúla don chomhshaol agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de. Bealach chun cinn á léiriú ag Barcelona

Tá Barcelona ag obair chun truailliú a laghdú, ach freisin chun spás maireachtála a chruthú lena spreagfar daoine óga chun fanacht sa chathair agus é a fhágáil níos éasca ag daoine scothaosta aire a thabhairt dóibh féin. "Tá straitéis an-soiléir ag Barcelona," a deir Alex Saz-Carranza, oifigeach iasachta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. "Le plean nua na cathrach, táthar ag tabhairt aghaidh ar shoghluaisteacht, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar chomhtháthú sóisialta. Cuideoidh bearta sna réimsí sin go léir leis an gcathair ullmhú don am atá le teacht, agus teacht chuici féin ón bpaindéim COVID-19 freisin."

Bhí tionchar an athraithe aeráide ina thoisc mhór le blianta beaga anuas maidir le pleanáil uirbeach, ach tháinig dúshláin nua leis an bpaindéim, go háirithe don earnáil sláinte agus do dhaonra dlúth na cathrach. Ní mór spásanna poiblí a bheith ann inar féidir le daoine saol sóisialta a bheith acu agus iad achar sábháilte óna chéile. Rinne an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €95 mhilliún a fhormheas in 2020 chun cabhrú le Barcelona timpeall 40 tionscadal a chur i gcrích, tionscadail a bhí dírithe ar ghníomhaíocht aeráide agus ar fheabhas a chur ar cháilíocht na beatha sa chathair.

Bainfear leas as an gceathrú cuid den iasacht sin chun athbheochan a dhéanamh ar bheagnach 200 000 méadar cearnach talún agus bloic ollmhóra a chruthú inar fusa ag daoine é gluaiseacht thart, leas a bhaint as spásanna poiblí le haghaidh gníomhaíochtaí fóillíochta agus gnó a dhéanamh. Tabharfar tosaíocht do choisithe ina lán áiteanna sa chathair. Cuirfear limistéir íseal-luais i bhfeidhm a mbeidh uasteorainn 10 km/uair i bhfeidhm iontu. Déanfar gach foirgneamh nua a dhearadh sa chaoi is gur beag nach mbeidh astaíocht ar bith i gceist leis. Fágfaidh línte bus agus lánaí rothair nua go mbeidh fonn ar dhaoine gan a gcarr a thabhairt ar bhóithre na cathrach agus laghdófar astaíochtaí dá bharr sin. Tá dlús á chur le clár faoina bhfuil crainn á gcur. An toradh a bheidh air sin: cathair a bhfuil teacht aniar níos fearr inti i leith an athraithe aeráide, agus a chabhraíonn le daoine treoirlínte maidir le scaradh sóisialta a leanúint.

Limistéir gan trácht ar bith

Le hocht mbliana anuas, tá níos mó ná €150 billiún infheistithe ag an mBanc chun cathracha níos fearr a thógáil. **Tá tionscadal Barcelona cosúil le comhaontú maoinithe €201 milliún, a rinne in 2020 freisin, chun cabhrú le Milano éifeachtúlacht fuinnimh a chuid foirgneamh a threisiú, é a fhágáil níos éasca ag muintir na cathrach siúl thart agus seirbhísí iompair phoiblí a úsáid, níos mó spásanna glasa oscailte a chruthú agus cuidiú le téarnamh an gheilleagair tar éis na paindéime.**

Éilítear i bplean aeráide Barcelona go ndéanfar laghdú mór ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an méid uisce a ídítear agus ar an mbochtaineacht. Tá sé beartaithe ag an gcathair a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. "Tá muintir Barcelona réamhghníomhach go leor agus tá teist fhada acu go dtí seo ó thaobh rannpháirtíochta," a deir Leonor Berriochoa, innealtóir sinsearach san fhorbairt uirbeach leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Bíonn an-fhonn ar an bpobal dul i ngleic le saincheisteanna aeráide agus saincheisteanna sóisialta. Is maith le daoine a bheith páirteach, a gcuid tuairimí a chur in iúl agus cur le beocht na gcathracha."

AN COMHAONTÚ GLAS I nGNÍOMH

Sa Pholainn, tá borradh ag teacht faoin bhfuinneamh in-athnuaite de réir mar a mheallann athrú reachtaíochta infheisteoirí idirnáisiúnta – agus réitíonn sé sin an bealach don aistriú chuig cur chuige glas

Tá 29 dtuirbín gaoithe á dtógáil ar stráice 50 km de chósta Mhuir Bhailt sa Pholainn. Tá túir arda bhána na dtuirbíní sin tógtha ar chnoic ghleoite ina bhfuil cónaí ar mhúis, fianna agus coiníní. Nuair a bheidh siad críochnaithe, soláthróidh siad dóthain leictreachas glan chun cumhacht a thabhairt do 138 000 teach Polannach. "Táim an-bhródúil as an gcaoi a léiríonn an fheirm ghaoithe seo againne gur féidir leictreachas a ghiniúint gan cur as don dúlra," a deir Diana Kazakevic, ceann réigiún na Polainne do Ghrúpa Ignitis, an chuideachta fuinnimh Liotuánach atá liostaithe i Vilnias agus i Londain agus atá ag tógáil na feirme gaoithe. "Sa Pholainn, is minic a ndearna an leictreachas dochar don dúlra."

Tá feirmeacha gaoithe Ignitis in Pomerania ina gcuid de ghluaiseacht nua i dtreo cumhacht ghlan sa Pholainn, tír a fhaigheann beagnach a cuid fuinnimh go léir ó ghual a dhéanann truailliú ar an gcomhshaol. **Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta trí iasacht a rinneadh le feirmeacha gaoithe sa Pholainn in 2020, agus shínigh sé comhaontú maidir le cumhacht ghréine freisin.** "Tá an Pholainn faoi bhrú éigin mar gheall ar an athrú aeráide," a deir Roland Schulze, ar comhairleoir bainistíochta maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh ísealcharbóin é leis an mBanc. "Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar thús cadhnaíochta ó thaobh cuidiú leis an bPolainn a hearnáil fuinnimh a athrú ó bhonn."

D'éirigh an fuinneamh in-athnuaite ní ba tharraingtí ó thaobh na hinfheistíochta sa Pholainn dhá bhliain ó shin, nuair a d'athraigh an rialtas an reachtaíocht a bhfuil feidhm aici maidir le conarthaí fuinnimh. Faoin dlí nua, déanann cuideachtaí a dtairiscint bunaithe ar an bpraghas ar a bhfuil sé beartaithe acu leictreachas a dhíol. Fiú má thiteann praghas an mhargaidh, rathaítear go bhfaighidh siad a bpraghas tairisceana. Má ardaíonn praghas an mhargaidh, íocfaidh siad an difríocht leis an rialtas.

Comhaontuithe nua fuinnimh in-athnuaite na Polainne

Bhí an tionscadal Ignitis ar cheann de na chéad chomhaontuithe a tugadh i gcrích faoin dlí nua. Léirigh maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta, a thug beagnach €60 milliún ar iasacht don tionscadal, "go bhfuil comhpháirtithe againn a bhfuil clár oibre inbhuanaitheachta glas acu," a deir Kazakevic, atá ag obair ar an tionscadal sin. Mar atá amhlaidh i gcás cuid eile de na cheithre chomhaontú maidir le fuinneamh in-athnuaite a rinne an BEI leis an bPolainn in 2020, tá ráthaíocht ón gCiste Eorpaigh um Infheistíochtaí Straitéiseacha ag gabháil leis an iasacht.

An treocht sin atá ag teacht chun cinn sa Pholainn, d'fhéadfadh sé a bheith ríthábhachtach i leith an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Faoi phlean an Choimisiúin Eorpaigh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, plean a fógraíodh in 2020, gealltar nach mbeidh gáis ceaptha teas ar bith, ar an nglanleibhéal, á n-astú ag an Eoraip faoi 2050. Tá sé ina aidhm faoin gComhaontú Glas freisin a chinntiú nach bhfágfar ar lár aon réigiúin atá ag brath faoi láthair ar bhreoslaí iontaise san aistriú go teicneolaíocht ghlan. Tá sé sin tábhachtach i gcás na Polainne, lena tionscal mór guail.

"Feicimid an Comhaontú Glas i ngníomh," a deir Vincent Metzler, saineolaí um maoiniú tionscadail leis an BEI. "Teastaíonn go leor bonneagair ón earnáil seo – agus is maith an rud é sin ó thaobh post de. Chun aistriú cóir a bhaint amach, tá ciall agus réasún leis."

RÉITIGH FORBARTHA

MEON DOMHANDA

Ach daoine, cearta an duine agus cuimsiú sóisialta a bheith i gcroílár na n-iarrachtaí forbartha, bíonn na deiseanna agus na tairbhí is mó ar fáil do chách. Is féidir le hinfheistíocht spriocdhírithe cuidiú leis an aistriú chuig geilleagar glas agus le forbairt shóisialta, agus mar sin déanann an BEI infheistíochtaí i dtionscadail lena dtacaítear le cur chuige uilechuimsitheach i leith an aistrithe chuig geilleagar ísealcharbóin, agus lena gcothaítear an teacht aniar i gcás na bpobal is mó a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm orthu, bídís san Aontas Eorpach nó níos faide i gcéin. Trí raon leathan de chearta an duine a mheas, a urramú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine dúchasacha, pobail áitiúla, imircigh, mná agus páistí, trí mheán na gcaighdeán comhshaoil agus sóisialta agus na mbeartas ábhartha atá ag an BEI, leanfaidh sé ar aghaidh ag áirithiú éifeachtacht, tionchar agus inbhuanaitheacht a chuid oibríochtaí.

Yasmine Pagni, Ceann an Bheartais Shóisialta, an Stiúrthóireacht Tionscadal

Chuaigh tionchar eacnamaíoch na paindéime COVID-19 i bhfeidhm go mór ar an earnáil mhicreamhaoiniúcháin dhomhanda. Chun micrifhiontair a chosaint, threoraigh go leor rialtóirí náisiúnta d'institiúidí micreamhaoiniúcháin aisíoc na méideanna go léir a bhí dlite ó chliaint a chur siar, rud a d'fhág go raibh punanna iasachtaí ag dul in olcas agus go raibh srianta leachtachta ann mar gheall ar an easpa sreafaí airgid. Baineann tábhacht ar leith sa chás seo leis an tacaíocht leanúnach a thugann an BEI d'institiúidí micreamhaoiniúcháin trí mhaoiniú fadtéarmach. Tar éis na géarchéime COVID-19, d'fhéadfadh sé gur mó fós an leibhéal maoinithe a bheidh ag teastáil chun tacú le hathshlánú geilleagar a bhíonn bunaithe de ghnáth ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga.

Milena Messori, Ceann Cothromais agus Micreamhaoiniúcháin Neamh-AE, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Sa Túinéis, mar atá amhlaidh i dtíortha comhpháirtíochta eile, thug an BEI freagra tapa ar an ngéarchéim COVID-19 trí cheannach trealamh míochaine a mhaoiniú agus a bheith solúbtha maidir le coinníollacha na n-iasachtaí atá déanta againn cheana féin. Cuid den iasacht leanúnach uainn chun scoileanna a athchóiriú, rinneamar í a athdháileadh chun trealamh cosanta a cheannach do mhúinteoirí agus scoláirí ar fud na tíre. Leanamar lenár n-iarrachtaí freisin chun saol laethúil mhuintir na Túinéise a fheabhsú trí mhaoiniú a dhéanamh ar bhonneagar uisce a bhfuil géarghá leis agus ar thionscadal soghluaisteachta uirbí i Mórcheantar na Túinéise, áit a bhfuil cónaí ar an gceathrú cuid de mhuintir na tíre sin.

Jean-Luc Revéreault, Ceann oifig an BEI sa Túinéis, An Ard-Rúnaíocht

RÉITIGH FORBARTHA

Tá seanfhocal ag muintir na hAfraice: “Más mian leat dul go gasta, téigh leat féin. Más mian libh dul i bhfad i gcéin, téigí le chéile.” Tá an BEI ag obair go crua chun comhpháirtíochtaí a thógáil – le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, lena n-institiúidí forbartha agus le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta, rialtais agus cuideachtaí príobháideacha ar fud na cruinne. Tagann na comhpháirtíochtaí sin go léir le chéile i gcoinne COVID-19 lenár gcomhpháirtí nádúrtha, an Coimisiún Eorpach, i bhFoireann na hEorpa. Anois féin, áfach, ní mór dúinn cuimhneamh ar na dúshláin atá imithe in olcas de bharr na géarchéime: an t-athrú aeráide, neamhionannas inscne agus cineálacha eile neamhionannais, agus dífhostaíocht, go háirithe i measc daoine óga. Ní mór dúinn díriú orthu sin, agus ní mór dúinn féachaint ar bhealaí chun níos mó a dhéanamh, agus chun cur chuige níos nuálaí a ghlacadh.

Catherine Collin, Ceann na hOifige Réigiúnaí i gcomhair Oirthear na hAfraice, Nairobi, An Ard-Rúnaíocht

Thacaigh an BEI le monarchana de chuid na hearnála príobháidí a dhéanann painéil ghréine fhótavoltacha sa tSeineagáil, sa tSaimbia agus i Meicsiceo agus le feirmeacha gaoithe sa Mhongóil, sa Chéinia agus san Iordáin. Toisc gur muidne banc aeráide an Aontais, leanfaimid orainn ag cur fuinneamh glan, inacmhainne chun cinn ar fud na margaí atá ag teacht ar an bhfód. Is gnách go ndéantar tionscadail fuinnimh in-athnuaite na hearnála príobháidí a mhaoiniú ar bhonn iasacht theoranta, mar mhaoiniú tionscadail, agus ó 2015 i leith is iadsan atá i gceist le níos mó ná 90% d’iasachtaí iomlána an BEI lasmuigh den Aontas Eorpach chun tionscadail a mhaoiniú.

Paloma Perez de Vega, Ceann an Mhaoinithe Tionscadail do Chomhpháirtithe Domhanda agus Tíortha Comharsanachta, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Níl aon teorainneacha ag an bpaindéim COVID-19 agus tá a tionchar eacnamaíoch agus sóisialta le haireachtáil i ngach cearn den domhan. Tá sí imithe i gcion go mór ar ár gcomhpháirtithe méadaithe agus ár gcomhpháirtithe comharsanachta. Ina cháil mar bhanc an Aontais Eorpaigh, tá ról ar leith ag an BEI maidir le cuidiú lenár gcomharsana freagairt d’éifeachtaí forleathana na paindéime. Ó thús na géarchéime seo, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus mar chuid den tionscnamh ‘Foireann na hEorpa’, rannchuidíomar le hathneartú na gcóras sláinte agus thacaíomar le pobail ghnó agus le huasghrádú an bhonneagair riachtanaigh.

Flavia Palanza, Stiúrthóir, Tíortha Comharsanachta, an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Is deis í gach géarchéim. An phaindéim COVID-19 agus na srianta taistil a cuireadh i bhfeidhm dá barr, léirigh siad dúinn luach ollmhór ár bhfoirne gníomhaíochta seachtracha, foirne atá ag dul i méid, i mbeagnach 30 oifig ar chúig mhór-roinn ar fud na cruinne. Déanaimid gníomh go héifeachtúil, éifeachtach ar an láthair, in ainneoin na ndúshlán atá romhainn faoi láthair.

Ulrich H. Brunnhuber, Ceann na hIonadaíochta Gníomhaíochta Seachtraí, An Ard-Rúnaíocht

FAOISEAMH TAPA

I gcás chóras sláinte Mharacó, is dúshlán mór é COVID-19. Is cuidiú é gníomhaíocht airgeadais sciobtha ón BEI chun cur i gcoinne na géarchéime – agus chun oiliúint a chur ar bhaill foirne leighis le cáilíocht na beatha ar fud na tíre a fheabhsú

Tá leapacha ag líonadh suas le hothair COVID-19 ag Ibn Rochd Center Hospitalier Universitaire (CHU) i gCasablanca. Deir an tOllamh Kamal Marhoum El Filali, ceann na seirbhíse um ghalair aicídeacha san ospidéal, go bhfuil "bainistiú" á dhéanamh ag an ospidéal ar an sruth othar. Ach má thagann tuilleadh agus tuilleadh othar chuig an ospidéal, a deir sé, d'fhéadfadh sé nach fada nach mbeidh leapacha dianchúraim ná leapacha athbheochana ar fáil. "Níos deacra agus níos deacra atá cúrsaí againn anseo," deir an Dr Marhoum.

Ghníomhaigh Maracó go diongbháilte chun smacht a chur ar an bpaindéim san earrach: cuireadh dianghlasáil i bhfeidhm ar fud na tíre agus cuireadh stop le turasóireacht agus le taisteal ar chúiseanna eile. Ach, ar nós an iomaí náisiún, bhí an dara ráig ionfhabhtuithe ag Maracó, ceann ollmhór. Bhí timpeall 5 000 cás in aghaidh an lae sa tír i lár mhí na Samhna, agus fuair thart ar 80 duine bás gach uile lá. Faoin am sin bhí níos mó ná 320 000 duine (as 37 milliún duine sa tír) tar éis an víreas a tholgadh agus bhí thart ar 5 000 duine tar éis bás a fháil. Bhí an córas sláinte ag streachailt leis an ualach millteanach sin.

> **"Bhí práinn agus brú ollmhór i gceist, mar bhí a fhios agam go bhfaigheadh othair bás murach muidne. Níor mhór beart práinneach a dhéanamh go beo."**

Ní thógann CHU ach othair atá buailte go dona ag COVID-19 – iad siúd a dteastaíonn dianchúram nó athbheochan uathu – agus a fhostaithe féin a tholg an víreas. Ceann de na fadhbanna is mó atá ag an ospidéal, a deir an Dr Marhoum, is ea bainistíocht a dhéanamh ar an líon oibrithe ospidéil atá breoite nó ar nochtadh don víreas iad agus a chaithfidh iad féin a leithlisiú ar feadh suas le 14 lá. Tá líon na n-othar sin ag dul i méid. **"Tá easpa baill foirne orainn cheana féin," a deir sé. "Is fadhb ollmhór í i dtaobh an eagraithe."**

Paindéim sa mhullach orainn is muid ag cur ina coinne

Nuair a cuireadh dianghlasáil i bhfeidhm i Maracó san earrach, ní raibh ar an taifead sa tír ach 77 cás coróinvíris. Bhí an rialtas ag faire ar chúrsaí sa Spáinn, áfach, áit a raibh slad déanta ag an víreas in áiteanna, agus bhí a fhios ag oifigigh nach raibh na hacmhainní ag córas sláinte na tíre chun ráig den chineál céanna a chosc. "Dá mbeadh an leibhéal céanna galair anseo is a bhí san Eoraip, bheadh an ceann is fearr faighte orainn," a deir an Dr Marhoum.

Mar gheall ar na dianbhearta a cuireadh i bhfeidhm, d'éirigh le Maracó líon na mbásanna a choinneáil íseal. Bhí an ráta básmhaireachta – líon na mbásanna i gcoibhneas le líon na n-ionfhabhtuithe – sa chéad ráig ar cheann de na rátaí is ísle ar domhan. Mar atá amhlaidh in áiteanna eile san Afraic, maítear gur mar gheall ar dhaonra Mharacó a bheith óg go bhfuil an ráta báis íseal.

Mar gheall ar na babhtaí dianghlasála, bhí an t-am ag an rialtas freisin chun saoráidí tástála, láithreáin ghréasáin agus beolínte a chur ar bun chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Bhí an rialtas ag obair le comhlachtaí domhanda mar an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun feabhas a chur ar a fhreagairt don phaindéim, agus bhailigh sé maoiniú a raibh géarghá leis ó iasachtóirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear **an Banc Eorpach Infheistíochta, a bhfuil iasacht €200 milliún á soláthar aige le haghaidh soláthairtí míochaine, le haghaidh oiliúna agus le haghaidh bearta eile chun an córas sláinte a threisiú. Chosain na hiarrachtaí sin córas sláinte leochaileach na tíre agus an 9 200 dochtúir san earnáil phoiblí agus d'fhág siad nár cuireadh strus as cuimse orthu.**

Teagmháil sheasta

Cuireadh Maracó faoi dhianghlas seachtain amháin tar éis do Hervé Guenassia, oifigeach iasachta sinsearach de chuid an BEI agus ceannaire tíre do Mharacó, filleadh ar Lucsamburg ó Chasablanca. Bhí sé seasta i dteagmháil le húdaráis Mharacó de réir mar a tháinig an phaindéim chun cinn agus d'fhreagair an Banc go gasta d'iarraidh ar chabhair i mí an Mhárta. Am iasacht €200 milliún ó BEI, baintear úsáid aisti chun íoc as gairis, soláthairtí agus trealamh leighis. Mar gheall ar na téarmaí solúbtha a ghabhann leis an iasacht a tugadh do Mharacó, is féidir an t-airgead a úsáid le haghaidh aon cheannacháin sláinte a bhaineann le COVID-19 a rinneadh ón 1 Feabhra 2020, agus féadfaidh oifigigh cruthúnas ar cheannacháin a sholáthar nuair a bhíonn siad tugtha chun críche. Féadfar leas a bhaint as an iasacht chun íoc as suas le 90% de chostas an tionscadail, i bhfad os cionn na gnáthteorann 50%.

Shroich an t-airgead Maracó go gasta pras, agus eisíocadh €100 milliún in aon mhí amháin. "Bhí práinn agus brú ollmhór i gceist, mar bhí a fhios agam go bhfaigheadh othair bás murach muidne," a deir Guenassia. "Níor mhór beart práinneach a dhéanamh go beo."

D'úsáid Guenassia an iasacht sin a tugadh do Mharacó chun saoráid uileghabhálach a bhunú – Iasacht Chlár Cúraim Sláinte Poiblí COVID-19 na dTíortha Comharsanachta – chun cabhrú le comharsana de chuid an Aontais in Oirthear na hEorpa, sa Mheánoirthear agus i dTuaisceart na hAfraice teacht tríd an ngéarchéim. D'fhormheas bord an BEI an iasacht chláir nua go tapa, laistigh de mhí amháin. Bhí sé indéanta an iasacht sin a thabhairt a bhuí le Foireann na hEorpa, tionscnamh €36 bhilliún chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh déileáil leis an bpaindéim trí acmhainní a chur le chéile ón gCoimisiún Eorpach, na Ballstáit, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

Tacaíocht idirnáisiúnta a ghríosú

Tá Maracó ar cheann de na tíortha san Afraic is mó a ndeachaigh an coróinvíreas i bhfeidhm orthu. Deir Anna Barone, ceann Ionadaíocht an BEI i Maracó, gur nocht an phaindéim bearnaí ollmhóra i gcóras cúraim sláinte na tíre: bonneagar ospidéil neamhleor, easpa oibreoirí míochaine oilte agus difríochtaí móra ó thaobh clúdach cúraim sláinte. Ag tús na géarchéime, bhí Maracó i measc na dtíortha ag a raibh an líon ba lú leapacha ospidéil in aghaidh an daonra sa réigiún, gan aige ach 1.1 leaba in aghaidh gach 1 000 duine. Tá an caiteachas poiblí iomlán ar chúram sláinte íseal freisin i leith an réigiúin: thart ar $160 an duine a chaitear in aghaidh na bliana, a deir sí.

Cé gur dúshlán ollmhór fós é an easpa bonneagair, sa ghearrthéarma d'éirigh le Maracó freagairt go héifeachtach don ghéarchéim, agus airgead agus saineolas a mhealladh ón bpobal idirnáisiúnta. Tá dhá oiread an méid leapacha dianchúraim ag an tír anois: thart ar 3 000 leaba. Cuireadh ionaid tástála ar bun agus tá cinn nua á n-oscailt gach lá. Chabhraigh iasachtaí ón BEI agus iasachtóirí eile leis an tír íoc as soláthairtí, trealamh agus cóireálacha míochaine a raibh géarghá leo.

Ba dhúshlán ní ba mhó é, áfach, na foirne oibreoirí míochaine cáilithe a chur le chéile chun an phaindéim a throid. Tá easpa gairmithe míochaine cáilithe ann, go háirithe i gceantair thuaithe, agus d'fhéadfadh bonneagar teoranta a bheith sna ceantair sin agus mórbhacainní geografacha, amhail sléibhte nó fásach. "D'fhéadfadh an t-airgead go léir ar domhan a bheith acu, ach mura bhfuil na hoibreoirí acu chun na maisc a dháileadh agus na tástálacha saotharlainne a dhéanamh, beidh sé casta," a deir Dana Burduja, eacnamaí sláinte sinsearach de chuid an BEI, atá ag obair ar thionscadal Mharacó.

Thart ar aon trian den líon dochtúirí atá i Maracó in aghaidh gach 1 000 duine is atá ag an Túinéis, tír chomharsanachta (0.54 dochtúir in aghaidh gach 1 000 duine). Úsáidfear cuid den iasacht ón BEI le haghaidh infheistíochtaí "boga", amhail oideachas a chur ar chliniceoirí agus dochtúirí agus oiliúint a chur ar oibreoirí leighis agus oibreoirí riaracháin sna hospidéil.

Bóthar corrach chuig an gcúram uilíoch

Chuir Maracó tús le plean chun cúram sláinte uilíoch a thabhairt isteach in 2002. Cé go bhfuil an bóthar sin fada casta, tá torthaí bainte amach. Tá ionchas saoil ard ag daoine i Maracó, agus tá feabhas seasta tagtha ar phríomhtháscairí. Níl an ráta báis i measc naíonán, mar shampla, ach leath chomh hard is a bhí: tá laghdú tagtha air ó 42 bhás in aghaidh 1 000 naíonán a tháinig ar an saol beo in 2000 go 20 bás i measc na catagóire céanna naíonán in 2017.

Faoin iarracht is déanaí chun clúdach sláinte a leathnú, bunaíodh straitéis cúig bliana, ó 2017 go 2021, lena n-éilítear go bhfeabhsófar acmhainní ospidéil, go leathnófar clúdach míochaine chuig daoine féinfhostaithe nó chucu siúd atá i ngairmeacha rialáilte, go méadófar líon na bhfostaithe san earnáil sláinte agus go ndéanfar caighdeánú ar an oideachas a fhaigheann mic léinn leighis i Maracó.

Tá airgead curtha i dtreo na bpleananna sin ag an rialtas. Tháinig méadú 10% ar chaiteachas an rialtais ar shláinte ar bhonn ainmniúil in 2019, agus tháinig méadú 40% ar an infheistíocht fhoriomlán i gcúram sláinte, san earnáil phoiblí agus phríobháideach, de réir Oxford Business Group.

Is é fírinne an scéil é, áfach, nach furasta ag a lán de mhuintir Mharacó fáil a bheith acu ar chúram sláinte, go háirithe cúram príomhúil. Cé go n-éilítear faoi Sprioc 3 um Fhorbairt Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe go mbeidh rochtain uilíoch ar chúram sláinte, agus ar chúram sláinte bunúsach ar a laghad, níl rochtain ar an gcúram sin ag go leor de mhuintir Mharacó, toisc go bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe nó toisc nach bhfuil siad clúdaithe ag RAMED, an córas árachais phoiblí.

"Go bunúsach, fiú más rud é, ar pháipéar, go bhfuil sé de cheart ag daoine bochta agus daoine leochaileacha rochtain a bheith acu ar chúram sláinte saor in aisce," a deir Barone, "tá easpa mhór seirbhísí den sórt sin ann, i dtéarmaí struchtúir, foirne agus cáilíochta."

An ghéarchéim mar dheis athchóiriú a dhéanamh

Deir Barone go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar an mborradh mór a tháinig faoin tacaíocht idirnáisiúnta a fuair Maracó le linn na paindéime go mbeidh an móiminteam ann chun dul i ngleic leis na gnéithe atá fós gan réiteach chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú. "Caithfimid leas a bhaint as práinn na géarchéime chun leasuithe a thógann i bhfad níos faide de ghnáth a chur chun feidhme," a deir sí.

Tá ról ag an mBanc Eorpach Infheistíochta ansin freisin. Deir Barone gur féidir leis an mBanc cuidiú le cur leis an gcomhar idir na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cúram sláinte i Maracó, trí shaineolas agus tacaíocht theicniúil a sholáthar. Ina theannta sin, is féidir le banc an Aontais cabhair a thabhairt maidir le breis ospidéal a athchóiriú agus a thógáil, go háirithe i gceantair thuaithe.

Tá an tAontas Eorpach agus Maracó ag obair ar chlár oibre comhair nua don tréimhse 2021-2027, a d'fhéadfadh fuinneamh úr a thabhairt don athchóiriú. "D'fhéadfadh sé a bheith ina dheis ollmhór chun tosaíochtaí a leagan síos maidir leis an ngeilleagar a athsheoladh agus tacú leis an tsochaí," a deir Barone, "rud a d'fhágfadh go mbeadh cúram sláinte feabhsaithe ina cholún lárnach de théarnamh na tíre."

"Caithfimid leas a bhaint as práinn na géarchéime chun leasuithe a thógann i bhfad níos faide de ghnáth a chur chun feidhme."

AISLINGÍ NA nÓG A THABHAIRT SLÁN

Is féidir leis an oideachas a bheith thíos leis le linn tréimhsí dianghlasála. Ach rinne Maracó agus an Túinéis bearta gasta chun na rudaí a theastaíonn uathu a fháil do scoláirí ionas go bhféadfaidís coinneáil leis an bhfoghlaim.

Nuair a b'éigean scoileanna Mharacó a dhúnadh i mí an Mhárta de bharr na paindéime, bhí Ollscoil Fez Euromed ag obair go dian dícheallach chun ranganna ar líne a thairiscint do mhic léinn. Ach ní raibh an chianfhoghlaim éasca do go leor mic léinn, ar nós Wafa Harir, a chónaíonn thart ar 100 ciliméadar ó dheas ó Fez. "Bhí an nasc mall agus ní fhéadfaí brath air, bhí ag teip ar láithreáin lódáil i gceart," a deir Harir, mac léinn atá ag gabháil don innealtóireacht dhigiteach agus don intleacht shaorga. Níos measa fós, baineann costas ard leis an tseirbhís sonraí móibíleacha a theastaíonn chun freastal ar na ranganna ar líne.

I gcás Harir agus breis is 400 mac léinn eile san ollscoil, ní raibh a ríomhaire glúine féin acu ná rochtain iontaofa ar an idirlíon. Rinne an ollscoil iarraidh speisialta ar chúnamh, toisc go raibh maoiniú curtha ar fáil cheana ag an BEI chun í a thógáil, i gcomhar leis an Aontas Eorpach. Thug an Banc Eorpach Infheistíochta agus Toscaireacht an Aontais i Maracó €500 000 ón gCoimisiún Eorpach don ollscoil chun cabhrú le mic léinn a bheith ag obair ón mbaile. **"Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, bhagair an neamhchinnteacht ar aislingí na mac léinn," a deir Didier Bosman, innealtóir sinsearach leis an BEI. "Ní hé an aidhm a bhí againn cúrsaí a chur ar ais sa chaoi a mbídís, ach gnáthchur chuige nua a chur ar fáil do mhic léinn a raibh sé sin tuillte acu, ionas go bhféadfaidís a bheith ag foghlaim agus iad faoi bhláth."**

Cúpla seachtain tar éis don Aontas an t-airgead sin a chur ar fáil, seachadadh 420 ríomhaire glúine, a raibh rochtain neamhtheoranta ar an idirlíon ag gabháil leo, do mhic léinn nach raibh ríomhairí acu agus a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta ina raibh sé deacair nascadh leis an idirlíon.

Díríodh an oibríocht sin ar chailíní a raibh ríomhaire agus rochtain ar an idirlíon ag teastáil uathu. Tá Nouhayla Chahm, 21, sa cheathrú bliain den chúrsa innealtóireachta sibhialta. **"Táim buíoch den ollscoil agus den Aontas Eorpach as an misneach agus an fuinneamh a thabhairt dom chun leanúint ar aghaidh,"** a deir sí. Toisc go bhfuil gráid an-ard bainte amach ag Chahm, is féidir léi a ríomhaire glúine a choinneáil ar feadh trí bliana. Ina theannta sin, chabhraigh an deontas printéirí 3T a cheannach chun maisc in-athúsáidte agus scagairí indiúscartha a dhéanamh do mhic léinn agus don fhoireann.

Faoiseamh sa Túinéis

Tá feabhsúcháin á ndéanamh ar an Scoil Idirnáisiúnta i dTúinis faoi phlean chun an tríú cuid de mheánscoileanna na tíre a nuachóiriú. Tá an tionscadal, dar luach €220 milliún, á mhaoiniú ag rialtas na Túinéise, an BEI, KfW na Gearmáine agus deontas ón Aontas Eorpach. Ach nuair a bhí mic léinn ag ullmhú i gcomhair a scrúduithe deiridh, chuir Aireacht Oideachais na Túinéise amach glao práinneach ar chabhair toisc nach raibh soláthairtí sláintíochta aici, amhail maisc agus díghalrán láimhe, chun iad a choinneáil slán.

Ghníomhaigh Bosman, innealtóir de chuid an BEI, arís. Bhí a fhios aige go raibh barrachas €8 milliún gan choinne ann i leith chomhaontú iasachta an Bhainc don tionscadal feabhsúcháin scoile, toisc go raibh dímheas déanta ar dhinar na Túinéise. Mhol sé go n-úsáidfeadh an Banc cuid den bharrachas sin chun trealamh sláintíochta práinneach a sholáthar i scoileanna na Túinéise. Níor thóg sé ach seachtain 750 000 masc aghaidh agus 102 500 lítear díghalráin láimhe a ordú do 240 000 mac léinn agus 160 000 múinteoir agus ball foirne.

DLÚTHPHÁIRTÍOCHT I dTAOBH VACSAÍNÍ

Faoi thionscnamh ceannródaíoch domhanda chun tionchar sláinte agus eacnamaíoch na paindéime a mhaolú, gheobhaidh tíortha bochta rochtain ar vacsaín COVID-19 san Afraic

Níl aon duine sábháilte go dtí go mbeidh gach duine sábháilte, toisc go mbíonn galair aicídeacha beag beann ar theorainneacha. Chun gach duine a chosaint, caithfidh rochtain a bheith ag gach uile thír, bíodh sí saibhir nó bocht, ar vacsaín COVID-19.

Is é sin an misean atá ag an tionscnamh ceannródaíoch COVAX – atá faoi stiúir ag grúpa comhpháirteach ina bhfuil Gavi, an Chomhghuaillíocht Vacsaíne, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Chomhghuaillíocht um Nuálaíochtaí maidir le hUllmhacht d'Eipidéimí. Le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ón gCoimisiún Eorpach, tá sé ina aidhm ag COVAX rochtain chothrom ar vacsaín COVID-19 a áirithiú ar fud na ngeilleagar go léir.

"Cé go bhfacamar bacainní á gcur in airde timpeall na hEorpa chun leathadh an ionfhabhtaithe a chosc, bhí toilteanas ann freisin rannchuidiú lena chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ag gach tír ar na vacsaíní."

"Dáileadh cóir cothrom na vacsaíní COVID-19 a n-éiríonn leo, tá sé ríthábhachtach chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus chun an anachain a mhaolú i dtíortha i mbéal forbartha," a deir Raffaele Cordiner, oifigeach infheistíochta de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá ag obair ar an tionscadal. "An chomhiarracht atá á déanamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta agus ag an gCoimisiún Eorpach i gcáil Fhoireann na hEorpa, leagtar béim léi ar an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige iltaobhach maidir le fadhbanna sláinte domhanda a réiteach. Tá ionstraim airgeadais nuálach curtha le chéile ag an Eoraip lena léirítear an cineál dlúthpháirtíochta le daoine eile atá de dhíth anois agus muid sa bhearna bhaoil."

Tá suim €400 milliún á hinfheistiú ag an BEI i gCeanglas Réamhcheannaigh COVAX, an ionstraim mhaoiniúcháin nuálach a thacóidh le rannpháirtíocht 92 thír ar ioncam íseal nó ar meánioncam sa tSaoráid COVAX. Faoin ionstraim sin, beidh rochtain ag na tíortha sin ar dháileoga vacsaíní sábháilte, éifeachtacha i gcoinne COVID-19, dáileoga a bheidh á maoiniú ag deontóirí. Tabharfar tacaíocht bhreise maidir le hullmhacht tíortha agus maidir le seachadadh faoi stiúir Gavi agus a chomhpháirtithe sa Chomhghuaillíocht, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF), agus, idir sin agus COVAX, féachfar chuige gur féidir na daoine is leochailí i ngach tír ar domhan a chosaint sa ghearrthréimhse, beag beann ar ioncam.

Chomh maith leis an ráthaíocht is gné do COVAX maidir le rochtain chóir do gach tír, tá sé ina aidhm leis an ionstraim sin dlús a chur le forbairt agus monaraíocht vacsaíní COVID-19. Beidh tacaíocht ar fáil chun feachtais vacsaínithe a chur ar bun, lena n-áirítear an slabhra soláthair teochtrialaithe atá riachtanach chun na vacsaíní a dháileadh go héifeachtach.

> **"Ní fhacthas leithéid na géarchéime seo cheana i dtéarmaí chineál domhanda, sioncrónaithe an tionchair."**

Misean dlúthpháirtíochta

Tá beagnach 100 geilleagar rannpháirteach féinmhaoinithe ag cuidiú COVAX a mhaoiniú agus tá acmhainní á gcomhthiomsú acu ar mhaithe le vacsaíní a fhorbairt agus a cheannach. Idir an dá linn, tá 92 geilleagar ar ioncam íseal nó ar meánioncam ag glacadh páirt sa tsamhail sin, le tacaíocht airgeadais ó dheontóirí. Ina measc siúd tá tíortha san Afraic fho-Shaharach agus i gComharsanacht Theas an Aontais Eorpaigh, áiteanna nach mbeadh d'acmhainn acu íoc as vacsaíní murach COVAX. "Ba dhíol mór suntais é seo mar mhisean dlúthpháirtíochta," a deir Anna Lynch, speisialtóir sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, a bhí ag obair ar chomhaontú COVAX. "Cé go bhfacamar bacainní á gcur in airde timpeall na hEorpa chun leathadh an ionfhabhtaithe a chosc, bhí toilteanas ann freisin rannchuidiú lena chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ag gach tír ar na vacsaíní."

Tá baol ard ann go mbeidh tionchar geilleagrach tromchúiseach ag COVID-19 ar leath na dtíortha ar ioncam íseal agus an ceathrú cuid de na tíortha ar meánioncaim. Measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhféadfadh ocras a bheith ar 132 mhilliún duine breise ar domhan mar gheall ar thionchar na paindéime.

"Ní fhacthas leithéid na géarchéime seo cheana i dtéarmaí chineál domhanda, sioncrónaithe an tionchair," a deir Debora Revoltella, Stiúrthóir Roinn Eacnamaíochta an BEI. "Chuaigh sí i bhfeidhm ar bheagnach gach tír agus gach réigiún ar domhan. I gcás na dtíortha sin go léir nó a bhformhór, tá an phaindéim ar cheann de na buillí is measa riamh i gcoinne an fháis."

An rochtain chéanna ar vacsaíní ag cách, bídís saibhir nó bocht

Tá vacsaín ar cheann de na huirlisí is fearr chun tionchar na paindéime ar shláinte agus ar an ngeilleagar a shárú.

Tá forbairt réimse vacsaíní féideartha á maoiniú ag COVAX. Tá sé ag tacú le vacsaíní a mhonarú ar scála mór agus ag déanamh idirbheartaíocht leis na monaróirí i leith praghsanna vacsaíní. A bhuí leis na hinfheistíochtaí a dhéanann COVAX, tá sé ar chumas monaróirí an cumas monaraithe a leathnú láithreach, an vacsaín a tháirgeadh fiú agus é á mheas i dtrialacha cliniciúla agus sula mbíonn ceadúnas deonaithe ina leith. Má éiríonn leis an vacsaín, beidh na dáileoga sin ar fáil láithreach bonn.

Tá sé ina aidhm ag COVAX a chinntiú go mbeidh fáil ag gach tír, ar an amlíne luathaithe céanna tríd is tríd, ar dháileoga vacsaíne atá sábháilte agus éifeachtach. Tá sé sin riachtanach chun an phaindéim a chur faoi smacht agus a tionchar ar gheilleagair, ar phobail, ar dhaoine aonair, ar thrádáil agus ar thaisteal a laghdú.

I ndianchéim na paindéime, díreoidh COVAX ar sholáthar agus acmhainní leordhóthanacha a fháil chun vacsaíní a sholáthar do gach geilleagar ionas gur féidir leo na hoibrithe is mó atá i mbaol a chosaint – oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta, daoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil bunghalair orthu. Leithdháilfear vacsaíní go

cothrom idir geilleagair fhéin-mhaoinaithe agus iad siúd atá incháilithe faoin gCeanglas Réamhcheannaigh, bunaithe ar an gCreat um Leithdháileadh Cothrom atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

Ní neart go cur le chéile

Bhí seirbhísí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ag obair "ar a míle dícheall" chun an comhaontú COVAX a struchtúrú agus a shíniú, a deir Raffaele Cordiner, atá ag obair leis an mBanc. "Bhí comhoibriú agus luas den scoth le sonrú, ionas gur féidir linn deireadh a chur le géarchéim na paindéime agus geilleagair a athshlánú."

Tá an iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta faoi ráthaíocht ag an gCoimisiún Eorpach faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe, faoina gcuirtear chun cinn beartas um chúnamh forbartha réamhghníomhach agus faoina dtacaítear go príomha le hinfheistíochtaí i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh agus san Afraic. Tá an iasacht sin anuas ar shuim €100 milliún ón Aontas Eorpach chun tacú le COVAX.

Tríd an gcur chuige domhanda sin maidir le vacsaíniú, déanfar an téarnamh sóisialta agus geilleagrach a chumasú agus laghdófar an baol go dtiocfaidh ráig eile den ghalar. Léiríonn COVAX gur fíor i ndáiríre é nach neart go cur le chéile.

"Tá ionstraim airgeadais nuálach curtha le chéile ag an Eoraip lena léirítear an cineál dlúthpháirtíochta le daoine eile atá de dhíth anois agus muid sa bhearna bhaoi."

AN BHAGAIRT AICÍDEACH EILE

Deir gnólacht bithleighis atá ag obair ar vacsaín nua eitinne go bhfuil an vacsaín ríthábhachtach don domhan i mbéal forbartha

Is éigeandáil dhomhanda í an eitinn le 30 bliain anuas. Meastar go bhfuil an galar sin ar an gceathrú cuid de mhuintir an domhain. Is fadhb mhór é i dtíortha i mbéal forbartha, áit a gcuireann an bhochtaineacht agus éagobhsaíocht rialtais isteach ar chláir atá in ann é a choinneáil faoi smacht. Ach tá formhór na hearnála biteicneolaíochta ag déanamh neamhaird de.

Níl Leander Grode. "Táim ag obair ar an gcúis bháis is measa ar domhan, agus, dá réir, an galar aicídeach is contúirtí ar domhan," a deir sé.

> "Tá fíorbhearna ann maidir leis an maoiniú i gcomhair taighde cliniciúil ar ghalair aicídeacha."

Tá géarghá le vacsaíní níos sábháilte agus níos éifeachtaí i gcoinne na heitinne. An phríomhvacsaín a úsáidtear sa lá atá inniu ann, BCG, tá sí thart ar 100 bliain d'aois. Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €30 milliún i mí Lúnasa le Vakzine Projekt Management (ar a dtugtar VPM freisin), faoi choimirce Grode, chun taighde na céime déanaí a dhéanamh ar VPM1002, vacsaín nua na cuideachta atá ceaptha chun eitinn i measc naíonán a chosc.

Ríthábhachtach i leith na hAfraice agus VEID

A lán daoine a fhaigheann vacsaín BCG, fós féin buaileann an eitinn iad. Tá súil ag VPM go mbeidh cosaint níos fearr ag daoine a thógfaidh an druga nua dá chuid. Tá iasacht an BEI cuimsithe i gcomhaontú níos mó a bhféadfadh €15 mhilliún a bheith san áireamh ann chun tacú le cógas i gcoinne VEID, an víreas is cúis le SEIF. San Afraic, is é an eitinn an galar is coitianta i measc daoine a bhfuil VEID orthu. "Ní féidir linn stopadh ag troid i gcoinne galair cosúil leis an eitinn," a deir Raffaele Cordiner, oifigeach iasachta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta a bhí ag obair ar an maoiniú i gcomhair VPM. "Tá súil againn a bheith sa chéim aistrithe maidir le COVID-19 sula i bhfad, ach tá an eitinn thart le 200 000 bliain ar a laghad."

Scaipeann an eitinn agus COVID-19 ó dhuine go duine ar an gcaoi chéanna, a bheag nó a mhór, trí bhraoiníní beaga bídeacha a scaoiltear amach san aer nuair a dhéanann duine casacht nó sraothartach. Cosúil leis an gcoróinvíreas, cruthaíonn an eitinn fadhbanna móra sna scamhóga mura ndéantar cóireáil ina coinne, ach ionsaíonn sí an inchinn, na duáin agus an chnámh droma freisin.

Má cheapann daoine go bhfuil an coróinvíreas cealgach, ba chóir dóibh féachaint cén chaoi a n-oibríonn an eitinn, a deir Sina Brückner, bainisteoir tionscadail atá ag obair ar an vacsaín nua de chuid VPM. "Is galar an-chliste í an eitinn, atá imithe in oiriúint go mór do dhaoine," a deir sí. "Tá sé an-deacair troid ina coinne agus is féidir léi a bheith ina cúis le go leor fadhbanna sláinte. Téann daoine gan bhia, éiríonn siad an-tanaí, ní féidir leo ithe. I gcomparáid leis an gcoróinvíreas, is deacra i bhfad cur i gcoinne na heitinne. Is leibhéal iomlán difriúil atá i gceist."

Níos mó maoinithe i leith vacsaín eitinne don domhan i mbéal forbartha

Tá maoiniú ar cheann de na constaicí is mó maidir le vacsaíní nua eitinne. Is le tíortha i mbéal forbartha is mó a chuidíonn an vacsaín sin, mar sin níl airgead mór le déanamh aisti ag cuideachtaí cógaisíochta, murab ionann agus cóireálacha i gcoinne ailse, a bhfuil brabús níos mó le déanamh ina leith.

Deir Cordiner, oifigeach iasachta leis an BEI, go bhfuil géarghá le comhaontuithe maoinithe ón gCoimisiún Eorpach nó ó thíortha de chuid an Aontais Eorpaigh chun cabhrú le cuideachtaí ar nós VPM. Féadann socruithe sainordaithe speisialta níos mó uirlisí agus níos mó maoinithe a thabhairt do bhanc an Aontais Eorpaigh chun tacú le taighde a mbaineann baol níos mó leis nó le teicneolaíochtaí neamhchruthaithe. Tá iasacht an BEI don vacsaín eitinne

ráthaithe ag an Imchlúdach Maoinithe Tionchair, a fhaigheann tacaíocht ó bhallstáit an Aontais agus a úsáidtear le haghaidh tionscadail forbartha in áiteanna bochta san Afraic. Is comhaontú caipitil fiontair í an iasacht a aisíocfar bunaithe ar thrialacha agus ar fheidhmíocht mhargaidh an chógais. Mura n-oibríonn an cógas, is féidir an iasacht a dhíscríobh.

Cógas inacmhainne agus oll-vacsaíniú

"Tá sé thar a bheith tábhachtach go maoineoimid tionscadail mar seo," a deir Anna Lynch, speisialtóir sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc. "Tá fíorbhearna ann maidir leis an maoiniú i gcomhair taighde cliniciúil ar ghalair aicídeacha, agus is minic a mbaineann an iomarca den fhrithghníomh le hinfheistíochtaí i gcomhair pataiginí a bhfuil baol mór i gceist leo. Tá súil againn gur féidir maoiniú amach anseo a threorú go gníomhach i gcomhréir le hualach na ngalar ar fud an domhain."

Is fochuideachta de chuid an Serum Institute of India é Vakzine Projekt Management, an monaróir vacsaíní is mó ar domhan. Ba é Cyrus Poonawalla a bhunaigh an chuideachta, agus dúirt seisean gurb iad na cuspóirí atá aige cógais a mhonarú ar phraghas inacmhainne don domhan i mbéal forbartha, agus an oiread daoine agus is féidir a vacsaíniú.

"Is eagraíocht iontach í an Serum Institute," a deir Cristina Niculescu, speisialtóir eile sna heolaíochtaí beatha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. "Tá sí faoi threoir i ndáiríre ag fealsúnacht dhaonchairdiúil maidir le vacsaíní inacmhainne."

An cógas nua atá ag VPM, beidh sé dírithe go príomha ar thíortha san Afraic fho-Shahárach ina mbíonn líon ard cásanna eitinne. Beidh na trialacha cliniciúla ar bun in Uganda, sa Ghabúin, sa Chéinia, sa Tansáin agus i Leosóta.

Deir Grode, stiúrthóir bainistíochta VPM, go bhfuil todhchaí gheal i ndán sa deireadh don taighde ar vacsaíní i gcoinne na heitinne agus galair aicídeacha eile, agus gurb é an coróinvíreas cuid den chúis atá leis sin.

"D'athraigh COVID an scéal," a deir sé. "Tá daoine ag teacht ar an tuiscint anois nach leor é fanacht leis na galair agus ansin iarracht a dhéanamh cóireáil a chur ar dhaoine le cógais nua. Ionas go mbeidh rath ar an gcine daonna feasta, ní mór dúinn vacsaíní níos fearr a bheith againn."

> **"Ionas go mbeidh rath ar an gcine daonna feasta, ní mór dúinn vacsaíní níos fearr a bheith againn."**

CÁIS ÓN tSEOIRSIA A BHFUIL BLAS NA hEILVÉISE UIRTHI

Bíonn feirmeoirí Seoirseacha faoi oiliúint le scoil talmhaíochta Eilvéiseach a bhuíochas le hiasacht atá ráthaithe ag an Aontas Eorpach

Is gné mhór d'fhéiniúlacht náisiúnta na Seoirsia í an talmhaíocht. Is talamh thalmhaíochta é leath de chríoch na tíre sin agus is thart ar an gcéatadán céanna sin den lucht saothair a bhíonn ag obair san earnáil, agus beagnach gach duine acu féinfhostaithe ar fheirmeacha beaga. Ach táirgiúlacht íseal a bhíonn i gceist agus is minic go mbíonn na feirmeoirí bocht. Chun an talmhaíocht a neartú agus cur leis an eolas atá ag feirmeoirí, tá gairmscoil ag oscailt in Sarkineti, sráidbhaile atá suite ar fhánaí na sléibhte gar do Dmanisi, 120 km ón bpríomhchathair, Tbilisi. Tá an scoil á hoscailt i gcomhar le scoil talmhaíochta sheanbhunaithe de chuid na hEilvéise. "Tá na dálaí nádúrtha in Dmanisi cosúil leo siúd san Eilvéis," a deir Tinatin Makharadze, stiúrthóir na scoile. "Tá an réigiún leochaileach, mar sin déanfaidh an tionscadal seo an saol a athbheochan agus cothófar deiseanna breise ioncaim."

I Scoil Talmhaíochta Eilvéiseach Caucasus, beidh cúrsaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ar fáil i bpórú eallach agus i dtáirgeadh déiríochta, i gcomhar le Plantahof na hEilvéise. Tionscnamh príobháideach neamhbhrabúis is ea é, agus feidhmeoidh sé a mhonarcha cháise agus a fheirm dhéiríochta féin. Maoineofar é trí iasacht ó Bhanc na Seoirsia, in éineacht le deontais ó chomhpháirtithe san Eilvéis agus sa tSeoirsia, ó Ghníomhaireacht Forbartha agus Comhoibrithe na hEilvéise agus ó Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe.

An comhar á neartú le comharsa luachmhar san Aontas

Shínigh an BEI iasacht €50 milliún le Banc na Seoirsia d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, ar eisíocadh cuid di in 2020. I mí na Nollag, shínigh an Banc iasacht bhreise €25 mhilliún mar chuid dá bhearta éigeandála chun cur i gcoinne COVID-19 faoi bhearta éigeandála Fhoireann na hEorpa. Ina sheal féin, tugann Banc na Seoirsia an t-airgead ar iasacht d'eintitis áitiúla, Scoil Talmhaíochta Eilvéiseach Caucasus ina measc. Ba í sin an chéad iasacht a rinne banc an Aontais Eorpaigh le Banc na Seoirsia ar cuireadh cuid di ar fáil san airgeadra áitiúil, rud a d'fhág nach raibh an tairbhí deiridh nochta don ráta malairte. "Tá éifeacht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach láithreach ag an iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar an margadh," a deir Levan Kobiashvili, Ceann an Aonaid Maoinithe i mBanc na Seoirsia. "Bhí ar ár gcumas an sochar a chur ar aghaidh chuig na FBManna i measc ár gcliaint, ar cuid thábhachtach iad dár bpunann."

An maoiniú tarraingteach ón BEI in airgeadra áitiúil, bhí sé indéanta mar gheall ar dheontais ón gCoimisiún Eorpach faoi Thionscnamh Limistéar Saorthrádála an Oirthir, tionscnamh domhain, cuimsitheach. "Sa tSeoirsia, tá FBManna ina gcuid lárnach den gheilleagar," a deir Andreas Berkhoff, an t-oifigeach iasachta de chuid an BEI a bhí ag obair ar an gcomhaontú. "Taispeánaimid go mbaineann FBManna leas as an gcomhar idir an tSeoirsia agus an tAontas Eorpach. Chun tacú leo, bímid ag obair i ndlúthchomhar le Toscaireacht an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún faoi chreat Chomhpháirtíocht an Oirthir." Tagann tacaíocht an Aontais do FBManna i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir faoin tionscnamh EU4Business. Is croí-chomhpháirtí de chuid an tionscnaimh sin é Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

PÁISTÍ DIGITEACHA

Leis an oideachas digiteach, tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar scoileanna na Seirbia chun cur leis an teacht aniar atá ag an tír ó thaobh na heacnamaíochta de – agus chun dul i ngleic le paindéimí ar nós COVID-19 amach anseo

Bhí tionchar ollmhór ag an bpaindéim ar an oideachas, agus chuaigh dúnadh scoileanna agus ollscoileanna i bhfeidhm ar níos mó ná 90% de mhic léinn agus scoláirí an domhain in 194 thír. B'éigean do rialtais freagairt go gasta agus cianfhoghlaim a chur ar bun. Chuir a lán acu tús le cláir foghlama ar líne. Nuair nach raibh sé sin indéanta, d'iompaigh siad ar an teilifís, nó fiú ar an raidió.

Ach nocht an ghéarchéim an deighilt dhigiteach idir tíortha agus laistigh de thíortha. Thug sí chun solais an gá atá ann, ar fud an domhain, an earnáil oideachais a athrú ó bhonn. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ina chuid den athrú mór sin.

Sa tSeirbia, le cabhair ón mBanc, beidh feidhm dhigiteach ag gach scoil faoi 2021. Is iad an digitiú agus athchóiriú an oideachais an dá phríomhthosaíocht atá ag rialtas na Seirbia. Thacaigh an Banc Eorpach Infheistíochta le hiasacht €65 mhilliún chun bonneagar digiteach agus ábhair theagaisc dhigiteacha a uasghrádú, chomh maith le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí (le tacaíocht ó UNICEF). Toisc gur tionscadal chomh tábhachtach é, tá an Banc ag maoiniú beagnach 60% den chostas iomlán €111 mhilliún. Tacóidh €4 mhilliún bhreise le cúnamh teicniúil agus le hobair chomhairleach in 2021.

"An phaindéim COVID-19 agus na srianta sóisialta a chuireadh i bhfeidhm mar gheall uirthi, chuir siad isteach go mór ar chórais agus próisis oideachais," a deir Isabelle Stoffel, an t-oifigeach sinsearach iasachta de chuid an BEI a bhí ag obair ar an gcomhaontú. "Léirigh na cúinsí sin, cúinsí nach bhfacthas a leithéid roimhe seo, go gcuireann bonneagar digiteach níos fearr le héifeachtúlacht na scoileanna i gcás éigeandálaí. Chomh maith le teacht aniar níos fearr a chothú i leith géarchéimeanna amach anseo, beidh sé ina thoradh ar an infheistíocht sin go gcothófar na dálaí atá de dhíth i gcomhair infhostaitheacht i measc an aosa óig, iomaíochas níos airde agus borradh a bheith faoin nuálaíocht sa tír."

Nuair a cuireadh an tSeirbia faoi dhianghlasáil i mí an Mhárta, tosaíodh ag teagasc ar an teilifís in ionad sna seomraí ranga. Thosaigh an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Forbartha Teicneolaíochta ag craoladh ábhar oideachasúil do dhaltaí bunscoile agus ardscoile ar chainéil teilifíse poiblí náisiúnta na Seirbia. Cosúil le go leor tíortha eile, b'éigean don tSeirbia smaoineamh go gasta agus dul in oiriúint "don ghnáthshaol nua" trí ábhar speisialaithe a tháirgeadh i gcomhair ranganna éagsúla.

Tá ábhar digiteach oideachais á ullmhú ag an tSeirbia le cúpla bliain anuas, áfach. "Fiú amháin roimh an tionscadal seo, bhí ábhar foghlama ar líne ullmhaithe ag an rialtas do cheithre rang bunscoile, ábhar a bhí an-úsáideach le linn na dianghlasála," a deir Milan Dobrijević, atá i gceannas ar rannóg an chláir oibre dhigitigh san Aireacht Trádála, Turasóireachta agus Teileachumarsáide, agus atá ag obair ar an tionscadal ó bunaíodh é.

Ó tharla go bhfuil feabhsúchán ar bhonneagar digiteach *agus* ábhair theagaisc sna scoileanna san áireamh sa tionscadal, tá na haireachtaí teileachumarsáide agus oideachais áitiúla á chur chun feidhme. "Faoi dheireadh na bliana seo chugainn, beidh níos mó ná 1 800 scoil mhór faoi chlúdach iomlán ag seirbhís ardluais gan sreang ar an idirlíon, agus beidh na scoileanna iargúlta eile nasctha le haonaid leathanbhanda mhóibíligh," a deir Dobrijević.

Ó chrua-earraí go bogearraí

"Chomh maith leis an mbonneagar digiteach a fheabhsú, tá oiliúint múinteoirí ar fud na tíre i gceist leis an tionscadal," a deir Nihan Koseleci Blanchy, eacnamaí oideachais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. "Ina theannta

> **"Is céim ríthábhachtach é an méid sin i bplean na Seirbia chun bheith ina geilleagar digiteach."**

sin, tá Aireacht Oideachais na Seirbia ag forbairt ábhair teagaisc agus téacsleabhair idirghníomhacha ar líne ag an am céanna."

San iomlán, gheobhaidh timpeall 50 000 múinteoir ar fud na tíre an deis a gcuid scileanna digiteacha a fheabhsú tríd an oiliúint seo. "Is céim ríthábhachtach é sin i bplean na Seirbia chun bheith ina geilleagar digiteach," a deir Koseleci Blanchy.

Tá ról an oideachais maidir le digitiú aitheanta ag an tSeirbia. De réir Eurostat, tá leibhéal na scileanna digiteacha atá ag daoine sa tSeirbia méadaithe go 46% in 2019 ó 32% in 2015. In 2018, bhí 2 000 seomra ranga ina raibh trealamh digiteach ar fud na Seirbia. Bliain ina dhiaidh sin, os cionn 10 000 a bhí i gceist. Agus, ag tosú ón scoilbhliain seo, beidh an ríomheolaíocht ina hábhar éigeantach do rang a haon, agus tabharfar isteach an ríomhchlárú i rang a trí. "Cuideoidh na cláir seo go léir leis an teacht aniar atá i gcóras oideachais na Seirbia, lena gcinnteofar go ndéanfar forbairt ar scileanna a chothaíonn smaointe agus teicneolaíochtaí nua," a mhíníonn Koseleci Blanchy.

Rinne siad a gcuid obair bhaile

Sa Chróit freisin, bhain páistí scoile leas as na buntáistí a bhaineann le dea-phleanáil dhigiteach. Chuir an tír tús le clár digitithe scoile roinnt blianta ó shin agus é ina aidhm oideachas ardchaighdeáin a sholáthar ina mbaintear leas as na huirlisí digiteacha is nuaí sa teagasc agus san fhoghlaim. Áiríodh sa phlean ábhar nua ar líne, bogearraí, oiliúint do mhúinteoirí agus do bhaill foirne scoile, agus suiteáil trealaimh nua.

Cuireadh tús leis an gclár digitithe sin ar fud na tíre le treoirthionscadal ó 2015 go 2018, a chlúdaigh níos mó ná 150 scoil, nó 10% de scoileanna na tíre. Sa dara céim, a chríochnaigh in 2019, clúdaíodh na scoileanna a bhí fágtha. Chabhraigh an clár iomlán le scoláirí i níos mó ná 1 300 scoil a bheith ag aireachtáil níos compordaí agus iad ag obair agus ag foghlaim ar líne.

Thug JASPERS (An Chomhpháirtíocht chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa) cúnamh le hullmhú an tionscnaimh agus fuair sé tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach agus an BEI. Cuidíonn JASPERS le réigiúin agus le cathracha feabhas a chur ar an gcaoi a n-úsáideann siad cistí de chuid an Aontais Eorpaigh. Chabhraigh JASPERS leis an gCróit an clár iomlán a ullmhú, lena n-áirítear comhairle a chur faoin gcaoi a gcuidítear le páistí de bharr chomhtháthú na teicneolaíochta faisnéise sa chóras oideachais, a spreagtar foghlaim ar feadh an tsaoil dá bharr agus a dtéann sé chun leasa gheilleagar agus forbairt shóisialta na tíre.

Nuair a cuireadh tús leis na babhtaí dianghlasála in 2020, chabhraigh an clár digitithe agus bearta oideachais eile a bhí i bhfeidhm cheana féin le haistriú réidh a dhéanamh chuig scolaíocht bhaile sa Chróit. Bhí daltaí bunscoile agus scoláirí meánscoile in ann leanúint ar aghaidh ag obair ar líne gan briseadh ón bhfoghlaim nuair a dúnadh na scoileanna i lár mhí an Mhárta.

CÁ AS A dTAGANN AN tAIRGEAD?

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta an t-iasachtaí agus an t-iasachtóir iltaobhach is mó dá bhfuil ann, agus d'éirigh leis €70 billiún a thiomsú ar na margaí caipitil idirnáisiúnta in 2020. Téann eisiúint an Bhainc chomh fada le hinfheisteoirí nach nós leo infheistiú san Eoraip de ghnáth ach a chuireann tionscadail Eorpacha chun cinn go hindíreach trí infheistiú i mbannaí an BEI.

D'eisigh an Banc bannaí i 19 n-airgeadra, ach is sna trí chroíairgeadra (an euro, dollar na Stát Aontaithe agus punt na Ríochta Aontaithe) a bhí an chuid ba mhó acu. Cuireann éagsúlacht foinsí agus téarmaí bonn solúbtha faoi straitéis mhaoinithe an Bhainc. Lena chois sin, cuireann an cur chuige ilairgeadraí ar chumas an BEI fáil a bheith aige ar roinnt airgeadraí áitiúla i gcomhair eisíocaíochtaí.

AN BEI SNA MARGAÍ

Chuir an phaindéim brú mór ar an tsláinte phoiblí agus ar an ngeilleagar – chomh maith leis an mbealach a bhfeidhmíonn margaí agus institiúidí airgeadais. I mí an Mhárta, nuair a d'eisigh an BEI an chéad bhanna tagarmharcála fornáisiúnta ó thosaigh an phaindéim, thug gníomhaíocht an Bhainc treoir don mhargadh. Bhí sé ina aidhm againn solúbthacht a léiriú maidir le dul in oiriúint do chúinsí dúshlánacha, athraitheacha, agus aird a dhíriú an tráth céanna ar fhreagairt thapa an BEI i limistéir ina raibh tacaíocht ag teastáil láithreach, **a deir Eila Kreivi, Stiúrthóir Margaí Caipitil an BEI.**

Tá breis is leathbhliain caite ag baill foirne an BEI ag plé le hidirbhearta agus iad ag obair ón mbaile, agus i rith an ama sin léirigh an Banc, na hardbhainisteoirí agus na hinfheisteoirí a raibh baint acu lenár gcomhaontuithe tiomantas don chianobair a dhéanamh le chéile, faoi dhálaí éiginnte an mhargaidh.

Ní raibh tionchar ábhartha ag na pacáistí freagartha paindéime ar mhéid chlár maoinithe an BEI toisc go raibh ár bpríomhfhreagairt i bhfoirm ionstraimí a raibh ráthaíochtaí ag gabháil leo.

EISIÚINT DE RÉIR AIRGEADRA

EUR



Gné dhearfach amháin a bhain leis an mbliain seo ab ea an borradh a bhí ar an maoiniú i gcomhair cuspóirí sóisialta. Tháinig méadú ar an méid bannaí sóisialta go háirithe, agus is féidir linn a rá go bhfuil dul chun cinn mór déanta, gan amhras, maidir le gné shóisialta an airgeadais. Níl an ghné sin i bhfad taobh thiar den ghné airgeadais ghlais a thuilleadh.

Bhí páirt ag an BEI ansin freisin. Ní raibh ann ach mí Aibreáin nuair a leathnaigh an BEI na coinníollacha incháilitheachta dá Bhannaí Feasachta Inbhuanaitheachta, rud a dhírigh aird ar bhearta éigeandála an Bhainc i ndáil le cúram sláinte. Seoladh creat na mbannaí sin in 2018, tráth ar díríodh iad ar thionscadail uisce, ach leathnaíodh an creat chuig an earnáil sláinte amach sa bhliain 2019. Leis na bannaí sin, táthar ag tógáil ar an saineolas a fuarthas le Bannaí Feasachta Aeráide, creat bannaí glasa a bhunaigh an BEI in 2007. Léiríonn na coinníollacha incháilitheachta i leith na mBannaí Feasachta Inbhuanaitheacha raon leathan maoinithe atá ar fáil ón BEI chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus a hiarmhairtí, ar fud raon leathan beart práinnfhreagartha sláinte nó geilleagrach náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le pleananna ullmhachta don todhchaí.

Rinneamar comhtháthú iontu ar chritéir scagtha theicniúla atá ailínithe le Tacsanomaíocht Inbhuanaitheachta an Aontais Eorpaigh. Go dtí seo, is i gcás incháilitheacht na mBannaí Feasachta Aeráide is ábhartha atá sé sin, gné a leathnaíodh i gcomhréir le Tacsanomaíocht an Aontais ionas gur mó atá i gceist ná éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, ach go bhfuil dhá réimse bhreise san áireamh freisin a bhaineann leis an maolú ar an athrú aeráide: taighde, forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin; agus bonneagar iarnróid leictreach agus rothstoc leictreach, mar aon le busanna leictreacha.

BUAICPHOINTÍ PHLEAN OIBRIÚCHÁIN AN GHRÚPA

Baineann neamhchinnteacht ollmhór leis an bpaindéim dhomhanda. Rinneadh an ghéarchéim suaitheadh mór ar an ngeilleagar agus rinneadh athrú as cuimse ar oibríochtaí Ghrúpa an BEI mar gheall uirthi. Ina ainneoin sin, **tá Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta tiomanta do chur leis an tacaíocht don téarnamh.**

Cuirfimid leis an maoiniú don aeráid agus don chomhshaol. Tugtar breac-chuntas sa Treochlár nua um Banc Aeráide ar an gcaoi a gcomhlíonfaimid ár gcuspóirí idir 2021 agus 2025. Ceann de mhórdhúshláin na linne seo is ea dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Coinneoimid orainn ag cur comhtháthú chun cinn i measc thíortha an Aontais Eorpaigh. Is iomaí difríocht struchtúrach atá ann fós idir na Ballstáit agus bhí sé sin le sonrú go háirithe le linn na géarchéime COVID-19, a bhfuil réigiúin áirithe buailte níos measa ná a chéile aici. Táimid tiomanta don sásra atá ag an gCoimisiún Eorpach maidir le hAistriú Cóir. Agus muid ag cabhrú le réigiúin atá ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, cinnteoimid nach bhfágfar daoine inár ndiaidh nuair a thiocfaidh athrú ar thionscail agus nuair a chaillfear poist.

Tacóidh Grúpa an BEI leis an athrú ó bhonn a dhéanfar ar chuideachtaí ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a spreagfaidh an nuálaíocht, a chuirfidh le héifeachtúlacht na gcuideachtaí agus a chuirfidh feabhas ar sheirbhísí. Cabhróimid le cuideachtaí dlús a chur lena ndigitiú chun cur leis an teacht aniar agus leis an táirgiúlacht. Tá easpa shuntasach infheistíochta sa nuálaíocht agus sa digitiú san Eoraip, agus tá sé sin ag déanamh dochar don fhorás geilleagrach agus d'iomaíochas domhanda an Aontais Eorpaigh.

Beimid ag obair go crua chun sainorduithe an Aontais a chur chun feidhme sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil nua agus beimid ag obair leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun tacú le plean an Aontais maidir leis an gCéad Ghlúin Eile, ar mhaithe leis an téarnamh geilleagrach. Leis sin, tacófar leis an téarnamh tar éis na géarchéime agus soláthrófar bunús láidir don fhorás inbhuanaithe san fhadtréimhse, bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh: gníomhaíocht ar son na haeráide, teicneolaíocht dhigiteach agus comhtháthú.

Beidh an méid maoinithe lasmuigh den Aontas Eorpach ar aon dul leis an maoiniú a rinneadh le blianta beaga anuas. Beimid ag díriú ar an ngéarchéim COVID-19, ar ghnólachtaí beaga agus ar infheistíochtaí eile lena spreagtar téarnamh geilleagrach agus lena dtéitear i ngleic leis an athrú aeráide. Tacóimid le níos mó tionscadal a chabhróidh le tíortha i mbéal forbartha freastal ar riachtanais cúraim sláinte atá ag dul i méid, agus a threiseoidh geilleagair ionas go mbeidh siad in ann an fód a sheasamh nuair a tharlaíonn géarchéimeanna eile.

Tiocfaidh méadú nach beag ar ghníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh Infheistíochta in 2021, mar gheall ar a ról lárnach i gCiste Ráthaíochta na hEorpa de chuid is mó agus mar gheall ar bhearta freagartha eile chun dul i ngleic leis an ngéarchéim COVID-19. Glacfaidh an Ciste Eorpach Infheistíochta freagracht as Cistí Aeráide agus Bonneagair an BEI in 2021.

Gníomhaíochtaí nua an Chiste Ráthaíochta Eorpaigh, tá siad sa bhreis ar an maoiniú a chuirtear i láthair inár bPlean Oibriúcháin. Leis an maoiniú ón gciste nua sin, tabharfar cúnamh breise do ghnólachtaí, bídís beag nó mór, chun dul i ngleic le riachtanais cúraim sláinte agus chun íoc as taighde míochaine.

Neartófar rialachas an Ghrúpa le clár nua riosca agus comhlíontachta a bheidh faoi mhaoirsiú ag Roman Escolano, a ainmníodh mar Phríomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí an Ghrúpa in 2020. Tá neartú déanta ar Choiste Iniúchóireachta Ghrúpa an BEI freisin. Clúdaíonn rialachas an ghrúpa na rialacha agus na próisis a úsáidtear chun an Banc a bhainistiú.

Bainfidh Grúpa an BEI leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim chun féachaint cén chaoi ar féidir linn bealaí oibre nua a aimsiú, mar aon le bealaí chun ár gcúraimí a thabhairt chun críche. Tá go leor fostaithe i mbun cianoibre le linn na paindéime.

Léigh an Plean Oibriúcháin iomlán i gcomhair 2021 ag
www.eib.org/en/publications

RIALACHAS

Is éard atá sa BEI ná comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach do na Ballstáit, agus banc a chloíonn leis an dea-chleachtas baincéireachta is infheidhme ó thaobh cinnteoireachta, bainistíochta agus rialuithe de.

Ag tús 2020, bhí an **Bord Gobharnóirí** comhdhéanta d'airí rialtais, Airí Airgeadais de ghnáth, as gach ceann de na 28 mBallstát, mar a bhí an tráth sin (le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, 27 mBallstát a bhí fágtha). Is iad na Gobharnóirí a leagann síos na treoirlínte maidir le beartas creidmheasa an Bhainc agus a dhéanann formheas ar na cuntais bhliantúla uair sa bhliain. Déanann siadsan na cinntí faoi mhéaduithe caipitil agus faoi rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí maoinithe taobh amuigh den Aontas Eorpach. Is iadsan freisin a cheapann an Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta. D'aontaigh Gobharnóirí an BEI d'aon toil in 2019 nach mbeadh aon tionchar ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar bhonn láidir caipitil shuibscríofa an BEI. Méadaíodh caipiteal suibscríofa na Polainne agus na Rómáine sa BEI ar an 1 Márta 2020, rud a chiallaíonn gur mó bonn caipitil an BEI anois ná roimh an Breatimeacht.

Is é **an Bord Stiúrthóirí** a dhéanann cinntí ar iasachtaí, cláir iasachta agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí maoinithe. Tagann na stiúrthóirí le chéile deich n-uaire sa bhliain lena chinntiú go mbíonn an Banc á rith de réir chonarthaí an Aontais Eorpaigh, reacht an Bhainc féin, agus treoracha ginearálta arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí. Amhail ón 1 Feabhra 2020, is ann do 28 stiúrthóir, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach. Is ann do 31 stiúrthóir malartach chomh maith. Chun cur le saineolas gairmiúil an Bhoird Stiúrthóirí, féadtar seisear saineolaithe a chomhthoghadh chun bheith páirteach i gcruinnithe an Bhoird mar chomhairleoirí gan ceart vótála. Déantar cinntí trí thromlach a ionadaíonn nach lú ná 50% de chaipiteal suibscríofa na mBallstát agus aon trian de na comhaltaí Boird a bhfuil ceart vótála acu, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Reacht. Déanann an tUachtarán cathaoirleacht ar an mBord, ach gan ceart vótála a bheith aige nó aici.

Is é **an Coiste Bainistíochta** comhlacht cinnteoireachta an Bhainc ar an láthair. Déanann sé maoirseacht ar reáchtáil an Bhainc ó lá go lá, ullmhaíonn cinntí don Bhord Stiúrthóirí agus déanann cinnte de go gcuirtear na cinntí sin chun feidhme. Tagann comhaltaí an choiste sin le chéile uair sa tseachtain. Bíonn an Coiste Bainistíochta ag obair faoi údarás an Uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí. Is iad leasuachtaráin an BEI an t-ochtar comhaltaí eile. Maireann téarma in-athnuaite na gcomhaltaí suas le sé bliana agus níl siad freagrach ach don Bhanc amháin.

Tá **Coiste Iniúchóireachta** neamhspleách ag an mBanc, agus é freagrach go díreach don Bhord Gobharnóirí. Tá sé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Bhainc agus as a dhearbhú go mbíonn gníomhaíochtaí an Bhainc ag teacht leis an dea-chleachtas baincéireachta. Cuirtear ráiteas an Choiste Iniúchóireachta faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí i dteannta na tuarascála bliantúla ón mBord Stiúrthóirí. Seisear comhaltaí atá ar an gCoiste Iniúchóireachta agus maireann a dtéarma neamh-inathnuaite ar feadh sé bliana airgeadais as a chéile.

SÚIL CHUN CINN

AN MÉID A BHFUIL SÚIL AG BAILL FOIRNE LÁRNACHA DE CHUID AN BEI A FHEICEÁIL INA nEARNÁIL NÓ A MARGADH FÉIN IN 2021.

Ní féidir infheistíocht tháirgiúil a dhéanamh sa gheilleagar mura rud é gur infheistíocht inbhuanaithe í. Níor thug an BEI acmhainní airgeadais amháin mar fhreagra ar an bpaindéim, ach thug sé tiomantas daingean freisin d'úsáid inbhuanaithe a bhaint as na hacmhainní sin. Is colún an chuntasacht agus tá sé beartaithe ag an mBanc a mhaoiniú glas a rianú de réir Rialachán Tacsanomaíochta an Aontais Eorpaigh, an creat a bhunaigh an tAontas Eorpach in 2020 chun an infheistíocht inbhuanaithe a éascú. Léirímid an próiseas leanúnach sin sna margaí caipitil trí Bhannaí Feasachta Aeráide agus Inbhuanaitheachta a eisiúint, a ndéantar iad a leithdháileadh ar infheistíochtaí a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na gné glaise nó na gné sóisialta de, agus orthu sin amháin. In 2020, tháinig méadú ar luach na mbannaí sin a eisíodh go dtí níos mó ná €10 billiún, nó 15% de chlár maoinithe iomlán an Bhainc, i gcomparáid le 7% in 2019. Ba cheart leathnú a dhéanamh ar na coinníollacha incháilitheachta in 2021 ionas go n-áireofar leo bithéagsúlacht agus tithíocht shóisialta inacmhainne.

Aldo Romani, Ceann an Mhaoinithe Inbhuanaitheachta, an Stiúrthóireacht Airgeadais

Tá seirbhísí uisce agus fuíolluisce, ar bunchloch iad a bhíonn faoi shochaí fholláin, tar éis an fód a sheasamh le linn na paindéime. Bhí an Banc in ann cabhrú le cliaint a raibh deacrachtaí gearrthéarmacha acu mar gheall ar bhabhtaí dianghlasála agus mar gheall gur cuireadh isteach ar a ngnó, agus is amhlaidh go deimhin gur tháinig méadú éigin ar an ngníomhaíocht san earnáil sin in 2020. Leis an mbuanseasmhacht sin, leagtar béim ar a réamhbhreathnaitheach is atáthar san earnáil. Táimid ag súil go leanfaimid leis an ról tábhachtach atá againn mar chomhpháirtí san earnáil sin sna blianta amach romhainn.

Thomas van Gilst, Ceann um Shlándáil agus Teacht Aniar i dtaobh Uisce, an Stiúrthóireacht Tionscadal

Chuireamar tús le hathchóiriú ar Chaighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta an BEI, obair a bheidh le críochnú in 2021. An cur chuige a bhíodh againn, bhíodh sé dírithe ar chomhlíonadh agus ar dhochar a sheachaint, ach anois táimid ag dul i dtreo beart dearfach a dhéanamh maidir le rannchuidiú le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil. Maidir le bithéagsúlacht, tá sé ina aidhm againn anois gur glantionchar dearfach a imreoimid inár dtionscadail. Trí dheireadh a chur le caillteanas na bithéagsúlachta i dtionscadail arna maoiniú ag an mBanc, tá súil againn cuidiú stop a chur le cur le leathadh pataiginí ar nós COVID-19 feasta. Agus lena chinntiú gur féidir muid a choinneáil cuntasach as an uaillmhian sin, tá córas forbartha againn chun gach infheistíocht chomhshaoil a rianú ar fud ghníomhaíochtaí maoinithe an Bhainc, rud a thabharfaidh treoir agus bonn eolais d'fhorbairt córais rianaithe ar an maoiniú comhshaoil faoi Ardán an Aontais Eorpaigh um Maoiniú Inbhuanaithe in 2021. Ar an gcaoi sin beimid ag rannchuidiú le hinfheistíochtaí glasa a shainiú ar fud an Aontais.

Adina Relicovschi, Ceann Beartais Comhshaoil, an Stiúrthóireacht Tionscadal

Lasmuigh den Eoraip, agus an t-aistriú fuinnimh ar bun, feicimid borradh ag teacht faoi oibríochtaí cumaisc nua le comhpháirtithe tábhachtacha, amhail an Coimisiún Eorpach, an pobal maoinithe forbartha agus foinsí príobháideacha maoinithe, chun cumhacht agus teas glan a thabhairt chomh fada le daoine. Ní bheidh sé éasca tionchar a imirt agus beidh tiomantas agus comhar láidir de dhíth ina leith sin ar fud an Bhainc.

Dirk Roos, Ceann na gClár
Aistrithe Fuinnimh,
an Stiúrthóireacht Tionscadal

Feicim i bhfad níos mó béime á cur ar theicneolaíocht dhigiteach agus ar dhigitiú – an meon seo ó thaobh an cúnamh teicniúil nuálach atá de dhíth orthu a thabhairt do ghnólachtaí beaga, go háirithe trí mhoil nuálaíochta digití. Ní mór dúinn cabhair bhreise a thabhairt d'fhiontraithe agus do ghnóthais bheaga chun borradh a chur faoina gcuid smaointe, agus ionas gur féidir leo leathnú a dhéanamh orthu féin agus táirgí nua a chur ar an margadh. Feicim go leor athruithe ag teacht ar thionscail éagsúla: pacáistíocht bhithbhunaithe, táirgí in-bhithmhillte, éadaí athchúrsáilte, agus sa gheilleagar ciorclach. Beidh go leor den athrú sin dírithe ar thomhaltóirí: déanfar táirgí níos inbhuanaithe agus laghdófar an méid dramhaíola. Feicim níos mó béime á leagan freisin ar hidrigin mar ghné thábhachtach dár gcóras fuinnimh nua agus chun dícharbónú a dhéanamh ar ár dtionscail throma. Chabhraigh an phaindéim linn teacht ar thuiscint ar an tábhacht mhór a bhainfidh leis an nuálaíocht dhigiteach agus le réitigh dhigiteacha, amhail teicneolaíochtaí blocshlabhra, olltiomsú sonraí, teicneolaíocht spáis agus fiú teicneolaíocht chandamach ó thaobh dul i ngleic leis na géarchéimeanna sláinte agus aeráide, i gcás gnólachtaí agus na sochaí trí chéile. Fágann sé sin go bhfuil deis chinniúnach ann don BEI anois ó thaobh cuidiú le hinfheistíocht a ghríosú sna réimsí ríthábhachtacha sin.

Shiva Dustdar, Ceann na Rannóige
Seirbhísí Comhairleacha
um Maoiniú na Nuálaíochta,
an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

De réir mar a tháinig an ghéarchéim COVID-19 sa mhullach orainn, chuir Seirbhís Chomhairleach an BEI tacaíocht ar fáil do chliaint chun cabhrú leo déileáil leis na cúinsí eisceachtúla a bhí i réim agus dul in oiriúint dóibh. Bhí cineálacha éagsúla tacaíochta i gceist leis sin: comhairle maidir le cén chaoi an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní a bhí ar fáil ón Aontas Eorpach chun dul i ngleic le tionchar na géarchéime, agus cén chaoi acmhainní éagsúla a chur le chéile, cuidiú bainistíocht a dhéanamh ar athchinneadh tosaíochtaí i dtaobh na hinfheistíochta, nó fiú rannchuidiú le píblíne na n-iarrthóirí ar vacsaín. Ag féachaint chun cinn dúinn, beidh an tacaíocht chomhairleach lárnach maidir le dlús a chur le hinfheistíochtaí atá dírithe ar an am atá le teacht agus ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach laistigh den Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. Cé go bhfuil sé riachtanach cáilíocht na dtionscadal infheistíochta a áirithiú, feicimid ról méadaithe freisin do Sheirbhísí Comhairleacha an BEI maidir le treochtaí straitéiseacha agus na pointí trasnaithe eatarthu a thuiscint, bearnaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a aithint, agus réitigh nithiúla a fhorbairt i leith na ndúshlán atá romhainn.

Simon Barnes, Stiúrthóir,
an Rannóg Seirbhísí Comhairleacha,
an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Chuir an BEI cúnamh láithreach ar fáil dá chliaint i Lár agus Oirdheisceart na hEorpa trí dhlús a chur le heisíocaíochtaí agus trí shaoráid thiomnaithe COVID-19 dar luach €1 bhilliún a chur ar fáil ar fud an réigiúin. Cé go raibh an réigiún in ann déileáil réasúnta maith leis an gcéad ráig COVID-19, buille trom a bhí sa dara ráig i bhfómhar na bliana 2020 agus measaimid go leanfaimid lenár ngníomhaíocht iasachta i leith na géarchéime sin ar feadh cuid mhaith de 2021.

Anita Fuerstenberg-Lucius,
Stiúrthóir, Lár agus
Oirdheiscirt na hEorpa,
an Stiúrthóireacht Oibríochtaí

TÁ TUILLEADH EOLAIS FAOIN MAOINIÚ ATÁ CURTHA AR FÁIL AG GRÚPA AN BEI MAR FHREAGAIRT AR GHÉARCHÉIM COVID-19 LE FÁIL AG:

www.eib.org/covid-19

RÉITIGH GHÉARCHÉIME

TUARASCÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA 2020



Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

Is iad an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta atá i nGrúpa an BEI.

print: ISBN 978-92-861-4890-3
pdf: ISBN 978-92-861-4866-8

GA 03/2021